


Oifig an  
Office of the



**Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**  
**Director of Public Prosecutions**

# Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí

[5<sup>ú</sup> hEagrán – Nollaig 2019]



Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí  
Bóthar na hOtharlainne  
Baile Átha Cliath 7  
D07 FHN8



+ 353 1 858 8500



+ 353 1 642 7406



[www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie)

# Contents

Céard iad na nithe nua sa 5ú hEagrán de na Treoirínte? .....	4
<b>1</b> Réamhrá .....	5
<b>2</b> An Córas Ionchúisimh in Éirinn .....	6
<b>3</b> Cód Eitice .....	9
<b>4</b> An Cinneadh i dTaobh Ionchúiseamh a Dhéanamh .....	12
<b>5</b> Athstúradh Ógchiontóirí agus Ionchúiseamh Leanai .....	21
<b>6</b> An Cúiseamh a Roghnaítear .....	23
<b>7</b> An tIonchúisitheoir agus an tImscrúdaitheoir .....	25
<b>8</b> Ról an Ionchúisitheora sa Chúirt .....	28
<b>9</b> Nochtadh .....	32
<b>10</b> Pléití Réamhthrialach maidir le Pléadálacha .....	39
<b>11</b> Achomhairc i gCoinne Ionchúisimh agus Athbhreithnithe ar Phianbheithianna .....	42
<b>12</b> Cearta Íospartaigh na Coireachta .....	46
<b>13</b> Triail Achomair .....	55
<b>14</b> Fianaise Comhchoirithe .....	57
<b>15</b> Coigistiú, Forghéilleadh agus Dícháiliú .....	59
<b>16</b> Cumarsáid leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí .....	64
<b>AGUISÍN 1:</b> Taifid Chomhairleoireachta a Nochtadh .....	69
<b>AGUISÍN 2:</b> Imeachtaí ar Shlí seachas go Poiblí .....	70
<b>AGUISÍN 3:</b> Fianaise a Thabhairt trí Nasc Teilifíse Beo, trí Idirghabhálaí agus trí Scáileáin a Chur .....	71
<b>AGUISÍN 4:</b> Fianaise i ndáil le Taithíocht Chollaí .....	72
<b>AGUISÍN 5:</b> Ionadaíocht Dhlíthiúil i gCás go dTabharfar Fianaise i ndáil le Taithíocht Chollaí ar Aird .....	73
<b>AGUISÍN 6:</b> Comhairle Dlí .....	74



# Céard iad na nithe nua sa 5ú hEagrán de na Treoirlínte?

Is é seo an 5<sup>ú</sup> heagrán de na 'Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí'. Foilsíodh na Treoirlínte den chéad uair sa bhliain 2001, agus é mar aidhm leo prionsabail a leagan amach i dtéarmaí ginearálta chun tionscnamh agus seoladh ionchúiseamh in Éirinn a threorú. Tá siad ceaptha chun treoir ghinearálta a thabhairt d'ionchúisitheoirí ionas go mbeidh an próiseas ionchúisimh bunaithe ar bheartas atá cóir, réasúnaithe agus comhsheasmhach.

Foráiltear le hAirteagal 30.3 de Bhunreacht na hÉireann gur in ainm an Phobail a dhéanfar gach coir indíotáilte a ionchúiseamh. Trí na treoirlínte a chur ar fáil, cuirfear arís eile le tuiscint níos fearr ar an bpróiseas ionchúisimh a thabhairt do na saoránaigh ar thar a gceann a dhéantar ionchúisimh.

Tá na treoirlínte ar fáil i bhfoirm leictreonach ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

Tá an Cód Eitice d'Ionchúisitheoirí, atá leagtha amach i gCaibidil 3, ar fáil mar dhoiciméad ar leith ar an suíomh Gréasáin freisin.

Déanfar athbhreithniú ar na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí mar phróiseas leanúnach lena léireofar athruithe reachtacha agus athruithe nós imeachta sa chóras ceartais choiriúil.

Oiriúnaíodh an téacs a mhéid ab fhéidir ach úsáid a bhaint as tuairiscí atá neodrach ó thaobh inscne de agus as teanga atá cuimsitheach i leith daoine faoi mhíchumas; mar sin féin, beidh sé riachtanach ó am go chéile tagairt go díreach do théarmaí a tógadh as reachtaíocht ón am atá thart, ar téarmaí iad a bhféadfadh nach mbeadh siad ag teacht leis an úsáid a bhfuil glacadh léi inniu.

## CÉARD IAD NA NITHE NUA SAN EAGRÁN SEO?

Áirítear iad seo a leanas leis na caibidilí aonair a ndearnadh athruithe substainteacha orthu:

### Caibidil 9: Nochtadh

Nuashonraíodh an Chaibidil seo chun go n-áireofaí léi an nós imeachta cúirte le haghaidh taifid chomhairleoireachta a nochtadh, mar a fhoráiltear dó le halt 19A den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna chur isteach le halt 39 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017, a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2018.

### Caibidil 11: Achomhairc i gCoinne Ionchúisimh agus Athbhreithnithe ar Phianbheithheanna

Athstruchtúraíodh an Chaibidil seo chun go léireofaí inti na cineálacha achomharc agus dlínsí cúirte atá ann. Cuireadh an cásdíl le déanaí léi freisin.

### Caibidil 12: Cearta Íospartaigh na Coireachta

Rinneadh an Chaibidil seo a nuashonrú agus a athbhreithniú chun forálacha an Achta um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, forálacha an Achta um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, agus forálacha an Achta um Fhoréigean Baile, 2018, a léiriú. Tháinig forálacha na nAchtanna sin i bhfeidhm ar dhátaí éagsúla sna blianta 2017, 2018 agus 2019.

### Caibidil 15: Coigistiú, Forghéilleadh agus Dícháiliú

Nuashonraíodh an Chaibidil seo chun forálacha I.R. Uimh. 540 de 2017 – Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ionstraimeachtaí agus Fáltais ó Choireacht a Chalcadh agus a Choigistiú), 2017 – a léiriú. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm an 28 Samhain 2017.

### Caibidil 16: Cumarsáid leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Nuashonraíodh an rannán ar shonraí pearsanta chun na forbairtí reachtacha a tháinig i bhfeidhm i réimse na cosanta sonraí sa bhliain 2018 a léiriú, ba iad sin, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, Treoir 2016/680/AE agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.

# 1: Réamhrá

- 1.1** Tá gá le hionchúiseamh cóir, éifeachtach ionas go bhfeidhmeoidh córas ceartais choiriúil go cuí agus go gcoimeádfar réimeas dlí agus oird ar bun. Tá leas ag na daoine atá bainteach le coir – an t-íospartach, an cúisí agus na finnítithe - mar aon leis an tsochaí trí chéile, sa chinneadh duine a ionchúiseamh nó gan é a ionchúiseamh, an cion atá i gceist, agus toradh an ionchúisimh.
- 1.2** Tá gach cás uathúil agus ní mór gach cás a bhreithniú ar a thuillteanais féin. Ar an ábhar sin, níl aon fhoirmle shimplí ann atá infheidhmithe chun freagra simplí a thabhairt ar na ceisteanna nach mór d'ionchúisitheoir aghaidh a thabhairt orthu. Ach tá prionsabail ghinearálta ann ar ceart úsáid a bhaint astu mar thaca don chur chuige maidir le hionchúiseamh; dá ainneoin sin, beidh ar an ionchúisitheoir, mar gheall ar fhíorais ar leithligh gach cáis, cumas breithiúnais agus roghnaithe a úsáid le linn na prionsabail sin a chur i bhfeidhm.
- 1.3** Is é cuspóir na dTreoirlínte d'ionchúisitheoirí seo ná prionsabail a leagan amach i dtéarmaí ginearálta ar prionsabail iad is ceart a úsáid mar threoir le linn ionchúisimh a thionscnamh agus a sheoladh in Éirinn. Níl sé i gceist go gcealófaí leis aon treoracha níos mionsonraithe atá ann faoi láthair maidir le haon ní áirithe. Is é atá i gceist ná treoir ghinearálta a thabhairt d'ionchúisitheoirí maidir leis na nithe atá le cur san áireamh ag na céimeanna éagsúla d'ionchúiseamh ionas go mbeidh polasaí cóir, réasúnaithe, comhréireach ann mar thaca don phróiseas ionchúisimh.
- 1.4** Níl sé beartaithe leis na Treoirlínte seo aon riail dlí a leagan síos agus ní leagtar aon riail dlí síos leo. An tOireachtas agus na cúirteanna a dhéanann rialacha dlí. Go feadh an méid go bhfuil rialacha dlí ann cheana féin lena rialaithear polasaí ionchúisimh, tá sé beartaithe go léireodh na Treoirlínte na rialacha sin. Níl na Treoirlínte á n-eisiúint de bhun aon dualgais reachtúil ná de bhun aon chumhachta reachtúla.
- 1.5** Nuair a úsáidtear an téarma 'ionchúisitheoir' sna Treoirlínte ciallaíonn sé gach duine nó aon duine díobh seo a leanas, ach sin ag brath ar an gcomhthéacs ina n-úsáidtear an focal: an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (DPP) agus oifigigh an Stiúrthóra sa Rannán Stiúrtha, Rannán na nAturnaetha agus Rannán na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh in Oifig an DPP; na hAturnaetha Stáit áitiúla a sholáthraíonn seirbhís aturnaie i gceantair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath; abhcóidí a ghníomhaíonn thar ceann an Stiúrthóra de réir mar is gá ó chás ar cás; agus comhaltaí den Gharda Síochána a dhéanann ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra. Tagann aturnaetha agus abhcóidí faoi réir chaighdeáin ghairmiúla a ngairmeacha faoi seach agus níl sé i gceist go ndéanfadh na Treoirlínte, ná ní fhéadfadh na Treoirlínte ionad na gcaighdeán sin a ghlacadh nó feidhm na gcaighdeán sin a mhaolú. A mhéid a bhaineann sé le hionchúisitheoirí a ghníomhaíonn thar ceann an Stiúrthóra, cé nach bhfuil siad fostaithe ag an Stiúrthóir, té sé beartaithe leo na caighdeáin agus an t-iompar a bhfuil an Stiúrthóir ag súil leo i gcás daoine a ghníomhaíonn thar a cheann a leagan amach.
- 1.6** Ní hionann feidhmiú na bprionsabal atá leagtha amach sna treoirlínte agus ceangal a chur ar an Stiúrthóir aon ghníomh áirithe a dhéanamh in aon chás áirithe, ná ní fhéadfaí ceangal den sórt sin a chur air dá bharr sin, agus ní chuireann sé srian ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, ar a oifigigh, a ghníomhairí nó a abhcóidí le linn aon rogha a fheidhmiú go cuí a thugtar d'aon duine díobh maidir le breithniú a dhéanamh, ar a thuillteanais féin, ar aon chas áirithe nó ar aon sraith imthosca.
- 1.7** Ní airbheartaíonn na Treoirlínte déileáil leis na ceisteanna go léir a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa phróiseas ionchúisimh ná le gach gné de ról an ionchúisitheora i dtaca le cinneadh na gceisteanna sin. Tá sé beartaithe go mbeidh na Treoirlínte ina dhoiciméad oibre agus, ag féachaint d'imthosca áirithe, beidh gá lena choigeartú nó beidh gá le nithe a chur leis. Dá réir sin, coimeádfar faoi athbhreithniú é agus athchóireofar é ó am go ham. Tá sé i gceist go bhfeidhmeodh na treoirlínte ón lá a bhfoilséofar iad. Ní gá go léireofaí iontu polasaithe a bhí a bhfeidhm aon dáta roimhe sin.

## 2: An Córas Ionchúisimh in Éirinn

**2.1** Ní thuairiscítear ná ní leagtar amach an córas ionchúisimh in Éirinn go hiomlán in aon doiciméad amháin ar leithligh. Is é is foras leis ná Bunreacht na hÉireann agus an dlí reachtúil, go háirithe an tAcht um Ionchúiseamh i gCionta 1974 lenar bunaíodh oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. D'fhorbair an córas ionchúisimh in Éirinn as an dlí coiteann agus is é an dlí coiteann, is é sin le rá an dlí atá ceaptha ag breithiúna, is bonn le cuid mhór cleachtas tábhachtach agus rialacha tábhachtacha in Éirinn.

**2.2** Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 30.3 de Bhunreacht na hÉireann:

“I gcás gach coir agus cion dá dtugtar in aon chúirt a bhunaítear faoi Airteagal 34 den Bhunreacht seo, ach amháin cúirt dlínse achomair, is in ainm an Phobail agus ar agra an Ard-Aighne, nó ar agra dhuine éigin eile a údaráitear ina chomhair sin de réir dlí, a dhéanfar an cúiseamh.”

**2.3** 2.3 Le halt 9(2) den Acht Breithiúnais Choiriúla, (Riara), 1924, tugtar cumhacht don Ard-Aighne chun gach ionchúiseamh a sheoladh in aon chúirt dlínse achoimre ach amháin na cinn sin a dhéanann Aire, Roinn Stáit nó duine eile atá údaraithe le dlí a ionchúiseamh.

**2.4** Leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 bunaíodh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí mar oifigeach údaraithe de réir dlí chun gníomhú d'fhonn ionchúiseamh a dhéanamh in ainm an Phobail de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 30.3 den Bhunreacht. Foráiltear mar a leanas le halt 3(1) d'Acht 1974:

“Faoi réir fhorálacha an Achta seo, comhlíonfaidh an Stiúrthóir na feidhmeanna go léir is féidir leis an Ard-Aighne a chomhlíonadh, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, maidir le hábhair choiriúla agus maidir le hachainíochas toghcháin agus achainíochas reifrinn agus forléireofar dá réir sin tagairtí

don Ard-Aighne in aon reacht nó ionstraim reachtúil a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an tosach feidhme sin.”

**2.5** Dá bhrí sin, thug Acht 1974 feidhm ionchúisimh, ar díotáil agus go hachomair don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Gach ionchúiseamh coiriúil a dhéantar ar díotáil, déantar iad in ainm an Phobail de réir rogha an Stiúrthóra ach amháin catagóir theoranta cionta a ionchúisítear de rogha an Ard Aighne.

**2.6** Foráiltear le halt 2(5) d'Acht 1974 go mbeidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí neamhspleách ag comhlíonadh fheidhmeanna an Stiúrthóra dó. Le halt 6(1) d'Acht 1974, neartaítear an neamhspleáchas sin trína fhoráil go bhfuil sé neamhdhleathach do dhaoine – seachas íospartach coire, duine de theaghlach íospartaigh coire, duine cúisithe, duine de theaghlach duine chúisithe nó dlíodóir, dochtúir nó oibrí sóisialta atá ag gníomhú thar ceann cliaint – cumarsáid a dhéanamh leis an Stiúrthóir nó le hoifigigh de chuid an Stiúrthóra chun tionchar a imirt ar dhéanamh cinntí áirithe. Ina measc sin, áirítear cinntí chun imeachtaí coiriúla nó aon chúiseamh áirithe in imeachtaí coiriúla a tharraingt siar, nó gan imeachtaí coiriúla nó aon chúiseamh áirithe in imeachtaí coiriúla a thionscnamh, cinntí chun iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú pianbhreithe, cinntí chun iarratas a dhéanamh ar ordú um atriall, nó cinntí chun cead a lorg achomharc a dhéanamh i gcoinne éigíontú. Rinneadh éifeacht agus feidhm alt 6(1) d'Acht 1974 a leathnú le halt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil 1993 agus le hailt 21 agus 29 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010. Tá tuilleadh eolais maidir le cumarsáid leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le fáil i gCaibidil 16.

**2.7** Feidhmíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an dlí coiriúil go neamhspleách sna cúirteanna thar ceann Phobal na hÉireann. Chun na críche sin stiúrann sé ionchúisimh phoiblí ar díotáil agus maoirsionn sé sna cúirteanna iad agus tugann treoir ghinearálta agus comhairle don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre

agus treoir shonrach sna cásanna sin a n-éilítear í. Cinneann an Stiúrthóir an ndéanfar daoine a ionchúiseamh i gcionta coiriúla agus cad iad na cúisimh ba chóir a thabhairt. Tá sainiú déanta ag an Stiúrthóir lonchúiseamh Poiblí ar a mhisean agus is é sin “soláthar a dhéanamh thar ceann Phobal na hÉireann ar sheirbhís ionchúiseamh a bhíonn neamhspleách, cothrom agus éifeachtach”.

**2.8** Is é atá in Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí ná trí rannán dlí, is iad sin, an Rannán Stiúrtha, an Rannán Aturnaetha agus an Rannán Seirbhísí Tacaíochta lonchúiseamh. Tá Rannán Riaracháin ann freisin, rud a sholáthraíonn na seirbhísí eagrúcháin, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig. Is é atá sa Rannán Stiúrtha ná líon beag oifigeach gairmiúil, idir abhcóidí agus aturnaetha, a bhfuil mar phríomhfheidhm acu aighneachtaí a dhéanamh chuig an Stiúrthóir, cinní a dhéanamh maidir le hionchúisimh choiriúla a thionscnamh nó leanúint díobh, agus treoracha agus ordacháin leanúnacha a thabhairt don Rannán Aturnaetha, d’aturnaetha Stáit áitiúla agus d’abhcóidí maidir le seoladh imeachtaí coiriúla.

**2.9** Maidir le teacht i láthair na Cúirte thar ceann an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí, is foireann dlí lánaimseartha sa Rannán Aturnaetha a dhéanann uirill thar ceann an Stiúrthóra i ngach cúirt i mBaile Átha Cliath nó is Aturnaetha Stáit áitiúla a dhéanann sin i gcúirteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Mar cheannasaí ar an Rannán Aturnaetha tá an Príomh-Aturnae lonchúisimh a fheidhmíonn mar aturnae don Stiúrthóir. Tá an Rannán comhdhéanta d’aturnaetha agus d’fheidhmeannaigh dlí a n-áirítear ar fhreagrachtaí:

- ullmhú agus seoladh cásanna achoimre thar ceann an Stiúrthóra i ngach cúirt a shuíonn i mBaile Átha Cliath;
- treoracha ón Rannán Stiúrtha a fheidhmiú;
- leabhair fhianaise ar chásanna indíotáilte a ullmhú;
- mionteagasc agus treoir a thabhairt d’abhcóidí a bhíonn ainmnithe chun ionchúisimh a sheoladh;
- freastal ar thrialacha agus tuairisc a thabhairt ar a dtoradh don Rannán Stiúrtha;

- seirbhís idirchaidrimh a sholáthar le gníomhaireachtaí agus páirtithe a mbíonn baint acu leis an bpróiseas coiriúil íospartaigh agus teaghlaiigh ina measc;
- toiliú go ndéileálfaí le cásanna áirithe go hachomair seachas ar díotáil.

**2.10** Tacaíonn an Rannán Seirbhísí Tacaíochta lonchúiseamh leis an obair ionchúisimh choiriúil i roinnt réimsí mar seo a leanas:

- An Dlí Idirnáisiúnta, lena n-áirítear barántais ghabhála Eorpacha, eiseachadadh agus cúnaimh dlíthiúil frithpháirteach;
- Idirchaidreamh Íospartach, chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí i dtaca le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartach faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017;
- Beartas agus Taighde lonchúiseamh, lena n-áirítear bainistíocht eolais agus faisnéise.

**2.11** Tá cásanna coiriúla roinnte i dhá chineál – cionta indíotáilte agus cionta achoimre.

#### (i) Cionta Indíotáilte:

- is cásanna níos tromchúisí iad;
- is breitheamh agus ghiúiré a éisteann iad sa Chúirt Choiriúil Chuarda nó Phríomh-Chúirt Choiriúil;
- baineann na pianbhreitheanna is tromchúisí leo má chiontaítear an cúisí;
- is féidir déileáil leo uaireanta sa Chúirt Choiriúil Speisialta ag triúr breithiúna a shuíonn gan ghiúiré;
- bíonn siad faoi réir achomhairc chuig an gCúirt Achomhairc.

#### (ii) Cionta Achoimre:

- cionta nach bhfuil chomh tromchúiseach;
- éisteann breitheamh gan ghiúiré iad sa Chúirt Dúiche agus ar a n-achomharc chuig an gCúirt Chuarda;
- ní bheidh siad faoi réir ag uasphianbhreith príosúin is mó ná 12 mhí d’aon chion amháin..

**2.12** Is abhcóide a bhíonn ag cleachtadh ag an mBarra a bhíonn fostaithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar bhonn cás ar chás a láimhseálann seoladh trialacha ar díotáil. Déanann an t-abhcóide ionchúiseamh de réir threoracha an Stiúrthóra.

**2.13** An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre a thugtar sa Chúirt Dúiche tugtar iad in ainm an Stiúrthóra. I gcleachtas is comhaltaí de chuid an Gharda Síochána a dhéanann uirióll ar an gcuid is mó acu gan tagairt shonrach d'Oifig an Stiúrthóra ach amháin i gcásanna a n-éilítear ar an nGarda Síochána treoir a lorg ón Stiúrthóir (féach míreanna 7.4, 7.7, agus 13.3 thíos) nó sa chás go lorgaíonn siad treoir ar aon chúis eile. Faoi alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005, beidh ar chomhaltaí de chuid an Gharda Síochána a dhéanfaidh ionchúiseamh go hachomair sin a dhéanamh in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ní mór dóibh gach treoir a thugann an Stiúrthóir a chomhlíonadh cibé de chineál gearálta nó sonrach. Féadfaidh an Stiúrthóir seoladh ionchúisimh a thionscnaíonn Garda a ghlacadh ar láimh tráth ar bith. Eisíonn an Stiúrthóir treoracha ginearálta anois a rialaíonn seoladh ionchúiseamh in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus is féidir iad a fháil ar [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie). Sna treoracha ginearálta sin, leagtar amach na catagóirí cásanna ar ina leith atá an cinneadh i dtaobh ionchúiseamh a thionscnamh, nó leanúint ar aghaidh le hionchúiseamh, le déanamh ag an Stiúrthóir, agus ag an Stiúrthóir amháin, agus na cásanna sin ina bhfuil údarás tarmhligthe chuig an nGarda Síochána maidir le himeachtaí coiriúla a thionscnamh gan comhairle a ghlacadh le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**2.14** Níl aon fheidhm imscrúdaithe ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. I gcóras ceartais choiriúil na hÉireann is é feidhm an Gharda Síochána cionta coiriúla a imscrúdú. Chomh maith leis sin tá údarás imscrúdaithe speisialta ann maidir le catagóirí áirithe sonracha coireanna, lena n-áirítear an tÚdarás Iomaíochta maidir le cionta in aghaidh na nAchtanna Iomaíochta; brainse imscrúdaithe na gCoimisinéirí Ioncaim i gcás cionta ioncaim; an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le cionta a bhaineann le sábháilteacht agus leasa ag an obair; agus Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmíú

Corparáideach a dhéileálann le cionta in aghaidh an dlí cuideachtaí. Ní liosta iomlán é sin. Ní féidir leis an Stiúrthóir gearáin faoi iompar coiriúil a chuirtear chuige a imscrúdú ach cuirtear ar aghaidh go dtí Coimisinéir an Gharda Síochána iad nó chuig ceann de na húdaráis imscrúdaithe chun na cinntí agus an gníomh cuí a ghlacadh. Siúd is nach bhfuil aon fheidhm imscrúdaithe ag an Stiúrthóir comhoibríonn sé féin agus a Oifig go rialta leis an nGarda Síochána agus le gníomhaireachtaí imscrúdaithe eile le linn imscrúduithe coiriúla go háirithe ó thaobh comhairle chuí dlí agus ionchúisimh a sholáthar. Tá an caidreamh idir ionchúisitheoirí agus imscrúdaitheoirí pléite níos iomláine i gCaibidil 7.

**2.15** Tá an chumhacht ag go leor gníomhaireachtaí imscrúdaithe ionchúiseamh achomair a dhéanamh gan tagairt don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Is ag an Stiúrthóir amháin atá an chumhacht ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh (ach amháin cásanna a ndéileálann an tArd-Aighne leo). Nuair a bhíonn cion sách tromchúiseach, nó nuair a d'fhéadfadh cion a bheith sách tromchúiseach, lena thriail ar díotáil cuireann an t-imscrúdaitheoir comhad ar aghaidh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Is é an Stiúrthóir, nó duine dá chuid oifigeach gairmiúil, a dhéanann an cinneadh ionchúiseamh a thionscnamh, nó leanúint le hionchúiseamh coiriúil, agus cinneann siad sin go neamhspleách orthu sin a bhí freagrach as an imscrúdú cad iad na hionchúisimh, más ann, a thabharfar ar aghaidh. I roinnt cásanna d'fhéadfaí a shocrú gur ionchúiseamh achomair a dhéanfaí. Tá an cheist maidir le hionchúisimh achoimre pléite i gCaibidil 13.





# 3: Cód Eitice

## Caighdeán maidir le freagracht ghairmiúil a leagan amach & príomhdhualgais ionchúisitheoirí

### CUSPÓIR AGUS SCÓIP AN CHÓID

- 3.1** Is é príomhaidhm an Chóid Eitice na prionsabail agus na caighdeáin sin a aithnítear a bheith riachtanach d'ionchúiseamh ceart neamhspleách cionta a chur chun cinn agus feabhas a chur orthu. Leagann an Cód Eitice amach na caighdeáin iompair agus cleachtais a mbeifear ag súil leo ó ionchúisitheoirí a bhíonn ag obair don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, nó a bhíonn ag obair thar a cheann. Is éard atá i gceist go gcuirfeadh sé leis na cóid ghairmiúla a rialaíonn iompar dlíodóirí agus seirbhísigh poiblí in áit teacht ina n-áit. Sa chás go mbíonn ionchúisitheoirí faoi réir araíonachta Ard-Chomhairle Bharra na hÉireann nó Dhlí-Chumann na hÉireann tá dualgas orthu na caighdeáin a bhíonn leagtha amach ag a gcomhlachtaí gairmiúla faoi seach a chomhlíonadh.
- 3.2** Éilíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar a fhoireann féin cloí gach tráth leis an gCód. Nuair a fhostaíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí abhcóide nó atur nae a bhíonn fostaithe aige le gníomhú thar a cheann, nó nuair a údaraíonn sé aon duine le hionchúiseamh a dhéanamh thar a cheann, bíonn sé ag súil go gcloífídh an t-abhcóide, an t-atur nae nó an duine údaráithe sin leis an gCód agus go rachaidh sé i gcomhairle leis faoi aon cheist nó deacracht. Is féidir aon sárú ar an gCód ar ionann é agus sárú ar chaighdeáin infheidhme comhlachta gairmiúil a chur ar aghaidh chuig an gcomhlacht sin lena bhreithniú.
- 3.3** Leagann Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse (arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar [www.sipo.gov.ie](http://www.sipo.gov.ie)) amach na príomhphrionsabail a rialaíonn iompair foirne sa Státseirbhís nua-aimseartha. Tá sé d'oibleagáid ar ionchúisitheoirí, ar comhaltaí den Státseirbhís iad, gníomhú de réir an Chóid

sin faoi réir i gcónaí ag ráthaíocht reachtúil neamhspleáchais an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus ag meabhrú stádas oifigigh an Stiúrthóra mar státseirbhísigh de chuid an Stáit agus ní de chuid an Rialtais.

- 3.4** Tá sé i gceist leis an gCód go mbunófar bunchaighdeáin iompair eitice. Tá sé ceaptha treoir ghinearálta, seachas treoir chuimsitheach, a thabhairt d'ionchúisitheoirí chun cuidiú leo éifeachtacht, neamhchlaontacht agus cothroime ionchúisitheoirí a chinntiú agus a chur chun cinn in imeachtaí dlí coiriúil. Ba chóir go mbeadh na dualgais bhunúsacha sin mar thionchar ar gach gné d'obair an ionchúisitheora.

### NEAMHSPLEÁCHAS

- 3.5** Comhlíonfaidh ionchúisitheoirí a gcuid feidhmeanna de réir alt 2(5) den Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 a fhorálann go mbeidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí neamhspleách i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna. Feidhmeoidh siad a gcuid feidhmeanna saor ó aon thionchair sheachtracha, ó mhealladh ar bith, ó bhrúnna, ó bhagairtí nó ó chur isteach go díreach nó go hindíreach ó aon chearn nó ar aon chúis.

### FREAGRACHT

- 3.6** Déanfaidh ionchúisitheoirí na nithe seo a leanas:
- seasamh i gcónaí leis an smacht reatha, le hiomláine an chórais cheartais choiriúil agus leis an gceart chun triail chóir;
  - meas a thabhairt i gcónaí ar an gceart bunúsach atá ag gach duine chun go gcaithfí leo go léir ar an mbealach céanna i láthair an dlí, agus staonadh ó aon idirdhealú éagórach;

- c) eolas agus tuiscint a ghnóthú ar an éagsúlacht atá ann sa tsochaí agus ar na difríochtaí a eascraíonn ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear cine, dath, inscne, reiligiún, bunadh náisiúnta, míchumas, aois, stádas pósta, gnéaschlaonadh agus stádas sóisialta agus eacnamaíoch, ach gan a bheith teoranta dóibh, agus staonadh, trí fhocail nó trí iompar, ó fhabhar nó claontacht a léiriú bunaithe ar dhifríochtaí den sórt sin, ach amháin i gcás go mbeidh siad iomchuí ó thaobh an dlí de do shaincheist atá i gceist le himeachtaí agus i gcás gur féidir go mbeidh siad ina n-ábhar d'abhcóideacht dhlísteanach;
- d) De réir alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, aird a thabhairt, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chur i gcrích mar chuid de chomhlacht poiblí, ar an ngá atá ann le deireadh a chur leis an idirdhealú, leis an gcomhionannas a chur chun cinn agus le cearta an duine a chosaint;
- e) ceanglais iomchuí Threoir 2012/29/AE ón Aontas Eorpach maidir le hÍospartaigh agus an Achta um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, mar atá pléite i gCaibidil 12, a chomhlíonadh ina n-iomláine;
- f) fógra a thabhairt don Stiúrthóir faoi aon chásanna ina bhféadfadh go ndearna oifigeach poiblí cion coiriúil nó gur ghníomhaigh sé nó sí go míchuí le linn imscrúdú nó ionchúiseamh coiriúil, d'fhonn go dtarchuirfeadh an Stiúrthóir an ní chuig na húdaráis chuí chun aon ghníomhaíocht atá riachtanach a dhéanamh;
- g) aird an Stiúrthóra a tharraingt ar an scéal i gcás go dtiocfaidh an t-ionchúisitheoir ar an eolas go bhféadfadh gur ghabh oifigeach poiblí do mhí-iompraíocht thromchúiseach eile agus i gcás gur cuí don Stiúrthóir gníomhaíocht a dhéanamh nó a thionscnamh i leith an ní;
- h) aird chuí a thabhairt ar ionchúiseamh coireanna amhail éilliú, mí-úsáid cumhachta, sárúithe ar chearta an duine agus coireanna eile a aithnítear sa dlí idirnáisiúnta, go háirithe cionta a bhféadfadh go ndearna oifigigh poiblí iad.

## LÁNPHÁIRTEACHAS

### 3.7 Maidir le hionchúisitheoirí:

- a) dínit agus onóir a ngairme a chothabháil i ngach tráth;
- b) iad féin a iompar i gcónaí go gairmiúil, de réir an dlí agus de réir rialacha agus eitice a ngairme;
- c) na caighdeáin is airde lánpháirteachais agus cúraim a fheidhmiú ag gach tráth agus cinnteoidh siad go mbeidh a n-iompar gan údar gearáin;
- d) seachnóidh siad mí-iompar agus cosúlacht mí-iompair agus seachnóidh siad súimh a chothódh amhras go bhfuil fabhar i gceist nó go mbaineann cuma fabhair nó claontacht leo;
- e) ní dhéanfaidh siad dochar trína n-iompar agus a mbealach do lánpháirteachas, cothroime, agus neamhspleáchas iarbhir Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó trí iompar agus bealach dealraitheach den sórt sin, agus go háirithe ní ghlacfaidh siad le haon bhronntanas, duais, iasacht, fabhar, mealladh, óstacht nó sochar eile maidir le haon ní a bheidh déanta nó le déanamh nó a mainníodh a dhéanamh maidir le comhlíonadh a gcuid dualgas nó a d'fhéadfaí a fheiceáil mar ghéilleadh ar a lánpháirteachas, a gcothroime nó a neamhspleáchas. Féadfaidh ionchúisitheoir faoi réir an dlí agus aon riachtanais dlí maidir le nochtadh poiblí glacadh le bronntanas, dámhachtain nó sochar a bheidh cuí don ócáid ina dtugtar é ar an gcoinníoll nach mbeadh, agus nach bhféadfadh go bhfeicfí, an bronntanas, an dámhachtain nó an sochar sin mar ní a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an ionchúisitheoir agus é nó í ag comhlíonadh a chuid nó a cuid dualgas nó a chruthódh cosúlacht claontachta ar shlí eile;
- f) gníomhóidh siad ag gach tráth de réir aon dualgas is infheidhme faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001;
- g) ní ligfidh siad do chaidrimh teaghlai, sóisialta nó eile an ionchúisitheora tionchar mí-chuí a imirt ar iompar an ionchúisitheora mar ionchúisitheoir;

- h) ní bhainfidh siad leas as stádas an phoist ná ní ligfidh amach é chun leasanna príobháideacha ná leasanna aon duine den teaghlach ná aon duine eile a chur chun cinn nó ní thabharfaidh ionchúisitheoirí le tuiscint, ná ní ligfidh deis do dhaoine eile a thabhairt le tuiscint, go bhfuil aon duine i gcaoi speisialta go míchuí ó thaobh tionchar a imirt orthu ó thaobh chomhlíonadh a gcuid dualgas;
  - i) ní ligfidh siad go feasach le haon duine faoi réir thionchar, threoir nó údarás an ionchúisitheora aon bhronntanas, tabhartas, iasacht nó fabhar maidir le haon ní a bheidh déanta, nó le déanamh nó a mainníodh a dhéanamh, maidir lena chuid nó lena cuid dualgas nó a chuid feidhmeanna nó a cuid fheidhmeanna a iarraidh nó a ghlacadh;
  - j) ní úsáidfidh ná ní nochtfaidh siad aon eolas rúnda a gheofar ina gcáil mar ionchúisitheoirí d'aon chríoch nach mbaineann le comhlíonadh a ndualgas nó riachtanais an cheartais;
  - k) déanfaidh siad a gcuid feidhmeanna go cneasta, go cóir, go neamhchlaonta go leanúnach agus go hoibiachtúil gan fuacht, fabhar, claonadh nó dearcadh dochrach;
  - l) iompróidh siad iad féin ar shlí a choinneoidh muinín an phobail ina neamhchlaonacht ghairmiúil;
  - m) ní dhéanfaidh leasanna aonair nó rannacha nó brú ón bpobal nó ó na meáin aon difear dóibh ag féachaint do leas an phobail;
  - n) dícháileoidh siad iad féin óna bheith páirteach in aon ionchúiseamh nach mbeidh siad ag feidhmiú go neamhchlaonta ann nó a dhealraíonn sé do bhreathnadóir réasúnach go bhfuil an scéal amhlaidh. Áirítear ar na himeachtaí dlí sin ach ní hiad seo amháin cásanna:
    - go mbaineann claonadh agus dearcadh dochrach ag an ionchúisitheoir maidir leis an gcúisí, leis an ngearánach nó leis an bhfinné;
    - gur oibrigh an t-ionchúisitheoir roimhe sin mar dhlíodóir do pháirtí eile nó go raibh sé ina fhinné ábhartha san ionchúiseamh;
  - go mbíonn leas ag an ionchúisitheoir nó duine de theaghlach an ionchúisitheora i dtoradh an ionchúisimh;
  - má bhíonn leas ag duine a bhfuil baint aige leis an ionchúisitheoir de réir bhrí alt 2(2) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, i dtoradh an ionchúisimh a bhfuil eolas iarbhír ag an ionchúisitheoir ina leith;
- o) Tabharfaidh siad chun aird an Stúirthóra aon chúinsí a thabharfaidh ar dhuine den phobal nó ar pháirtí a mbeidh leas aige i gcás a mheas go réasúnach coimhlint leasa nó claonadh neamhchlaonachta ó thaobh an ionchúisitheora a thabhairt faoi deara.

## INNIÚLACHT

- 3.8** Glacfaidh ionchúisitheoirí céimeanna réasúnacha chun a gcuid eolais, scileanna agus na scileanna pearsanta is gá chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh ceart a choinneáil, coinneoidh siad iad féin go maith ar an eolas faoi fhorbairtí dlí cuí, lena n-áirítear noirm chearta daonna, agus bainfidh siad leas chun na críche sin as aon deiseanna oiliúna nó eile a bheidh ar fáil dóibh.

## 4: An Cinneadh i dTaobh Ionchúiseamh a Dhéanamh

- 4.1** Tá tábhacht mhór ag gabháil leis an gcinneadh i dtaobh an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh. Is féidir leis an gcinneadh sin iarmhairtí tromchúiseacha a bheith aige maidir leis an duine lena mbaineann sé. Fiú amháin i gcás ina n-éigiontaítear duine cúisithe, d'fhéadfadh sé go n-áireofar ar na torthaí a ghabhann le hionchúiseamh cailleadh clú, cur isteach ar chaidreamh pearsanta, cailleadh fostaíochta agus costas airgeadais chomh maith leis an imní agus an tráma a bheadh ann tar éis cúiseamh i gcion coiriúil. Is é a leanann as cinneadh mícheart chun ionchúiseamh a thionscnamh nó, os a choinne sin, cinneadh mícheart gan ionchúiseamh a thionscnamh, ná an bonn a bhaint de mhuintín an phobail sa chóras ceartais choiriúil. I gcás íospartach agus a gcuid teaghlach, is féidir le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh a bheith ina ábhar goilliúnach. Tar éis don íospartach cinneadh a dhéanamh chun coir a thuairisciú ar cinneadh é sin a d'fhéadfadh a bheith an-deacair go minic agus trámatach uaireanta, b'fhéidir go gceapfadh sé nó sí go bhfuiltear ag diúltú dó nó di nó nach bhfuiltear á chreidiúint nó a creidiúint.
- 4.2** Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, breithniú cúramach a dhéanamh ar an gcinneadh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh. Ach d'ainneoin na n-iarmhairtí tábhachtacha atá ann dá bharr sin do na daoine aonair lena mbaineann, is cinneadh é nach mór don ionchúisitheoir a dhéanamh ar an tslí is oibiachtúla is féidir.
- 4.3** Mar gheall ar an tábhacht a ghabhann leis an gcinneadh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh agus ar an ngá le hoibiachtúlacht tá an ceart chun ionchúiseamh a dhéanamh forchoimeáda ag an Stát i ngach cás seachas mionchásanna. Go praiticiúil, orgán de chuid an Stáit a thionscnaíonn beagnach gach ionchúiseamh coiriúil. In Éirinn, de bhua Airteagal 30.3 de Bhunreacht na hÉireann agus an Achta um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 déantar

gach coir agus gach cion seachas iad sin a ionchúisítear i gcúirteanna dlínse achoimre a thionscnamh in ainm an Phobail agus ar agra an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, ach amháin earnáil an-teoranta cionta a ionchúisítear fós ar agra an Ard-Aighne. I gcás cionta indíotála a thionscnaítear ar agra an Stiúrthóra, is é an Stiúrthóir go pearsanta, nó oifigeach de chuid an Stiúrthóra atá údaraithe chun cinneadh den sórt sin a dhéanamh, a dhéanann an cinneadh i dtaobh an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh. Tá an staid maidir le cionta achoimre leagtha amach i gCaibidil 13.

### LEAS AN PHOBAIL

- 4.4** Mar is amhlaidh i gcórais eile dlí choitinn, cuid bhunúsach den chinneadh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh is ea an mbeadh sé ar mhaithe le leas an phobail sin a dhéanamh. Faoi réir cás prima facie a nochtadh tríd an bhfianaise atá ar fáil, is ceart ionchúiseamh a thionscnamh nó is ceart leanúint d'ionchúiseamh más ar mhaithe le leas an phobail é, agus ar mhaithe leis sin amháin.
- 4.5** Tá a lán nithe nach mór a bhreithniú le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh ionchúiseamh a bheith ar mhaithe le leas an phobail. Is minic a bhíonn leas an phobail soiléir ach, i gcásanna áirithe, beidh gnéithe de leas an phobail ar son agus i gcoinne ionchúiseamh a dhéanamh.
- 4.6** Tá leas an phobail soiléir a mhéid a bhaineann lena chinntiú go n-ionchúisítear coireanna agus go gciontaítear agus go bpionósaítear an ciontóir. Leanann sé as sin gur ar mhaithe le leas an phobail é, i gcoitinne, coir a ionchúiseamh i gcás dóthain fianaise a bheith ann chun gur ceart sin a dhéanamh, mura rud é go bhfuil cúis éigin ann gan ionchúiseamh a dhéanamh ar cúis é atá bunaithe ar leas an phobail. Go praiticiúil, tugann an t-ionchúisitheoir faoi gach cás trína fhiafraí ar dtús an bhfuil an fhianaise sách láidir chun gur ceart ionchúiseamh a

dhéanamh. Más “níl” freagra na ceiste sin ní dhéanfar ionchúiseamh. Más “tá” an freagra, fiafróidh an t-ionchúisitheoir, sula ndéanfar cinneadh i dtaobh ionchúiseamh a dhéanamh, an bhfuil leas an phobail i bhfabhar ionchúisimh nó an bhfuil aon chúis ann gan ionchúiseamh a dhéanamh ar cúis í atá bunaithe ar leas an phobail.

**4.7** Agus an cheist á meas arb é leas an phobail ionchúiseamh a thionscnamh nó leanúint le hionchúiseamh, ba chóir d’ionchúisitheoir cúram faoi leith a dhéanamh sa chás go bhfuil faisnéis ar fáil lena dtabharfaí le tuiscint gur íospartach coireachta an té atá faoi amhras. Sampla dá leithéid cás ina mbeadh á thabhairt le tuiscint gur fhulaing an té atá faoi amhras mar gheall ar gháinneáil ar dhaoine. D’fhéadfadh amhras a bheith faoi dhuine den chineál sin mar gheall ar réimse coireanna, mar shampla dlí na hinimisce a shárú nó coireanna a bhaineann le striapachas. Sa chás go bhfuil faisnéis inchreidte lena dtugtar le fios gur íospartach ó choireacht freisin an té a bhfuil amhras faoi, ba cheart don ionchúisitheoir a thabhairt faoi mheas an mbeadh leas an phobail á dhéanamh leis an amhrastach a ionchúiseamh.

**4.8** I measc na nithe ba chóir a thabhairt san áireamh agus an cheist maidir le hionchúiseamh a thionscnamh nó le leanúint le hionchúiseamh á meas, tá siad seo a leanas: (i) a throime a bheadh aon choir a líomhnaítear go ndearna an té atá faoi amhras é; (ii) cibé an bhfuil aon eolas ar fáil gur oibríodh comhéigean nó éigeantas ar an té atá faoi amhras; (iii) sa chás go líomhnaítear gur oibríodh éigeantas ar an té atá faoi amhras - cibé an líomhnaítear go raibh foréigean mar chuid de sin nó bagairt foréigin nó úsáid fornirt, meabhlaireachta nó calaoise, nó mí-úsáid údaráis nó teacht i dtír ar shoghontacht, agus (iv) cibé ar chomhoibrigh an té atá faoi amhras leis na húdaráis i ndáil le haon choireanna a mheastar a rinneadh in aghaidh an té sin.

## NEART NA FIANAISE

**4.9** D’fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh mar nach bhfuil an fianaise sách láidir is gné den bhreithniú a dhéantar maidir le ‘leas an phobail’. Is féidir a rá nach ar mhaithe le leas an phobail é úsáid a bhaint as acmhainní poiblí

chun cás a ionchúiseamh nach dócha, le réasún, go n-éireoidh leis. Chomh maith leis sin, dá dtarlódh sé go mbeadh ráta ard ionchúiseamh ann a leanann éigíontú astu d’fhéadfadh go ndéanfadh sin dochar do mhúinín an phobail as an gcóras ceartais choiriúil.

**4.10** Ní ceart ionchúiseamh a thionscnamh mura bhfuil cás prima facie ann i gcoinne an chúis. Ciallaíonn sé sin go bhfuil fianaise inghlactha, ábhartha, inchreidte agus, iontaofa ann go ndearna an t-amhrastach cion coiriúil atá aitheanta sa dlí. Ní mór an fhianaise a bheith de chineál a d’fhágfadh go bhféadfadh giúiré, a bhfuil treoir chúí faighte aige faoin dlí iomchuí, tátal a bhaint as gan aon amhras réasúnach go raibh an cúisí ciontach sa chion ina bhfuil sé/sí cúisithe.

**4.11** Ag féachaint ar neart na fianaise ní leor go mbeadh cás prima facie díreach ann féin ann. Chomh luath agus a bheidh sé bunaithe go bhfuil cás prima facie ann ní mór ansin breithniú a dhéanamh an n-éireodh le ciontú. Níor chóir go ndéanfadh an t-ionchúisitheoir cúiseamh sa chás nach bhfuil aon chosúlacht réasúnach ann go ndéanfaí ciontú os comhair giúiré réasúnach nó os comhair breithimh i gcásanna a d’éistfí gan giúiré. Níl aon fhoirmle bheacht mhatamaiticiúil ann chun freagra a thabhairt ar an gceist i dtaobh cad is brí le ar dóigh dó le réasún go bhfaighfear ciontú. Níl an cleachtas ann riail a oibriú ar fúithi nach mór a mheas gur dóchúlacht ciontú ná éigíontú. Ach is léir nach ceart ionchúiseamh a thionscnamh mura bhfuil dóchúlacht ar bith ann, le fírinne, go bhfaighfear ciontú. I gcás an dóchúlacht go bhfaighfear ciontú a bheith íseal, d’fhéadfadh sé tarlú go ndéanfar nithe eile, lena n-áirítear tromchúis an chiona, a chur san áireamh nuair atáthar ag cinneadh an ndéanfar ionchúiseamh.

**4.12** Le linn measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go bhfaighfear ciontú, ní mór don ionchúisitheoir inghlacthacht, leordhóthanacht, ábharthacht agus neart na fianaise a thabharfar le linn na trialach a mheas. Chuige sin, tá gá le cinneadh a dhéanamh nach cinneadh fánach é ach gur cinneadh é i dtaobh an ionann ráiteas, nó grúpa ráiteas, agus cás prima facie. Ní mór don ionchúisitheoir a mheas an dealraitheach go bhfuil finnétithe iontaofa agus inchreidte. D’fhéadfadh sé nach mbeadh líomhaint i dtaobh éagóra coiriúla iontaofa ar a lán

cúiseanna. D'fhéadfadh sé nach bhfuil bonn leo nó go bhfuil siad míchruinn gan a bheith cumtha d'aon turas. D'fhéadfadh sé go n-éiríonn siad as earráid dhaonna nó d'fhéadfadh sé go ndéantar go mailíseach iad. Ní féidir glacadh le ráitis, dá bhrí sin, mar a thugtar iad agus ní féidir gníomhú dá réir gan breithniú a dhéanamh ar a n-inchreidteacht. Le linn measúnú a dhéanamh i dtaobh an dócha go bhfaighfear ciontú ní mór don ionchúisitheoir cuimhneamh go bhfuil an dualgas ar lucht an ionchúisimh an giúiré a shásamh maidir le ciontacht an chúisí gan aon amhras réasúnach. Le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh an ndéantar ionchúiseamh, ní mór cuimhneamh ar an dualgas sin ar dualgas é a fhágann nach mór níos mó ná dóchúlacht a bheith ann.

**4.13** Ní leor é go léireodh an fhianaise ar choimheá na dóchúlachta go raibh sé níos dóichí go ndearna an té a bhfuil drochamhras air an cion agus sin amháin ach nach dtéann sí chomh fada agus go mbunódh sí go bhfuil sé ciontach gan aon amhras réasúnach. Ar an údar sin atá sé tábhachtach go mbíonn fianaise neamhspleách ann a thacaíonn le scéal an ghearánaigh. D'fhéadfadh sé gur fianaise ó fhinné eile a bheadh ann nó fianaise dlí-eolaíochta mar méarloirg nó fianaise DNA ó fhíocháin coirp. Déanann sé sin an chás níos láidre ná ceann bunaithe ar fhocal duine amháin in aghaidh duine eile. Sa chás fiú amháin go gcreideann an t-ionchúisitheoir scéal an íospartaigh b'fhéidir nach mbeadh an fhianaise sách láidir lena chur ina luí ar ghiúiré gan amhras réasúnach. Is breithiúnas bunaithe ar thaithí an ionchúisitheora é a bheith in ann a mheas an dócha an bhfaighfí ciontú. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair an measúnú sin a dhéanamh agus ar ndóigh ní féidir a bheith riamh cinnte go n-éireoidh le hionchúiseamh. Go deimhin níl aon dabht ach go dteipfidh ar chuid acu. Ní chiallaíonn sé sin áfach nár chóir ach cásanna a fheictear gur cinn 'láidre' iad a ionchúiseamh. Ba chóir go dtabharfadh an measúnú ar an dóchúlacht go ndéanfaí ciontú aird ar ról lárnach na gcúirteanna sa chóras ceartais choiriúil ó thaobh ciontach agus neamhchiontach a chinneadh. Ní fachtóir ábhartha réamhcheapadh ó thaobh an ionchúisitheora maidir le tuairimí giúiré faoi ábhar an chiona. Caithfidh an t-ionchúisitheoir glacadh leis go ndéanfaidh an giúiré a dhualgas agus go ngníomhóidh siad go neamhchlaonta.

**4.14** Níl sé beartaithe anseo, fiú amháin dá mbeadh sé indéanta, na rudaí go léir a leagan amach nach mór don ionchúisitheoir a bhreithniú le linn measúnú a dhéanamh ar inghlacthacht agus neart na fianaise. Tá gach cás uathúil, agus tá éagsúlacht thaithí agus iompar an duine chomh mór sin nach féidir liosta iomlán a dhéanamh de na nithe go léir a d'fhéadfadh teacht chun cinn. D'fhéadfadh na ceisteanna seo a leanas a bheith ann:

- An bhfuil forais ann chun a chreidiúint go bhféadtar fianaise a eisiamh, ag féachaint do phrionsabail na hinghlacthachta faoi Bhunreacht na hÉireann, sa dlí coiteann agus faoi reacht? Mar shampla, an ndearnadh fianaise admhála a fháil go cuí? An ndearnadh fianaise a fuarthas de thoradh cuardaigh nó urghabhála a fháil go cuí?
- Más rud é go bhfuil an chás ag brath go hiomlán nó go páirteach ar admhálacha ag an duine a bhfuil drochamhras ann ina leith, an bhfuil forais ann chun a chreidiúint go bhféadfadh sé nach bhfuil na hadmhálacha iontaofa nuair a chuirtear san áireamh imthosca uile an cháis lena n-áirítear aois, éirim, staid mheabhrach agus tuiscint fhollasach an duine a bhfuil drochamhras ann ina leith? An bhfuil na hadmhálacha ar comhréir leis an méid atá inchruthaithe go hoibachtúil? An bhfuil aon chúis ann go ndéanfadh an duine a bhfuil drochamhras ann ina leith admháil bhréagach?
- An léir go bhfuil finné ag déanamh áibhéile, nó go bhfuil cuimhne lochtach aige nó aici, nó go bhfuil sé nó sí naimhdeach nó cairdiúil i dtaca leis an gcúisí, nó go bhféadfadh sé nó sí a bheith neamhiontaofa ar shlí éigin eile? An raibh deis ag finné breathnú ar an rud a éilíonn sé nó sí go bhfaca sé nó sí? An bhfuil aon ábhair eile ar eolas ag an ionchúisitheoir ar dóigh a laghdódh go mór go nglacfaí le fianaise an fhinné?
- An raibh finné comhréireach i dtaca leis an bhfianaise a thug sé nó sí? Mura raibh an féidir na neamhréireachtaí a mhíniú? An réitíonn an fhianaise le hiompar an fhinné?
- An bhfuil bunchúis ag finné chun bréag a insint nó gan an fhírinne iomlán a insint?

- f) An bhféadfaí difear a dhéanamh d'iontaofacht fianaise mar gheall ar an mbail atá ar íospartach?
- g) Cén sórt tionchair is dócha a bheidh ag finné? Conas a bheadh an finné in ann déileáil le croscheistiú? An dóigh go lagódh cúlra an fhinné, lena n-áirítear ciontuithe roimhe sin más an ionchúisitheora?
- h) Má tá coimhlint ann idir finnéithe, an bhfuil an choimhlint sin níos mó ná coimhlint is gnáth a bhíonn ann agus, dá bhrí sin, an lagaítear an más dá barr?
- i) Más rud é, os a choinne sin, nach bhfuil aon choimhlint ann idir finnéithe, an bhfuil aon rud ann is cúis le drochamhras go bhféadfadh sé go bhfuiltear tar éis scéal bréagach a chumadh?
- j) An bhfuil na finnéithe riachtanacha go léir ar fáil chun fianaise a thabhairt, lena n-áirítear aon fhinné atá thar lear? I gcás finnéithe atá thar lear, is ceart breithniú a dhéanamh i dtaobh an féidir an fhianaise a fháil trí nasc beo teilifíse de bhun alt 13 den Acht um Fhianaise Choiriúil 1992, nó trí litir iarrata a eisiúint faoin alt 67 den Acht um Cheartas Choiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008.
- k) An bhfuil na finnéithe riachtanacha go léir inniúil chun fianaise a thabhairt? Má tá, an bhfuil siad inordaithe? Má tá siad inniúil gan a bheith inordaithe, ar léirigh siad go bhfuil siad toilteanach fianaise a thabhairt sa chúirt?
- l) Maidir le finnéithe ar leanaí iad, an dóigh go mbeidh siad in ann fianaise faoi mhionn a thabhairt nó fianaise a thabhairt de réir na gcritéar atá in alt 27 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992?; An bhfuil a bpríomhfianaise ar fáil trí fháilfeadadh de réir alt 16 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992?; Cén dóigh a rachaidh an triail, lena n-áirítear croscheistiú, i bhfeidhm orthu, is dócha?; Ar cheart an fhianaise ó leanaí a chur i láthair trí nasc teilifíse beo nó le cúnamh ó idirghabhálaí de réir ailt 13 agus 14 d'Acht 1992?; I dtaca le finnéithe a bhfuil éalang mheabhrach orthu, an bhfuil siad in ann cuntas intuigthe a thabhairt ar theagmhais atá bainteach leis na himeachtaí ionas gur féidir a gcuid fianaise a thabhairt de bhun alt 27 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992?
- m) Más rud é gur dócha go mbeidh céannacht ina ghné thábhachtach den chás, cé chomh háiritheach agus chomh hiontaofa atá fianaise na ndaoine sin a deir go gcéannaíonn siad an cúisí?
- n) I gcás ina bhféadfadh amhras a bheith ann thairis sin maidir le mír áirithe fianaise, an bhfuil aon fhianaise neamhspleách ann i dtacaíocht leis an mír sin?
- o) Má bhíonn míniú tugtha ag amhrastach an dócha go gcreidfeadh an chúirt é nó í i gcomhthéacs na fianaise ina hiomláine? An dtacaíonn sé le míniú go bhfuiltear neamhchiontach?
- p) D'fhéadfadh deacracht a bheith ann sa chás gur cuireadh cóir leighis ar fhinné i bhfoirm hiopnóise nó próiseas teiripe eile a raibh sé i gceist leis cuidiú le finné cuimhneamh ar imeachtaí. Tá na ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i gcásanna den sórt sin thar scóip na dTreoirí seo ach amháin a rá gur chóir fianaise fhinné den sórt sin a mheas go han-chúramach.

**4.15** Le linn an fhianaise a mheas, is ceart don ionchúisitheoir freisin aird a thabhairt ar aon chosaintí is follasach atá ar fáil don chúisí nó atá léirithe ag an gcúisí.

**4.16** Is ar an gCúirt sa deireadh thiar a bheidh sé inchreidteacht agus iontaofacht fianaise a mheas. Sa chás go mbeadh imní mhór thromchúiseach faoi iontaofacht fhianaise riachtanach ní bheadh imeachtaí cúirte coiriúla cuí.

**4.17** Ní amháin nach mór an fhianaise a mheas i dtosach ach ní mór í a athbhreithniú ag gach céim de na himeachtaí. Beifear ag súil go léireoidh an t-imscrúdaitheoir tuairimí faoin bhfianaise nuair a tharchuirfead an chás chuig na húdaráis ionchúisimh. Mar an gcéanna, is ceart don Atur na dhéileálann leis an gcás aon tuairimí atá aige nó aici a léiriú. An Stiúrthóir nó duine dá oifigh a dhéanamh an cinneadh príomha chun cúiseamh a dhéanamh nuair a tharchuirtear an comhad chuig Oifig an Stiúrthóra. Ag an gcéim seo, féadfaidh an Stiúrthóir nó a oifigeach a iarraidh ar na húdaráis imscrúdaithe tuilleadh oibre imscrúdaithe a dhéanamh. D'fhéadfaí, mar shampla, go

n-iarrafaí ar imscrúdaitheoir deis a thabhairt do chiontóir líomhnaithe freagra nó tuairim a thabhairt maidir le hábhar na líomhaintí nó go n-iarrafaí cóipeanna de thaifid, ráitis nó ábhar eile ábhartha nach bhfuil san áireamh sa chomhad. D'fhéadfadh sé nach cinneadh críochnaitheach é cinneadh gan cúiseamh a dhéanamh, go háirithe más é amháin is cúis leis an gcinneadh sin ná neamhdhóthanacht na fianaise. D'fhéadfadh sé gur fearr tionscnamh imeachtaí a chur siar mar gheall ar easpa fianaise seachas nach n-éireodh le himeachtaí mar go dtionscnaítear iad ró-luath. Nuair a chuirtear páipéir chuig abhcóide, bítear ag súil freisin go mbreithneoidh sé nó sí dóthanacht na fianaise, mar gurb inmholta aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna den sórt seo a luaithe is féidir.

### AN BHFUIL AON CHÚIS ANN GAN IONCHÚISEAMH A DHÉANAMH AR CÚIS Í ATÁ BUNAITHE AR LEAS AN PHOBAIL?

- 4.18** Aon uair is deimhin leis an ionchúisitheoir atá ag déileáil leis an gcás go bhfuil dóthain fianaise ann chun gur ceart ionchúiseamh a thionscnamh nó a choimeád ar bun, is é an chéad rud eile atá le breithniú ná, ag féachaint do na fíorais inchruthaithe agus do na himthosca go léir atá i gceist, an gá, de réir leas an phobail, ionchúiseamh a dhéanamh. Níl aon riail ann nach mór gach cion a bhfuil dóthain fianaise ann ina leith a ionchúiseamh.
- 4.19** Ní hionann, ó chás go cás, na nithe a bheidh le cur san áireamh go cuí le linn a chinneadh an gá ionchúiseamh de réir leas an phobail. Mar atá luaite cheana féin, is gné de chuid leas an phobail é féachaint chuige go gciontaítear agus bpionósaítear an ciontóir agus go bpionósaítear coireacht. Dá thromaí an cion, agus dá fheabhas an fhianaise thacaíochta ina leith, is ea is lú an dóchúlacht go sárófar an leas sin le hábhar éigin eile. Is é an chéad rud atá le breithniú, dá bhrí sin, le linn a mheas cén áit a bhfuil leas an phobail ná tromchúis an chiona líomhnaithe agus an bhfuil aon ghnéithe ann a mhéadaíonn leis an tromchúis nó a mhaolaíonn an tromchúis.
- 4.20** De ghnáth, is é is éifeacht leis na gnéithe méadaitheacha seo a leanas, nach liosta iomlán é, ná tromchúis an chiona a mhéadú

agus má tá siad ann is mó an dóchúlacht gur gá ionchúiseamh a dhéanamh de réir leas an phobail:

- a) más dócha go leanfaidh pionós suntasach as ciontóir;
- b) sa chás go mbeidh pianbhreith shainordaithe nó toradh eile ar chiontóir mar dhícháiliú nó forghéilleadh forordaithe ag an Oireachtas;
- c) má bhí an cúis i bpost údaráis nó iontaofachta agus más ionann an cion agus mí-úsáid an phoist sin;
- d) más rud é go raibh an cúis ina cheann feadhna nó ina eagraí i dtaca leis an gcion;
- e) i gcás cion réamhbheartaithe a bheith ann;
- f) i gcás ina ndearna grúpa an cion;
- g) i gcás ina ndearnadh an cion de bhun plean mar chuid de choireacht eagraithe;
- h) i gcás gur baineadh úsáid as arm nó gur bagraíodh foréigean nó gur cuireadh íospartach an chiona faoi eagla ar shlí eile nó gur fhulaing sé nó sí ionsaí pearsanta, damáiste nó suaithheadh. Dá leochailí an t-íospartach is ea is mó troime an chiona;
- i) i gcás difríocht mhór a bheith ann idir aoiseanna iarbhir nó mheabhach an chúis agus an íospartaigh, agus gur bhain an cúis buntáiste as sin;
- j) más rud é go bhfuil aon éilliú i gceist;
- k) i gcás ciontuithé nó rabhaidh a bheith tugtha don chúis roimhe sin agus baint acu leis an gcion láithreach;
- l) más rud é go líomhnaítear go ndearna an cúis an cion le linn a bheith faoi bhannaí, ar phromhadh, nó faoi réir pianbhreithe fionraithe nó ordaithe á cheangal ar an gcúis an tsíocháin a choimeád agus a bheith deaiompraíoch, scaoilte ar cheadúnas ó phríosún nó ó áit choinneála;
- m) i gcás forais a bheith ann chun a chreidiúint gur dóigh go leanfar den chion nó go ndéanfar an cion athuair, mar shampla i gcás ina bhfuil fianaise ar iompar athfhillteach.



**4.21** Os a choinne sin, is gnáth go ndéanann na gnéithe maolaitheacha seo a leanas, má tá siad ann, tromchúis an chiona a laghdú agus, ar an ábhar sin, go laghdaítear an dóchúlacht gur gá ionchúiseamh a dhéanamh de réir leas an phobail:

- a) más dócha go bhforchuirfidh an chúirt pionós an-bheag nó pionós ainmniúil;
- b) i gcás inar féidir a rá gur mionchailteanas nó miondíobháil a bhí ann agus gurbh é ba chúis leis ná teagmhas aonair go háirithe más earráid breithiúnais ba chúis leis;
- c) i gcás inar céadchion an cion, mura bhfuil sé tromchúiseach agus nach dócha go ndéanfar arís é.

**4.22** I dteannta nithe a fhearann ar thromchúis ciona, áirítear an méid seo a leanas ar nithe eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh an gá ionchúiseamh a dhéanamh de réir leas an phobail:

- a) bearta malartacha a bheith ann ar ionchúiseamh mar an Scéim um Rogha Aosach agus Scéim Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána;
- b) minicíocht cionta den chineál céanna leis an gcion atá líomhnaithe agus an gá le cosc, i gcoitinne agus i ndáil le himthosca áirithe an chiontóra;
- c) an gá atá le riail an dlí agus muinín an phobail sa chóras ceartais choiriúil a chothabháil;
- d) an mbeadh na hiarmhairtí a ghabhann le hionchúiseamh dian nó leatromach ag féachaint d'imthosca áirithe an chiontóra;
- e) dearcadh íospartach nó theaghlach íospartach an chiona líomhnaithe ar ionchúiseamh;
- f) an éifeacht is dócha a bheadh ag cinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh, nó gan ionchúiseamh a dhéanamh, ar an íospartach nó ar theaghlach íospartaigh;
- g) an mbeadh fad dóchúil agus costas trialach neamhréireach ag féachaint do thromchúis an chiona líomhnaithe agus do neart na fianaise;
- h) an bhfuil an ciontóir toilteanach comhoibriú a dhéanamh i dtaca le ciontóirí

eile a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó an bhfuil sé nó sí i ndiaidh déanamh amhlaidh cheana féin;

- i) i gcás pianbhreith a bheith forchurtha ar an gciontóir cheana féin i ndáil le hábhar eile, an dócha go bhforchuirfí pionós breise;
- j) an bhfuil ciontóir a bhfuil an cion admhaithe aige nó aici i ndiaidh a léiriú go bhfuil fíor-aiféala air nó uirthi agus go bhfuil sé nó sí toilteanach an éagóir a chúiteamh;
- k) sa chás gur de chineál teicniúil agus sin amháin é an cion;
- l) sa chás go gcuirfeadh ionchúiseamh faisnéiseoirí rúnda nó nithe a bhaineann le slándáil náisiúnta i gcontúirt;
- m) sa chás go mbeadh imthosca ann a choisceadh triail chóir tarlú;
- n) sa chás go mbeadh an ciontóir an-sean nó an-óg nó ag fulaingt ó dhrochshláinte throm coirp nó intinne. I gcásanna den sórt sin áfach ní mór fachtóirí eile a léireodh go bhfuil an cion tromchúiseach nó go bhfuil contúirt ann go ndéanfaí an cion arís a chur san áireamh. Ní chóir in aon imthosca go ndéanfaí duine a ionchúiseamh chun rochtain a fháil ar chóireáil shíciatrach. I gcás ciontóirí óga ní mór breithniú ar fhorálacha alt 18 d'Acht na Leanáí, 2001 agus na forálacha maidir leis an gClár Athstiúrtha dá dtagraítear i gCuid 4 den Acht sin. Pléitear é sin níos mine i gCaibidil 5 thíos.
- o) 4.23 Braithfidh ábharthacht na nithe sin agus fachtóirí eile agus an tábhacht a ghabhann leo ar imthosca gach cás ar leith. Tá tábhacht faoi leith le cothroime agus comhleanúnachas. Ach ní chiallaíonn cothroime agus comhleanúnas righneas. Ní féidir an critéar ó thaobh fheidhmiú roghnú gan ionchúiseamh a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail a laghdú ina fhoirmle mhataimiciúil; go deimhin níor mhaith an ní sin a dhéanamh. Léiríonn fairsinge na bhfachtóirí a chaithfear a bhreithniú agus an rogha á dhéanamh an gá atá le prionsabail ghinearálta a fheidhmiú i gcásanna aonair.

- p) 4.24 I gcás gnéithe maolaitheacha a bheith ann i gcás áirithe, is ceart don ionchúisitheoir breithniú a dhéanamh i dtaobh an gnéithe iad is ceart a chur san áireamh ag an gcúirt a fhorchuirfidh pianbhreith má chiontaítear duine seachas nithe is ceart a bheith ina gcúis le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Dá ainneoin sin, i gcás nach bhfuil an cion líomhnaithe chomh tromaí sin gur léir gur gá ionchúiseamh a dhéanamh, is ceart don ionchúisitheoir breithniú a dhéanamh i dtaobh an gá ionchúiseamh a dhéanamh de réir leas an phobail.

## MOILL

- 4.25** Ba chóir don ionchúisitheoir in aon chás ina bhfuil moill fhada tarlaithe ó rinneadh an cion breithniú i gcomhthéacs dlí chás na gcúirteanna an bhfuil an oiread moille ann agus nár chóir don chás dul ar aghaidh. Ní hé aidhm na míre seo iarracht a dhéanamh achoimre a dhéanamh ar an méid mór dlí chás atá ann anois maidir leis an ábhar seo ach i measc na nithe a bhféadfadh tábhacht a bheith leo agus ar chóir don ionchúisitheoir smaoinemh orthu tá na nithe seo a leanas;
- a) an é an duine a bhfuil drochamhras faoi ba chúis leis an moill nó ar chuidigh sé léi;
  - b) an le gairid a tháinig fóir an chion nó freagracht an duine a bhfuil drochamhras faoi chun solais;
  - c) cibé an imscrúdú fada faoi ndeara aon mhoill nó ar chuidigh sé léi, cibé an raibh achar an imscrúdaithe réasúnach sna himthosca a bhí i gceist;
  - d) an bhfuil riosca réadúil agus tromchúiseach ann nach mbeadh triail chothrom ar fáil;
  - e) cibé an ndearna an t-íospartach moill ó thaobh an cion a thuairisciú, aois an íospartaigh nuair a tharla an cion agus nuair a tugadh tuairisc air;
  - f) cibé an bhfuil dearcadh dochrach sonrath déanta don chiontóir líomhnaithe trí mhoill nó imeacht ama;
  - g) cibé an bhfuil an cion admhaithe ag an duine a bhfuil drochamhras faoi.

## TOSCA AR FÉIDIR GO mBEIDH FEIDHM ACU I gCÁS GO mBEIDH SÉ RIACHTANACH DUINE ATÁ FAOI DHROCHAMHRAS A EISEACHADADH CHUN É NÓ Í A THABHAIRT CHUN TRIALACH

- 4.26** Is é a bheith i gceist le duine a eiseachadadh chun freagairt d'aon chúiseamh ciona nó chun pianbhreith a forchuireadh a chur isteach ná srianta a chur ar an duine iarrtha agus costas a chruthú don Stát agus don tír a n-iarrfar uirthi an duine a eiseachadadh. I gcás go mbeidh breithniú á dhéanamh ar iarratas ar eiseachadadh, ba cheart don ionchúisitheoir aird a thabhairt freisin ar na tosca sin agus measúnú a dhéanamh, de réir na dtreoirínte seo, ar chás an ionchúisimh, ar an tionchar a bheadh ag aon mhoill agus ar leas an phobail.

- 4.27** I gcás cionta tromchúiseacha, beidh sé cuí i bhformhór na gcásanna dul ar aghaidh le hiarratas den sórt sin i gcás go mbeidh ionchas réasúnach ann go mbainfear ciontú amach, ar mhaithe le muinín a chothabháil as riaradh an dlí agus ar mhaithe le ciontóirí a chur ó theitheadh ón gceartas.

## AG ATHRÚ CINNEADH IONCHÚISEAMH A DHÉANAMH NÓ GAN LEANÚINT LE HIONCHÚISEAMH

- 4.28** 4.28 Maidir le cinntí gan ionchúisimh a dhéanamh déanfar athbhreithniú ar chinntí den sórt sin i gCaibidil 12.
- 4.29** Sa chás go mbeidh cinneadh déanta imeachtaí coiriúla a thionscnamh beidh an t-ionchúisitheoir fós faoi dhualgas a chinntiú go mbeidh an cinneadh fós ar mhaithe le leas an phobail. Sa chás go dtiocfaidh athrú ar imthosca nó má fhaigheann an t-ionchúisitheoir eolas nua ní mór féachaint ar chóir leanúint leis an ionchúiseamh.
- 4.30** Ba chóir ceadú an Stiúirthóra, nó oifigigh ghairmiúil a stiúir an t-ionchúiseamh, a fháil i gcás aon tarraingt siar cúiseamh nó ó thaobh cúisimh nua a chur chun cinn. Is fearr cumarsáid den sórt a dhéanamh tríd an Rannán Aturnaetha nó tríd an Atur nae Stáit atá ag plé leis an gcás. Má tharlaíonn sé

de bharr easpa ama go gcaitear teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an oifigeach gairmiúil ba chóir toradh na gcomhphléite a chur in iúl don Rannán Aturnaetha nó don Atur nae Stáit áitiúil. Ba chóir sin a dhéanamh i scríbhinn agus a chur ar aghaidh chuig an Rannán Stiúrtha.

**4.31** Ní chiallaíonn neamhspleáchas an Stiúrthóra go gcaithfear iad sin a d'imscrúdaigh an scéal a choinneáil as an bpróiseas déanta cinntí. Agus cinneadh á dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh, nó go leanfar le ceann, agus má dhéantar cad é an cúiseamh nó na cúisimh a bheidh i gceist, cuirfear san áireamh go cúramach aon tuairimí a chuireann an t-imscrúdaitheoir chun cinn. Má bhíonn an t-ionchúisitheoir ag cuimhneamh na cúisimh a bhíonn déanta cheana féin a athrú, nó cás a stopadh, ba chóir dó nó di smaoineamh ar dhul i gcomhairle leis an imscrúdaitheoir ar dtús, mar go mb'fhéidir go mbeadh eolas cuí nó tuairimí úsáideacha ag an duine sin. Tabharfaidh sé sin deis don imscrúdaitheoir aon eolas eile a dhéanfadh difear don chinneadh a chur ar fáil. Sa deireadh thiar áfach is é an Stiúrthóir nó oifigigh ghairmiúla an Stiúrthóra atá ag féachaint do na nithe atá leagtha amach sna Treoirínte seo a dhéanfaidh an cinneadh.

**4.32** Féadfar imeachtaí ar feitheamh ar díotáil a bhac trí nolle prosequi a iontráil. Ní féidir nolle prosequi a iontráil ach amháin le treoir ón Stiúrthóir nó ó oifigigh ghairmiúla an Stiúrthóra. D'fhéadfadh imthosca a bheith ann gur nolle prosequi an bealach is fearr chun stop a chur le himeachtaí a mheasann an t-ionchúisitheoir nár chóir leanúint leo. Cuireann nolle prosequi bac ar an ionchúiseamh ach ní fheidhmíonn i ngach imthoisc mar chosc ar thuilleadh imeachtaí agus is féidir an cúisí a athdhíotáil sa chás nach ionann sin agus mí-úsáid próisis.

**4.33** Mura n-éiríonn le giúiré teacht ar fhíoras i gcás faoi leith nó mura dtéann triail chun críche ba chóir breithniú cibé ar chóir an dara triail nó triail ina dhiaidh sin a bheith ann ar mhaithe le leas an phobail. Ba chóir sa bhreithniú sin go n-áireofaí measúnú an dócha go n-éireadh le giúiré in atriail teacht ar fhíoras ar an bhfianaise a bhíonn ar fáil. Sa chás go n-easaontaíonn an dara giúiré ní

éileodh leas an phobail de ghnáth an tríú triail ar an duine a bhíonn cúisithe ach ba chóir cinneadh a dhéanamh ar gach cás as a chonlán féin.

**4.34** In *Niall Byrne and David Byrne v. The Judges of the Dublin Circuit Court and the DPP*, dúirt Charleton J. an méid seo a leanas le linn breithiúnas na Cúirte Uachtaraí a thabhairt ar an 17 Feabhra 2015:

“... while there is no working presumption that a third trial ought to be prohibited, it is also apparent that a point can come where further trials will be regarded as so oppressive as not to be in accordance with the constitutional guarantee of a criminal trial in due course of law in Article 38.1.”

“While a decision by the Director of Public Prosecutions to order a third criminal trial after juries have failed to agree a verdict on two prior occasions is at the extreme pole of prosecutorial discretion, it is not necessarily an abuse of process or an infringement of the right of the accused to a trial in due course of law.”

Thug Charleton J. ar aird freisin “the role of the Director of Public Prosecutions in making such decisions should be respected” bunaithe ar “a full view of the background circumstances, what may have gone wrong with the trial or trials beforehand, and the issue as to whether there remains a realistic prospect of conviction” agus gur ar an gcúisí “who seeks to challenge a decision to prosecute again and show that that decision is wrong” atá dulagas an chruthúnais.

**4.35** Maidir le hatrialacha, is cás uathúil gach cás agus ní mór gach cás a bhreithniú ar a thuillteamais féin agus de réir na bhfíricí agus na n-imthosca ar leith a bhaineann leis. Fachtóirí cuí ba chóir a bhreithniú agus cinneadh á dhéanamh ar chóir atriail a bheith ann: (i) an raibh, nó nach raibh, an giúiré in ann teacht ar chomhaontú, nó, ar tháinig deireadh leis an triail ar chúiseanna seachas easaontas sa ghiúiré agus, má tháinig deireadh amhlaidh, cén chéim den triail agus cad iad na cúiseanna a bhí i gceist; (ii) cibé acu is fearr, nó is measa, an seans go dtiocfadh giúiré eile ar fhíoras. I gcás Byrne,

shainaithin Charleton J. nithe áirithe mar nithe a bhí lárnach ó thaobh an mbeadh éagóir ann dá ndéanfaí cúisí a thriail an tríú huair tar éis dhá easaontas i ngiúiréithe roimhe sin maidir leis an bhfianaise chéanna, a bheag nó a mhór:

- tromchúis an chiona;
- an raibh castacht an chás i measc na gcúiseanna nach raibh an giúiré in ann comhaontú;
- an bhfuil an fhianaise, de réir a cosúlachta, de chineál a d'fhágfadh go measfadh ionchúisitheoir réasúnach ina leith gur fianaise láidir í;
- An bhfuil fianaise ann ar bhrú a bheith curtha ar chúisí (trí strus agus imní atá cruthaithe), ar brú é de chineál atá níos mó ná mar is gnáth a bheith bainteach le triail choiriúil;
- ar rannchuidigh an lucht cosanta, ar mhodh éagórach, le heasaontais sa ghiúiré. whether there is evidence of oppression of an accused (through stress and anxiety which is proven) beyond what the normal course of a criminal trial entails;

# 5: Athstiúradh Ógchiontóirí agus Ionchúiseamh Leanaí

**5.1** Níor chóir beag a dhéanamh den dochar fadtéarmach a d'fhéadfaí a dhéanamh do leanbh dá mbeadh teagmháil aige/aici leis an dlí coiriúil go luath sa saol. Ní mór féachaint ar ionchúiseamh leanaí mar bheart géar a mbeadh impleachtaí suntasacha aige ar fhorbairt an linbh a bheadh i gceist amach sa saol. Dá bhrí sin, tá srianta reachtúla forchurtha ag an reachtas maidir le himeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne leanaí áirithe.

**5.2** Le halt 52 d'Acht na Leanaí 2001, foráiltear nach féidir aon leanbh faoi bhun 12 bhliain d'aois a chúiseamh i leith ciona. Ach tá eisceacht ann san alt i gcás leanaí atá 10 mbliana d'aois nó 11 bhliain d'aois agus a ndéantar iad a chúiseamh i leith dúnmharú, dúnorgain, banéigean, banéigean faoi alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Banéigean)(Leasú) 1990, nó tromionsaí gnéasach. Foráiltear leis freisin go bhfuil gá le toiliú an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le leanúint ar aghaidh le himeachtaí i gcoinne linbh faoi bhun 14 bliana d'aois atá cúisithe i leith ciona. I gcás ina mbeidh toiliú den sórt sin eisithe ag an Stiúrthóir de réir alt 52(4) d'Acht na Leanaí 2001, is ceart don ionchúisitheoir an toiliú sin a chur in iúl ó bhéal don chúirt atá ag déileáil leis na himeachtaí sin agus is ceart nóta a bhreacadh síos á rá gur cuireadh an méid sin in iúl don chúirt.

**5.3** Foráiltear le halt 75 d'Acht na Leanaí 2001 go bhféadfaidh an Chúirt Leanaí déileáil go hachomair le leanbh atá cúisithe in aon chion indíotáilte seachas dúnorgain nó cion nach mór é a thriail sa Phríomh-Chúirt Choiriúil. Is amhlaidh atá an cás mura rud é nach dtoilíonn an leanbh le diúscairt achomair, nó go bhfuil an breitheamh den tuairim nach ionann an cion agus mionchion a oireann do thriail achomair nó nach ionann an cion agus mionchion a oireann do thriail achomair i gcás inar mian leis an leanbh pléadáil ciontach. Ní mór don chúirt aird a thabhairt freisin ar aois an linbh agus ar an leibhéal aibíochta agus ar aon nithe eile a

mheasann sí a bheith iomchuí. Má tá tuairim curtha in iúl ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i dtaobh an bhfuil, nó nach bhfuil, an t-ábhar oiriúnach lena dhiúscairt go hachomair, ba cheart don ionchúisitheoir an tuairim sin a chur in iúl ó bhéal don chúirt. Ach is faoin gCúirt Leanaí amháin atá sé cinneadh a dhéanamh i dtaobh glacadh le dlínse nó dlínse a dhiúltú.

**5.4** Cé nach mór gach cás a mheas ar thuillteanas, go minic bíonn cás níos láidre ann chun tabhairt faoi ar bhealach eile seachas ionchúiseamh, trí rabhadh a thabhairt. Ar an taobh eile den scéal, ag brath ar cé chomh tromchúiseach a bhíonn an cion líomhnaithe, má rinneadh dochar d'aon íospartach agus ag brath ar an mbealach a ndearnadh é, ag brath ar charachtar agus ar imthosca ginearálta an linbh atá i gceist, b'fhéidir go gcaithfí ionchúiseamh a dhéanamh. Ba chóir don ionchúisitheoir gach uirill a dhéanann tuismitheoirí nó caomhnóirí an linbh a mheas maidir le hionchúiseamh a d'fhéadfaí a thionscnamh. Ba chóir don ionchúisitheoir infheidhmitheacht na roghanna diúscairthe atá ar fáil in aghaidh gach linbh a bhfuil drochamhras faoi a bhreithniú. D'fhéadfadh go mbeadh sé oiriúnach diúscairtí éagsúla a fheidhmiú maidir le daoine ar leith a bhfuil drochamhras fúthu laistigh den chás céanna.

**5.5** De réir leas an phobail ní éileofaí go ndéanfaí leanbh a ionchúiseamh arb é an chéad chion aige é nuair nach cion tromchúiseach an cion líomhnaithe. Mar riail ghinearálta, dá óige an leanbh is ea is lú an seans gur ionchúiseamh an rogha ceart le glacadh. Níor chóir d'ionchúisitheoirí, áfach, staonadh ó leanbh a ionchúiseamh ar bhonn aoise amháin. Tá iomardú agus rabhadh deiridh ceaptha cosc a chur ar chionta a dhéanamh an athuir agus má dhéantar cion eile d'fhéadfaidh gur léiriú é sin nach bhfuil na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an t-ógánach a stiúradh amach as an gcóras cúirte éifeachtach.

- 5.6** Tá an Clár Athstíúrtha d'Ógánaigh atá á fheidhmiú ag an nGarda Síochána curtha ar bhonn reachtúil agus tá tús á chur le Cuid 4 d'Acht na Leanaí, 2001. Tá an prionsabal is buntaca leis an gclár le fáil in alt 18 d'Acht 2001 lena bhforáiltear, maidir le leanaí a bhfuil cionta déanta acu nó a d'iompar iad féin ar mhodh frithshóisialta agus a bhfuil freagracht glactha acu as a n-iompar coiriúil nó frithshóisialta, nach mór breithniú a dhéanamh, faoi réir Chuid 4, maidir lena nglacadh isteach i gclár athstíúrtha mura rud é go n-éilíonn leasanna na sochaí a mhalairt. An Garda Síochána a fheidhmíonn an clár faoi mhaoirseacht Cheannfort Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána. Oifigigh Idirchaidrimh d'Ógánaigh na nGardaí, a bhfuil oiliúint orthu i bprionsabail athchóirithe dlí agus i scileanna idirghábhála, a fheidhmíonn an clár ag leibhéal áitiúil.
- 5.7** Chun go mbeidh ógánach incháilithe do rabhadh faoin gClár Athstíúrtha ní mór don leanbh a bheith níos sine ná aois na freagrachta coiriúla de réir Alt 52 d'Acht na Leanaí, 2001, a bheith faoi 18 mbliana d'aois agus freagracht a ghlacadh as an iompar coiriúil nó as an iompar frithshóisialta líomhnaithe. Is faoi Stiúrthóir Oifig Athstíúrtha Óige an Gharda Síochána atá an cinneadh athstíúradh a dhéanamh faoi Acht 2001 agus ní faoin Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí atá se.

# 6: An Cúiseamh a Roghnaítear

- 6.1** Is feidhm thábhachtach í roghnú an chúisimh agus, de ghnáth, tagann sé faoi réim eisiatach an ionchúisitheora.
- 6.2** Ina lán cásanna, nochtfaidh an fhianaise líon cionta a d'fhéadfadh a bheith ann. Is ceart a bheith cúramach chun a chinntiú go léiríonn an cúiseamh nó na cúisimh go leordhóthanach tromchúis an iompair choiriúil a bhfuil fianaise ann ina leith agus go soláthróidh an cúiseamh nó na cúisimh bonn cuí don chúirt le haghaidh pianbhreithe. De ghnáth, is é an cúiseamh, nó is iad na cúisimh, a dhéanfar ná an ceann nó na cinn is tromchúisí a nochtar leis an bhfianaise. Ach níl aon oibleagáid dlí ann chun an cúiseamh is tromchúisí a dhéanamh. Tá feidhm ag an ábhar breithnithe céanna, i gcás cúiseamh a roghnú, atá ag an gcinneadh chun ionchúiseamh a dhéanamh, mar a thuairiscítear i gCaibidil 4, agus d'fhéadfadh sé go mbeidh imthosca ann is leor chun cúiseamh a dhéanamh atá níos lú ná mar a bheadh indéanta de réir na fianaise.
- 6.3** Tá sé tábhachtach nach ndéanfaidh an t-ionchúisitheoir "ró-chúiseamh". Ní ceart cúisimh atá níos tromaí ná mar is ceart de réir na fianaise a dhéanamh leis an intinn an cosantóir a spreagadh chun pléadail ciontach i gcúiseamh níos lú. Ní ceart don ionchúisitheoir aon chúisimh a dhéanamh seachas iad sin is ceart a dhéanamh de réir na bhfíoras mar atá ar eolas an tráth sin. Go háirithe, ní mór breithniú an-chúramach a dhéanamh i dtaobh cé acu dúnmharú nó dúnorgain an cúiseamh cuí i gcás dúnbhásaithe.
- 6.4** Más féidir, is ceart don ionchúisitheoir staonadh ó líon rómhór cúiseamh a dhéanamh de thoradh na sraithe céanna fíoras. Is fearr go mbeadh sé d'aidhm ag an ionchúisitheoir cúiseamh aonair a roghnú a léiríonn go leordhóthanach cineál agus méid an iompair choiriúil ach, in aon chás, is ceart an líon cúiseamh a choimeád chomh híseal agus is féidir ag féachaint do na prionsabail dár tagraíodh cheana féin. Ba chóir go roghnódh an t-ionchúisitheoir na cionta atá le hionchúiseamh chun go mbeifí ábalta an cás a chur i láthair ar bhealach soiléir agus simplí.
- Nuair a nochtann fianaise líon mór cionta den chineál céanna ba chóir úsáid scór ionadaíoch a bhreithniú go cúramach. D'fhéadfadh iliomad cúiseamh an próiseas trialach a dhéanamh casta. Tá sé tábhachtach cothromaíocht a bhaint amach idir a chinntiú nach bhfuil an iomarca sa díotail agus a chinntiú go léiríonn an díotail go leordhóthanach iomlán na coiriúlachta atá i gceist sa chás.
- 6.5** Nuair atá cionta a d'eascair ón idirbheart céanna nó ón tsraith idirbheart céanna curtha i leith líon mór daoine nó má chúisítear cúisí as roinnt cionta ba chóir don ionchúisitheoir breithniú go cúramach an é an toradh roghnaithe go mbeadh trialacha ar leith i gceist nó an gcuirfí gach ceann ar triail le chéile. I measc na nithe a bheadh le breithniú bheadh an mian trialacha a choinneáil chomh simplí agus chomh gearr agus is féidir, an gá a bheadh le cuntas soiléir, comhleanúnach, cruinn a thabhairt ar an méid a tharla, agus an mian gach fianaise inghlactha cuí, lena n-áirítear fianaise fíoras den chineál céanna, a chur i láthair.
- 6.6** De ghnáth, níl cúisimh i leith comhcheilge oiriúnach i gcás inarb ionann an t-iompar atá i gceist agus cion substainteach agus go bhfuil dóthain fianaise iontaofa ann mar thaca do chúiseamh i leith an chiona sin. Ach bíonn ócáidí ann nuair is é cúiseamh i leith comhcheilge an t-aon slí amháin, agus nuair is é an beart oiriúnach é, chun gníomhú de bhun na fianaise atá ar fáil. I gcás ina mbeartaítear cúiseamh i leith comhcheilge a dhéanamh, nó leanúint le cúiseamh den sórt sin, i gcoinne líon cúisithe i gcomhpháirt, is ceart go gcuimhneoidh an t-ionchúisitheoir ar an mbaol go bhféadfadh an triail éirí an-chasta nó an-fhada.
- 6.7** Nuair a bheadh an Stúirthóir nó a chuid oifigeach ag socrú ar chúiseamh oiriúnach ba chóir dóibh tuairimí An Gharda Síochána, an aturnae, agus an abhcóide a bhreithniú má threoraítear sin dóibh. In ionchúisimh achoimre, is oifigeach de chuid an Gharda Síochána a dhéanfaidh an rogha maidir le cúiseamh i bhformhór cásanna agus ba

chóir dó/di gníomhú de réir na dtreoirínte ginearálta seo agus de réir cibé treoracha a eisíonn an Stiúrthóir ó am go ham, de bhun Alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005. Déantar ceisteanna maidir le ról an Gharda Síochána agus an Stiúrthóra faoi seach a phlé níos mine i gCaibidil 7.

- 6.8** Nuair atá cúisí coinnithe faoi choimeád roimh an gcéad uair sa chúirt dó nó di ba chóir don ionchúisitheoir na cúisimh a bheidh le cur i láthair sa chúirt a bhreithniú chomh maith le cibé ar cheart an duine sin a athchur i gcoimeád. Níor chóir don ionchúisitheoir a éileamh go ndéanfadh an chúirt an cúisí a athchur i gcoimeád nuair a chinntear (i ndiaidh breithniú cuí a dhéanamh ar chineál agus ar mhéid an chiona líomhnaithe agus ar stair choiriúil chúí an chúisí agus tar éis tuairimí an Gharda Síochána a bhreithniú) go bhfuil an baol ann:
- a) go n-éalódh an cúisí;
  - b) go gcuirfeadh an cúisí isteach ar fhinnéithe, ar fhianaise nó ar chúrsa na córa go ginearálta;
  - c) má táthar cúisithe i gcion tromchúiseach, go ndéanfadh an cúisí cion tromchúiseacha eile a bheadh mar bhunús le cur in aghaidh bannaí.
  - d) Ba chóir don Gharda Síochána a bhreithniú cibé an bhfuil coinníollacha bannaí i gceist a chuirfeadh go dóthanach in aghaidh rioscaí a aithnítear maidir leis na forais thuas.

- 6.9** Ba chóir don ionchúisitheoir cúlghairm bannaí a lorg nuair a tharlaíonn sárú tromchúiseach ar choinníoll a bhain le bronnadh na mbannaí sin..



# 7: An tlonchúisitheoir agus an tImscrúdaitheoir

**7.1** Is feidhmeanna ar leithligh agus iontu féin iad imscrúdú agus ionchúiseamh a dhéanamh ar chúisimh laistigh den chóras ceartais choiriúil. Mar riail ghinearálta níl aon fheidhm imscrúdaithe ag an Stiúrthóir agus níl aon chumhacht aige An Garda Síochána ná aon ghníomhaireacht eile a stiúradh agus iad i mbun imscrúduithe. D'fhéadfadh an Stiúrthóir comhairle a thabhairt d'Imscrúdaitheoirí maidir le leordhóthanacht na fianaise chun tacú le cúisimh ainmnithe agus le hoiriúnacht na gcúiseamh nó maidir le saincheisteanna dlíthiúla a thiocfadh chun cinn le linn imscrúdaithe. Cé nach bhfuil an Stiúrthóir freagrach as iompar na n-imscrúduithe is féidir leis a thabhairt le tuiscint cén fhianaise a bheadh de dhíth chun ionchúiseamh a chothú.

**7.2** I gcás go gcreideann an Stiúrthóir go bhféadfadh sé go ndearnadh cion coiriúil, féadfaidh sé an cás a tharchur chuig an nGarda Síochána nó chuig gníomhaireacht imscrúdaithe. Is é An Garda Síochána nó an ghníomhaireacht imscrúdaithe, áfach, a bheidh i mbun an imscrúdaithe. Áirítear ar shamplaí ina bhféadfaí a leithéid d'iarratas a dhéanamh:

- a) nithe a thabharfadh duine nó comhlacht reachtúil go díreach ar aird an Stiúrthóra ag líomhnú gur tharla cion coiriúil;
- b) nithe a thabharfadh na cúirteanna, Binsí Fiosrúcháin nó comhlachtaí poiblí ar aird an Stiúrthóra a tháinig chun cinn le linn na n-imeachtaí; agus
- c) nithe a thiocfadh chun cinn nuair a dhéanadh ionchúisitheoir athbhreithniú ar fhianaise a thabharfadh le fios go ndearnadh coireanna seachas na cinn a bhfuiltear ag lorg treorach ina leith.

**7.3** Mar riail ghinearálta, is ceart don Gharda Síochána nó d'Imscrúdaitheoirí eile iarrataí ar chomhairle ón Stiúrthóir lonchúiseamh Poiblí a dhéanamh i scríbhinn. Áirítear sa chomhairle sin comhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

- a) na cúisimh choiriúla atá ar fáil;
- b) an bhfuil dóthain fianaise ann mar thaca do chúiseamh;
- c) inghlacthacht na fianaise;
- d) an cúiseamh is oiriúnaí sna himthosca;
- e) staid láithreach an dlí;
- f) an ceart déileáil le hábhar go hachomair nó ar díotáil;
- g) cásanna sonraithe nó athbhreithniú breithiúnach;
- h) fianaise a nochtadh;
- i) aon ní achomair nach mbeadh sé i gceist ag an nGarda Síochána leanúint leis.

**7.4** Ba chóir don Gharda Síochána nuair is féidir é treoracha a lorg sula ndéanfaí gach cás indíotáilte, nó cásanna ina bhfuil baol ann go n-éistfí iad ar díotáil, a chúiseamh. Nuair a chúisítear cúisí sula lorgaítear treoracha, ba chóir alt 7.7 a chomhlíonadh.

**7.5** Tá an tríú Treoir Ghinearálta arna eisiúint ag an Stiúrthóir le fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie). In alt 2 den Threoir Ginearálta Uimh 3 foráiltear sna cásanna seo a leanas nár chóir cúiseamh a dhéanamh gan treoracha a fháil roimh ré ó Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí:

- a) Cion a tharlaíonn as marú mídhleathach (lena n-áirítear aon chás dúnmharaite, dúnorgain, tionóisc bóthair mharfach nó tionóisc mharfach eile). Sa chás go mbíonn an t-íospartach básaithe níor chóir aon

- chúiseamh de bharr na heachtra céanna a dhéanamh gan treoracha roimh ré. Ar an tslí chéanna sa chás go mbíonn díobháil thromchúiseach tarlaithe d'íospartach agus é nó í i mbaol báis níor chóir aon chúiseamh a dhéanamh gan treoracha roimh ré.
- b) Cion de dhíobháil thromchúiseach contrártha d'alt 4 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- bb) Cion bagairt a dhéanamh duine a mharú nó díobháil thromchúiseach contrártha d'alt 5 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- c) Cion faoi altanna 51A, 52 nó 53 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, arna leasú, ar fhulaing úsáideoir bóthair eile díobháil thromchúiseach dá bharr.
- d) Cion de chineál gnéis.
- e) Cion d'ionsaí ar chomhalta den Garda Síochána, mura mbeidh an cúiseamh faofa ag comhalta den Garda Síochána ag céim Cigire nó níos airde.
- f) Cásanna lena mbaineann líomhaintí in aghaidh chomhaltaí den Garda Síochána ach amháin cásanna miona tráchta bóthair. Ba chóir treoracha a lorg ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí in aon chás ina n-ardaítear ceist thromchúiseach cibé arbh ionann tiomáint de chuid Garda agus tiomáint chontúirteach nó tiomáint mhíchúramach.
- g) Ciapadh contrártha d'alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- h) Cur i gcontúirt contrártha d'alt 13 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.
- hh) Sárú ar an tsíocháin contrártha don dlí coiteann.
- i) Príosúnú neamhdhleathach
- j) Cion sceimhlitheoireachta agus aon chion i ndáil le sceimhlitheoireacht lena n-áirítear aon chion faoin Acht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 go 1998.
- k) Aon chás ina bhfuil sé i gceist triail a lorg sa Chúirt Choiriúil Speisialta.
- l) Cion de sheilbh airm tine nó armlóin ach amháin seilbh gan deimhniú.
- m) Cion faoin Explosive Substances Act, 1883.
- n) Aon líomhain d'ionsaí as ócáid spóirt.
- o) Cion faoin Acht um Rúin Oifigiúla, 1963.
- p) Breabaireacht agus éillitheacht
- q) Cion ag oifigeach tofa nó oifigeach poiblí a líomhnaítear a rinneadh i gcáil oifigiúil.
- r) Cinedhíothú, coireanna cogaidh, coireanna in aghaidh an duine, píoráideacht agus fuadach.
- s) Cásanna mar a bhforáiltear le reacht nach féidir nósanna imeachta a thionscnamh nó leanúint leo gan cead an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**7.6** I gcás go ndéanann an Garda Síochána gearán a imscrúdú i ndáil le haon cheann de na cionta dá dtagraítear i mír 7.5, má aithníonn an Garda Síochána duine a bhfuil amhras faoi agus go mbíonn fianaise ann chun tacú le hionchúiseamh, ba chóir comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir lena chinneadh cibé ar chóir an duine sin a ionchúiseamh, fiú nuair nach molann an Garda Síochána ionchúiseamh. Nuair nach mbíonn aon fhianaise ann chun tacú le hionchúiseamh áfach, ní gá comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir.

**7.7** Nuair a dhéantar cúiseamh d'uireasa treoracha ó Oifig an Stiúrthóra agus go bhfuil an cás ag dul ar aghaidh ar díotáil ba chóir treoracha a lorg sula gcuirfí ar aghaidh chun trialach é. Breithneoidh an Stiúrthóir nó duine dá oifigigh ghairmiúla cibé ar chóir don ionchúiseamh dul ar aghaidh nó cibé ar cheart aon cheann de na cúisimh a leasú, a tharraingt siar nó cúisimh eile a chur leis.

**7.8** Ní mór don Garda Síochána na hábhair seo a leanas a tharchur chuig Oifig an Stiúrthóra le comhairle a fháil agus, más cuí, le treoracha a fháil de réir treoracha mionsonraithe atá eisithe chuig comhaltaí an fhórsa:

- a) aon chás ina mbeartaítear eiseachadh an chúisí a lorg;
- b) an ceart nó nach ceart díolúine a dheonú do chomhchoirí (nó d'aon duine a bhfuil amhras faoi/fúithi);
- c) cibé ar cheart iarraidh ar Bhreitheamh den Chúirt Chuarda nó den Chúirt Dúiche cás a thabhairt;
- d) ar cheart cás a shonrú nó ar ceart athbhreithniú breithiúnach a lorg;
- e) aon chás inar gá ceadú an Stiúrthóra a fháil chun na himeachtaí a thosú nó a choimeád ar bun;
- f) nithe a bhfuil íogaireacht áirithe nó spéis neamhghnách i measc an phobail ag baint leo.

**7.9** Tá socruithe i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir teagmháil a dhéanamh le comhalta foirne d'Oifig an Stiúrthóra ar an teileafón lasmuigh d'uaireanta oifige chun déileáil le cásanna práinne. Níor cheart treoracha do chúiseamh a thabhairt ar an teileafón ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair a bhíonn cúis mhaith ann go bhfuil sé riachtanach duine a chúiseamh sula féidir comhad scríofa a ullmhú.

# 8: Ról an Ionchúisitheora sa Chúirt

**8.1** Is é aidhm an ionchúisitheora a chinntiú go sroichte fíoras cóir ag deireadh phróiseas na trialach, ní hé go ndéanfaidh sé nó sí iarracht chun ciontú a fháil ar ais nó ar éigean. Ní hé an cuspóir atá le hionchúiseamh coiriúil go bhfaighfí ciontú; is é an cuspóir atá leis ná an fhianaise a mheasann an t-ionchúiseamh a bheith ina fianaise inchreidte is ábhartha don ní a líomhnaítear a bheith ina chion a chur os comhair breithimh nó giúiré. Mura ndéanfaidh an t-ionchúiseamh an breitheamh nó an giúiré a shásamh maidir le ciontacht an chúisí gan aon amhras réasúnach is é an fíoras cuí ná fíoras “neamhchiontach”.

**8.2** Ní hionann dualgas an ionchúisitheora iarracht a dhéanamh fíoras cóir a bhaint amach agus a rá nár chóir dó nó di an cás a ionchúiseamh go bríomhar. Is é dualgas an ionchúisitheora ná an cás a chur i láthair go cóir, ach go hoilte agus go daingean freisin, iarracht a dhéanamh an fhianaise iomlán atá ábhartha agus inghlactha a chur os comhair na cúirte, agus cabhrú leis an gcúirt trí aighneachtaí a thabhairt atá oiriúnach do na fíorais. Beidh an t-ionchúisitheoir i dteideal tuairim an ionchúisimh ar shaincheist ar leith a chur i láthair go daingean agus go bríomhar agus an cás a chuirtear chun cinn thar ceann an chúisí a thástáil, agus nuair is cuí a ionsaí.

**8.3** Ní ceart d'ionchúisitheoir argóint a dhéanamh ar son fíorais nach léiriú cruinn cóir é ar an bhfianaise ná ní ceart dó nó di aon tuairim dlí a chur chun cinn go feasach más tuairim í nach léiriú cruinn é ar an dlí. Má tá údarás ann atá chontrártha do na tuairimí dlí atá á leagan os comhair na cúirte ag an ionchúisitheoir, agus eolas ag an ionchúisitheoir air, ní mór an t-údarás sin a chur in iúl don Chúirt.

**8.4** Is ceart d'ionchúisitheoir, mar chuid de chás an ionchúisimh, gach fianaise inchreidte, ábhartha agus inghlactha a chur os comhair na cúirte mura rud é:

a) go dtoilíonn an chosaint gan an fhianaise a thabhairt ar aird;

b) gur suíodh ní áirithe trí fhianaise eile a chur os comhair na cúirte agus nach ndéantar dochar don chúisí ó tharla nach bhfuil finné áirithe á ghlaoch;

c) nach bhfuil finné ar fáil.

**8.5** Níor chóir ráiteas finné, nach bhfuil sé i gceist ag an ionchúiseamh a ghlaoch le fianaise a thabhairt, a áireamh i leabhar na fianaise. Mar shampla, níl an t-ionchúisitheoir faoi oibleagáid fianaise a chur os comhair na cúirte má mheasann sé nó sí nach bhfuil an fhianaise ábhartha: *DPP v. District Justice McMEnamin and James McGinley* (Neamhthuaisicthe, An Ard-Chúirt, Barron J., 23 Márta 1996).

**8.6** I gcás ina gcinneann an t-ionchúisitheoir gan finné a ghlaoch a bhfuil a ráiteas sa Leabhar Fianaise is ceart an méid sin a chur in iúl don chosaint a luaithe is indéanta le réasún agus, más féidir agus má iarrann an chosaint amhlaidh, is ceart socruithe a dhéanamh chun a chur faoi deara go mbeidh an finné sa chúirt le gur féidir leis an gcosaint é nó í a úsáid mar chuid dá cás. I gcás an *DPP v. Special Criminal Court* [1999] 1 IR 60, dúirt an Chúirt Uachtarach an méid seo a leanas:

“It is agreed on all sides that where the prosecution has a statement of a person who may be in a position to give material evidence, whom they do not want to call as a witness, they are under a duty to make that person available as a witness for the defence and in general, to make available any statements that he may have given. Tuigimid gurb é sin go deimhin an cleachtas atá i bhfeidhm ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le tamall an-fhada”.

In *Paul O'Regan v. The DPP and District Judge MacGruairc* [2000] 1 ILRM 68 at 73, d'aithin an Chúirt Uachtarach gurb é atá sa chleachtas ginearálta a bhfuil glacadh maith leis sa tír seo ná go ndéanfaidh lucht an ionchúisimh na finnéithe go léir a bhfuil a n-ainmneacha ann sa

leabhar fianaise a ghlaoch nó a thairiscint lena chroscheistiú. In *DPP v. Mark Lacy* [2005] 2 IR 241, thug an Chúirt Achomhairc Choiriúil admháil maidir leis an gcleachtas ginearálta sin agus, ina theannta sin, dúirt sí an méid seo a leanas ag 245 agus 248:

- a) “The court is satisfied that a discretion whether or not to call a witness does remain after a book of evidence is compiled. Firstly, the Director of Public Prosecutions retains his discretion as to the prosecution of the offence, including the calling of the witnesses. Secondly, prosecuting counsel retain a discretion as to how a prosecution will proceed, including as to the calling of witnesses. This discretion must be exercised fairly and in the interests of justice.”
- b) “However, if a witness included in the book of evidence is not called or tendered, then there should be good reasons why such a course is adopted.”
- c) “The trial judge has a discretion to intervene in the exercise of this discretion by the prosecuting counsel as to the calling of witnesses where the requirements of a fair and just trial require such an intervention.”

**8.7** Le linn an rogha a fheidhmiú maidir le finné a bhfuil a ráiteas ann sa leabhar fianaise a ghlaoch, is ceart don ionchúisitheoir aird a thabhairt ar na príonsabail a leag Parker LCJ amach in *R v. Oliva* [1965] 3 All ER ag 122 ar ghlac an Chúirt Achomhairc Choiriúil leo, agus a chuir an chúirt sin i bhfeidhm, in *DPP v. Mark Lacy* [2005] 2 IR 241 ag 246, “with the added consideration of the constitutional concept of due process” being “the constitutional guarantee of justice and fair procedures” found “at the root of every criminal trial in this jurisdiction”:

“Accordingly, as it seems to this court, the principles are plain”. Caithfidh an t-ionchúiseamh, ar ndóigh, na finnéithe a bhfuil a n-ainmneacha ar chúl na díotála a bheith sa chúirt aige, ach tá rogha leathan ag an ionchúiseamh ar chóir dóibh iad a ghairm, iad a ghairm agus a scrúdú nó iad a ghairm agus a thairiscint le haghaidh croscheistithe. Ní chuireann an t-ionchúiseamh, ar ndóigh, gach finné chun cinn mar fhinné fírinne, ach i gcás gur féidir fianaise an fhinné a chreidiúint, is é a ndualgas, atá aitheanta go maith, gur

chóir é a ghairm, fiú agus go mbíonn an fhianaise atá sé le tabhairt ar neamhréir leis an gcás a fhéachtar lena chruthú. Caithfear a rogha a fheidhmiú ar shlí a bhíonn measta chun cur le leas an cheartais, agus ag an am céanna a bheith cothrom don chosaint. Más dealraitheach go mbíonn an t-ionchúiseamh ag feidhmiú an rogha sin go míchuí, is féidir le breitheamh na trialach dá rogha féin cur isteach ar na himeachtaí agus iarraidh ar an ionchúiseamh finné áirithe a ghairm agus, má dhiúltaíonn siad, tá an cead deiridh ann inar féidir leis an mbreitheamh féin an finné a ghairm.”

I gcás *Lacy*, dúirt an Chúirt Achomhairc Choiriúil go raibh ainmneacha na bhfinnéithe a chur ar dhroim díotála ar aon dul lena n-ainmneacha a thaifeadadh sa leabhar fianaise sa dlínse seo.

**8.8** Ní mór croscheistiú cúisí i dtaobh creidiúnaí nó bunchúise a sheoladh go cóir. Maidir le hábhar a chuirtear os comhair cúisí, ní mór a mheas ar fhorais réasúnacha go bhfuil sé cruinn agus gur ceart é a úsáid in imthosca na trialach.

**8.9** Ba chóir cúram a ghlacadh nuair a bhíonn cás á chur i láthair do ghiúiré go seachnófaí ráitis a bhféadfadh scaoileadh an ghiúiré ina dhiaidh sin a bheith mar thoradh air sa chás nach bhfuil gá leis na ráitis sin chun an cás a chur i láthair ar shlí chomhleanúnach agus intuigthe. Ba chóir cúram ar leith a dhéanamh i gcás go gcomhairlíonn an chosaint go ndéanfaí agóid in aghaidh ghlacadh le fianaise.

**8.10** D’fhéadfadh a chinntiú go mbíonn an ceart ar chomhionannas arm ag an ionchúiseamh go mbeadh ar an ionchúiseamh atráth ar an ábhar a lorg mar gheall ar gan fógra dóthanach a bheith tugtha don ionchúiseamh, nó chun deis a thabhairt ní ar leithligh a ardaítear den chéad uair a bhreithniú.

**8.11** Is chun leasa an cheartais é go dtabharfaí nithe chun trialach go mear. Chomh fada agus is féidir ba chóir atráthanna tar éis dáta éisteachta a bheith tugtha don triail a sheachaint trí aird phras a thabhairt ar an bhfoirm díotála, fáil a bheith ar fhinnéithe agus aon ní eile a d’fhéadfadh a bheith ina chúis moille.

**8.12** D'fhéadfadh sé go mbeadh an pobal, íospartaigh agus finnétithe ag súil go gcomhlíonfaidh an t-ionchúisitheoir a chuid nó a cuid feidhmeanna ar shlí nach bhfuil indéanta. Ní bhíonn "cliant" ag ionchúisitheoir sa ghnáthchiall den fhocal agus gníomhaíonn sé nó sí chun leasa an phobail. Ní ionadaí dlíthiúil d'íospartaigh coire é nó í agus ní gníomhaíonn sé nó sí mar a gcomhairleoir dlíthiúil. Faoin mBunreacht agus faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, údaraítear don Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh a thionscnamh agus leanúint d'ionchúisimh in ainm Mhuintir na hÉireann. Is é atá i gcoir ná cion i gcoinne an Phobail, i gcoinne na sochaí ina hiomláine, ar cuid di an t-íospartach atá i gceist. Sa phróiseas coiriúil is é an Pobal a thagann chun na cúirte chun ceartas a lorg. Is ionann triail choiriúil agus coimhlint idir an Pobal agus an cúisí, ní idir an t-íospartach agus an cúisí. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go bhfuil an t-íospartach le fágáil gan rochtain ar cibé cúnaimh agus comhairle a fhéadfaidh na dlíodóirí ionchúisimh atá ag feidhmiú thar ceann an Phobail a thabhairt dó nó di go cuí. Tá oibleagáidí aturnaetha agus abhcóidí ionchúisimh i leith íospartach leagtha amach níos mine i gCaibidil 12.

## RÓL AN IONCHÚISITHEORA SA PHRÓISEAS PIANBHREITHE

**8.13** Nuair a láithríonn an t-ionchúisitheoir ag éisteacht maidir le pianbhreith a ghearradh bíonn na dualgais seo a leanas air nó uirthi:

- a) a chinntiú go bhfuil an fhianaise go léir a bhaineann le pianbhreith a ghearradh os comhair na cúirte, cibé acu atá nó nach bhfuil an fhianaise sin fabhrach do chúisí;
- b) a chinntiú go bhfaigheann an t-íospartach an deis chun an ceart éisteachta faoi Airteagal 10 den Treoir maidir le hÍospartaigh a fheidhmiú agus, go háirithe, a chinntiú go bhfuil an fhianaise iomchuí agus na haighneachtaí cuí go léir a bhaineann le tionchar an chiona ar an íospartach ag an gcúirt;
- c) ina theannta sin, a chinntiú go bhfuil an fhianaise iomchuí go léir maidir le himthosca, cúlra agus stair an chúisí, agus ciontuithe atá ag an gcúisí roimhe sin, más ann, os comhair na cúirte mar aon le haon

fhianaise atá ar fáil a bhfuil baint aici leis na himthosca ina ndearnadh an cion ar fianaise í ar dóigh di a bheith ina cabhair don chúirt le linn an phianbhreith chuí a chinneadh;

- d) a chinntiú go bhfuil eolas ag an gcúirt ar an réimse roghanna atá ar fáil aici maidir le pianbhreith a ghearradh faoin dlí;
- e) aird na cúirte a tharraingt ar aon údarás nó reachtaíocht iomchuí a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair le linn an phianbhreith chuí a chinneadh;
- f) cabhrú leis an gcúirt chun nach ndéanfar earráid in achomhairc, agus aird na cúirte a tharraingt ar aon earráid fíorais nó dlí a dhéanfaidh an chúirt le linn pianbhreith a ghearradh.

**8.14** Rinneadh an dualgas a bhíonn ar an ionchúisitheoir i ndáil le pianbhreith a bhreithniú i m breithiúnais de chuid na Cúirte Achomhairc Choiriúil in *DPP v. Z* [2014] 2 ILRM 132, *DPP v. Kieran Ryan* [2014] 2 ILRM 98 agus 435, agus *DPP v. Adam Fitzgibbon* [2014] 2 ILRM 116 agus 424. I bhfianaise na mbreithiúnas sin, mura mbeidh treoir tugtha ag an gCúirt Achomhairc Choiriúil, ag an gCúirt Achomhairc nó ag an gCúirt Uachtarach maidir leis an raon pianbhreitheanna, nó maidir leis an mbanda pianbhreitheanna, atá ann mar gheall ar chionta áirithe nó mar gheall ar aicmí áirithe cionta, ní cuí don ionchúisitheoir bandaí ná raoin pianbhreitheanna a chur faoi bhráid na cúirte a bhfuil an phianbhreith á gearradh aici.

**8.15** Chomh maith lena chinntiú go bhfuil an chúirt ar an eolas faoi na roghanna go léir a bhaineann le pianbhreith a ghearradh agus atá ar fáil di faoin dlí, is é dualgas an ionchúisitheora aird na cúirte a tharraingt ar aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn i dtaca le nithe gaolmhara amhail coigistiú, forghéilleadh, díothú, diúscairt, cúlghairm, dícháiliú, cúiteamh nó aiseag. Déantar é seo a phlé a thuilleadh i gCaibidil 15.

**8.16** I gcás difríocht shuntasach a bheith ann idir an bonn fíorasach ar dá réir a phléadálann cúisí ciontach agus an cas a chuireann an t-ionchúiseamh chun cinn, tá ról áititheach ann don ionchúisitheoir i dtaca le hiarracht a dhéanamh na fíorais ar ceart don chúirt a

pianbhreith a bhunú orthu a shuíomh. I gcás ina bpléadálann an cúisí ciontach, tá sé de dhualgas ar an ionchúisitheoir a chinntiú go dtacaíonn na fíoras a leagtar os comhair na cúirte le gach uile chomhchuid de na cúisimh a bheidh déanta agus atá riachtanach chun bonn atá sách fíorasach a chur ar fáil le gur féidir pianbhreith a ghearradh. I gcás go socraíonn an t-ionchúiseamh gan brath ar thromfhachtóir níor chóir aon ábhar neamhréireach a chur os comhair an bhreithimh a bhíonn ag gearradh pianbhreithe.

**8.17** Nuair a chuireann an chosaint nithe chun cinn mar mhaolú ar nithe iad a bhfuil an t-ionchúiseamh in ann a chruthú ina leith go bhfuil siad mícheart agus ar nithe iad, dá nglacfaí leo, a d'fhéadfadh a thabhairt ar an gcúirt leanúint ar aghaidh ar bhonn mícheart, is ceart don ionchúisitheoir, ar dtús, a chur in iúl don chosaint nach nglactar le maolú. Más rud é go leanfaidh an chosaint ar aghaidh leis an argóint i leith maolaithe, tá sé de dhualgas ar an ionchúisitheoir a iarraidh ar an gcúirt a thabhairt ar an gcosaint an t-ábhar atá faoi dhíospóid a chruthú agus, más gá, fianaise ionchúisimh a éisteacht mar fhrisnéis. Ba chóir comhoibriú daoine ciontaithe le gníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí a aithint go cuí nó, de réir mar a bheidh, a dhíospóid ag an tráth a mbíonn pianbhreith le gearradh.

**8.18** Níl aon oibleagáid ar abhcóidí ionchúisimh déileáil le gach saincheist a chuireann an lucht cosanta ar aghaidh mar mhaolú. I gcás go gcuireann an chosaint nithe chun cinn mar mhaolú agus nach mbíonn fógra tugtha roimh ré don chosaint ina leith nó nach mbíonn an chosaint i riocht fírinne na nithe sin a mheas, ba chóir don ionchúiseamh a iarraidh ar an gcúirt a áiteamh go ndéanfaí na nithe atá i gceist a chruthú go cuí má bhíonn an chúirt lena gcur san áireamh mar mhaolú. Más rud é go ndéantar ábhar lena ngabhann tábhacht áirithe a mholadh mar mhaolú ar ábhar é a measann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina leith nach ní maolaitheach ar chor ar bith é go cuí i gcomhréir le cásdlí na gcúirteanna, tá oibleagáid ar an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí déileáil le hábhair den sórt sin tráth gearrtha na pianbhreithe. Más rud é, maidir leis an maolú a chuireann an lucht cosanta

ar aghaidh, nach féidir a rá. I bhfianaise chásdlí na gcúirteanna, gur maolú é nó go mbaineann an leibhéal maolaithe leis atáthar ag cur ina leith, ansin is ceart don abhcóide ionchúisimh argóint sa chéill sin a léiriú don bhreithimh a bhfuil pianbhreith á gearradh aige/aici - de réir Clarke J. in *DPP v. Adam Fitzgibbon* [2014] IECCA 25, mír 6.5 et seq.

**8.19** Ní ceart don ionchúisitheoir iarraidh a dhéanamh a áitiú ar an gcúirt pianbhreith mhíchuí a ghearradh ná ní ceart pianbhreith de mhéid áirithe a mholadh. Mar sin féin, féadfaidh an t-ionchúisitheoir, ar iarratas na cúirte, aird na cúirte a tharraingt ar aon fhasach iomchuí.

# 9: Nochtadh

## GINEARÁLTA

**9.1** Cuireann na cearta bunreachtúla ar thriail mar is cuí de réir dlí agus imeachtaí cothroma atá le fáil in Airteagail 38.1 agus 40.3 de Bhunreacht na hÉireann dualgas ar an ionchúiseamh gach fianaise iomchuí atá ina sheilbh aige a nochtadh don chosaint. Luaigh McCarthy J. an dualgas sin in *DPP v. Tuite* [1983] 2 Frewen 175 mar seo a leanas:

“The Constitutional right to fair procedures demands that the prosecution be conducted fairly; it is the duty of the prosecution, whether adducing such evidence or not, where possible, to make available all relevant evidence, parol or otherwise, in its possession, so that if the prosecution does not adduce such evidence, the defence may, if it wishes, do so.”

**9.2** In *DPP v. Special Criminal Court* [1999] 1 IR 60, Carney J. (at l.76, i sliocht a cheadaigh an Chúirt Uachtarach ina dhiaidh sin ag l.81) ábhar iomchuí mar fianaise “might help the defence case, help to disparage the prosecution case or give a lead to other evidence”. In *Michael McKevitt v. DPP* (Gan tuairisciú, An Chúirt Uachtarach, 18 Márta 2003 dúirt Keane C. J.:

“the prosecution are under a duty to disclose to the defence any material which may be relevant to the case which could either help the defence or damage the prosecution and that if there is such material which is in their possession they are under a constitutional duty to make that available to the defence.”

**9.3** Tá oibleagáid dá bhrí sin ar an ionchúiseamh gach fianaise iomchuí atá ina sheilbh a nochtadh don chosaint. Tá ceart ag duine a chúisítear i gcion coiriúil sonraí a fháil, ar dtús, faoi fhianaise an ionchúisimh atá le húsáid ag an triail agus, ina dhiaidh sin, fianaise a fháil atá ag an ionchúiseamh agus

nach mbeartaíonn an t-ionchúiseamh a úsáid más rud é go bhféadfadh an fhianaise sin a bheith ábhartha nó ina chabhair don chosaint. Déantar méid an dualgais maidir le nochtadh a chinneadh de réir choincheapa an cheartais bhunreachtúil, an cheartais nádúrtha, nósanna imeachta córa agus próisis chuí agus, chomh maith leis sin, de réir prionsabal reachtúil. Níl na teorainneacha leis an dualgas seo tarraingthe go beacht agus braitheann siad ar imthosca gach cáis. Chomh maith leis sin, is dualgas leanúnach é an dualgas nochtadh agus braitheann sé ar nithe a bhíonn faoi chaibidil ag aon tráth ar leith.

**9.4** Ráthaíonn Airteagal 6 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine an ceart ar éisteacht chothrom do dhuine a mbíonn cion coiriúil curtha ina leith agus:

“go gcuirtear in iúl dó i dteanga a thuigeann sé agus go mion, nádúr agus cúis an chúisithe ina aghaidh”.

Tugann an Coinbhinsiún treoir freisin maidir le cearta íosta daoine cúisithe de réir mar a ráthaítear iad ar fud na hEorpa agus atá corpraithe i ndlí baile na hÉireann leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.

**9.5** Ina theannta sin, tagann dualgas an ionchúisitheora chun nochtadh a dhéanamh faoi réir an chirt atá ag daoine cúisithe faisnéis a fháil in imeachtaí coiriúil de réir mar a thugtar le Treoir 2012/13/AE ón Aontas Eorpach an 22 Bealtaine 2012. Ba é a bhí sa dáta i gcomhair thrasuíomh na Treorach ná an 2 Meitheamh 2014. Áiríonn na cearta atá i dtrácht an ceart chun faisnéis a fháil faoin gcúiseamh faoi Airteagal 6 agus an ceart chun rochtain a fháil ar ábhair an cháis faoi Airteagal 7. Ós rud é nach ndéantar idirdhealú sa Treoir idir imeachtaí ar díotail agus imeachtaí achoimre, tá an fheidhm chéanna ag na cearta a thugtar leis an Treoir maidir leis an dá chineál imeachtaí coiriúla.



## IONCHÚSIMH AR DÍOTÁIL

### An Leabhar Fianaise

**9.6** I gcás ina bhfuil cion le diúscairt trí thriail ar díotáil, tá dualgas reachtúil ar an ionchúisitheoir de bhun alt 4B(1)(a) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967, arna chur isteach le halt 9 den Acht um Cheartas Coiriúil 1999, agus arna leasú le halt 37 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010, doiciméid áirithe ina leagtar amach an fhianaise a bheartaítear a thabhairt ar aird i gcoinne an chúisí a sheirbheáil ar an gcúisí. De ghnáth, gairtear an Leabhar Fianaise de na doiciméid dá bhforáiltear in alt 4(1)(b) d'Acht 1967. Go bunúsach, is é sin an fhianaise a bheartaíonn an t-ionchúiseamh a thabhairt ar aird ag an triail. Is ceart na doiciméid seo a leanas a chur san áireamh sa Leabhar Fianaise:

- a) ráiteas ar na cúisimh i gcoinne an chúisí;
- b) cóip d'aon fhaisnéis mhionnaithe i scríbhinn ar ar tionscnaíodh na himeachtaí;
- c) liosta de na finnéithe a bheartaítear a ghairm ag an triail;
- d) ráiteas ar an bhfianaise a bhfuiltear ag súil ina leith go dtabharfaidh gach finné díobh í;
- e) cóip d'aon doiciméad ina bhfuil faisnéis a bheartaítear a thabhairt i bhfianaise de bhun Chuid II den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992;
- f) más iomchuí, cóip de dheimhniú de bhun alt 6(1) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992; agus
- g) liosta d'fhoilseáin (más ann).

**9.7** De réir alt 4B(1)(a) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967, ní mór don ionchúisitheoir na doiciméid ar iad an leabhar fianaise iad a sheirbheáil ar an gcúisí tráth nach déanaí ná 42 lá ón dáta: (i) nach dtoilíonn an cúisí nó an t-ionchúisitheoir le triail achomair; nó (ii) a roghnaíonn an t-ionchúisitheoir triail ar díotáil; nó (iii) a ndíultaíonn Breitheamh na Cúirte Dúiche dlínse. Faoi alt 4B(3), féadfaidh an t-ionchúisitheoir iarratas a dhéanamh ar fhadú an ama chun an leabhar fianaise a sheirbheáil agus ní mór an t-iarratas sin a bheith bunaithe ar fhoras maith leordhóthanach amhail castacht an cháis, an líon mór finnéithe, nó cúiseanna eile den sórt sin a d'fhéadfadh a bheith ina

gcúis le moill. Ní fhéadfaidh an Breitheamh Cúirte Dúiche an t-ama a fhadú ach amháin más deimhin leis nó léi go bhfuil cúis mhaith ann le déanamh amhlaidh agus gur ar mhaithe le leas an cheartais é déanamh amhlaidh. Mar gheall ar an tréimhse ghearr ama chun an leabhar fianaise a sheirbheáil, d'fhéadfadh sé a bheith níos caoithiúla gan cúisí a chúiseamh go dtí go mbíonn an leabhar fianaise ullmhaithe mura ndán is go mbíonn cúis éigin go mbeadh gníomh den sórt sin míchuí. Le cinneadh Peart J, san Ard-Chúirt, in *Joseph Farrell v. Judge Geoffrey Browne & The Judges of the Circuit Court & The DPP* [2012] IEHC 54, suíodh nach mbaineann 'an riail 42 lá' ach amháin le cionta hibride atá intrialte go hachomair nó ar díotáil. Níl aon teorainn ama ann maidir le seirbheáil an leabhair fianaise i leith cionta atá intrialte ar díotáil amháin.

### Fianaise bhreise

**9.8** De bhun alt 4C den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1968, más rud é, aon tráth tar éis an chúisí a chur ar aghaidh le haghaidh trialach, go mbeartaíonn an t-ionchúisitheoir tuilleadh fianaise a thabhairt ar aird nó finnéithe breise a ghlaoch nó más rud é gur tógadh fianaise ar mhodh teistíocht faoi mhionn nó trí nasc beo teilifíse, ní mór don ionchúisitheoir na doiciméid bhreise seo a leanas a sheirbheáil ar an gcúisí agus a thabhairt do chúirt na trialach más infheidhme sin:

- a) liosta d'aon fhinnéithe breise a bheartaíonn an t-ionchúisitheoir a ghlaoch ag triail;
- b) ráiteas ar an bhfianaise a bhfuiltear ag súil ina leith go mbeidh sí á thabhairt ag finnéithe a bhfuil a n-ainm ar an liosta finnéithe breise;
- c) an ráiteas ar aon fhianaise bhreise a bhfuiltear ag súil ina leith go mbeidh sí á thabhairt ag aon finné a bhfuil a ainm nó a hainm ar an liosta a seirbheáladh cheana faoi alt 4B(1)(c);
- d) aon fhógra go bhfuil sé ar intinn faisnéis atá i ndoiciméad a thabhairt i bhfianaise faoi alt 7(1)(b) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992 mar aon le cóip den doiciméad;
- e) más iomchuí, cóip de dheimhniú de bhun alt 6(1) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992;
- f) cóip d'aon teistíocht a rinneadh faoi alt 4F;
- g) liosta d'fhoilseáin bhreise.

## OIBLEAGÁID AR AN IONCHÚISEAMH ÁBHAR A NOCHTADH NACH BHFUIL SÉ I GCEIST A ÚSÁID AG AN TRIAIL

- 9.9** D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ábhar eile ann de chineál fianaise ar chinn an t-ionchúiseamh ina leith nach n-úsáidfear le linn na trialach é. D'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh cuid den fhianaise seo leis an gcás in aghaidh an chúisí, nó nach mbainfeadh sé den chás, agus sa chás sin níl sé ábhartha agus ní gá é a nochtadh. D'fhéadfadh fianaise eile an bonn a bhaint de ghné éigin de chás an ionchúisimh nó ar shlí eile a bheith ina chabhair don chosaint.
- 9.10** De ghnáth, is ceart nochtadh a dhéanamh, gan iarraidh chuige sin, más fianaise ábhartha atá ann. I dtaca leis sin de, áirítear ar fhianaise ábhartha faisnéis a bhféadfaí a mheas le réasún ina leith mar fhaisnéis as a leanann faisnéis eile a d'fhéadfadh a bheith ina cabhair don chúisí maidir le cás an ionchúisimh a ionsaí nó maidir le cás dearfach dá chuid féin a dhéanamh. De ghnáth, is ceart an fhianaise seo a leanas a nochtadh má tá sí ábhartha:
- a) faisnéis nach bhfuil i bhfoirm ráitis agus a bhfuil eolas ag an ionchúiseamh faoi cibé acu a bheartaíonn nó nach mbeartaíonn an t-ionchúiseamh í a úsáid agus cibé acu a mheastar nó nach meastar ina leith go bhfuil sí iontaoifa;
  - b) i gcás ábhair nach bhfuil i seilbh an ionchúisimh nó nach mbeidh ar fáil aige ach go bhfuil sé ar an eolas gur ann don ábhar sin, ba chóir é a nochtadh;
  - c) faisnéis maidir le finnéithe a bheartaíonn an t-ionchúiseamh a ghlaoch ar faisnéis í a bhféadfaí a mheas ina leith go bhfuil sí ábhartha i dtaca lena n-inchreidteacht, mar shampla ciontuithe coiriúla, gaolmhaireacht le híospartach nó le finné eile nó aon leas pearsanta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le toradh cáis;
  - d) mionsonraí d'aon riocht choirp nó mheabhrach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iontaofacht;
  - e) mionsonraí d'aon dhíolúine ó ionchúiseamh a thugtar d'fhinné i ndáil lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí coiriúla. I gcás go nglactar isteach le finné i gclár um chosaint finnéithe ba chóir an fóras go glacadh isteach sa chlár sin é nó í a nochtadh;
  - f) i gcás go raibh an finné páirteach i ngníomhaíocht choiriúil is ábhar do na cúisimh in aghaidh an chosantóra, cibé ar déileáladh leis an bhfinné i ndáil lena rannpháirtíocht féin agus, má déileáladh, cibé ar chuir an phianbhreith a forchuireadh ar an bhfinné aon chomhoibriú leis an húdaráis um fheidhmiú an dlí i ndáil leis an gceist reatha san áireamh;
  - g) ráitis nach bhfuil san áireamh sa leabhar fianaise agus a d'fhéadfadh a bheith ina gcabhair don chosaint;
  - h) an leagan de ráitis, gan eagarthóireacht déanta orthu, a ullmhaíodh lena gcur san áireamh sa leabhar fianaise;
  - i) ítimí nár cuireadh san áireamh sa liosta foilseán sa leabhar fianaise agus a d'fhéadfadh, le réasún, a bheith ina gcabhair don chosaint;
  - j) faisnéis mhionnaithe agus barántais más iomchuí;
  - k) sonraí faoi chiontuithe an chúisí roimhe sin;
  - l) aon ráitis neamhréireacha roimhe sin ó fhinnéithe a bheartaíonn an t-ionchúiseamh a ghlaoch chun fianaise a thabhairt;
  - m) cóipeanna de gach ráiteas ón gcúisí a taifeadadh go leictreonach nó go meicniúil;
  - n) cóipeanna d'aon ghrianghraif, pleananna, doiciméid nó samhlacha eile a d'fhéadfadh an t-ionchúiseamh a thabhairt ar aird ag an triail nó, cé nach mbeartaítear iad a thabhairt ar aird amhlaidh, a d'fhéadfadh, le réasún, a bheith ábhartha don chosaint. Ba chóir go gcuirfí rochtain réasúnach ar fáil don chosaint chun foilseáin a iniúchadh agus, nuair is indéanta sin a dhéanamh, grianghraif agus fótachóipeanna de na foilseáin sin;
  - o) más rud é nach nglaoonn an t-ionchúisitheoir finné a bhfuil ráiteas

uaidh nó uaidh san áireamh sa leabhar fianaise, is ceart sonraí a thabhairt don chosaint maidir le haon ábhar nó ráitis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha agus, má iarrtar amhlaidh, is ceart don ionchúiseamh a chur faoi deara go mbeidh an finné ar fáil le gur féidir leis an gcosaint é nó í a ghlaoch (féach mír 8.6 agus 8.7 i gCaibidil 8);

p) aon doiciméad iomchuí eile.

**9.11** I gcás gur indéanta sin, ba chóir cóipeanna d'ábhair iomchuí nár úsáideadh a sholáthar don chosaint. I gcás nach indéanta sin, áfach, (mar shampla mar gheall ar an lear mór ábhair a bhíonn i gceist), ba chóir go dtabharfaí an deis don chosaint é a iniúchadh.

### Ábhar atá i seilbh neamhpháirtithe

**9.13** Ag teacht sna sála ar an gcinneadh ón gCúirt Uachtarach i gcás *DPP v. Derek Sweeney* [2001] 4 IR 102, inar cinneadh nach bhfuil aon fheidhm ag an nós imeachta sibhialta ar a dtugtar 'follasú tríú páirtí' maidir le himeachtaí coiriúla, ní fhéadfaidh daoine cúisithe leas a bhaint as an nós imeachta sin chun a chinntiú go dtabharfar ar aird ábhar atá i seilbh neamhpháirtithe.

**9.14** Ní gá, áfach, go gcreimfidh sé sin na nósanna imeachta córa a bhfuil an cúis ina dteideal. Rinne an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Meabhráin Tuisceana le roinnt gníomhaireachtaí chun cúnamh a thabhairt le linn an phróisis nocht. I gcás go mbeidh comhaontuithe den sórt sin i bhfeidhm, ba cheart d'ionchúisitheoirí cloí leis na prionsabail agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sna doiciméid sin. Ina theannta sin, foráiltear le halt 4F den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, go bhféadfar fianaise a thógáil ar mhodh teistíochta faoi mhionn sa Chúirt Dúiche ag aon chéim tar éis filleadh chun trialach. Ina theannta sin, féadfaidh an cúis a chinntiú go ndéanfar aon taifid nó nótaí iomchuí atá i seilbh finné a thabhairt ar aird mar chuid de na nósanna imeachta sin.

### TAIFID CHOMHAIRLEOIREACHTA A NOCHTADH

**9.15** Tá nós imeachta le haghaidh taifid chomhairleoireachta íospartaigh a nochtadh i gcásanna cionta gnéasacha ar fáil ón 30

Bealtaine 2018 i leith. Tá an nós imeachta leagtha amach in alt 19A den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna chur isteach le halt 39 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017. Faoin bhforáil sin, ní fhéadfar taifid chomhairleoireachta íospartaigh a nochtadh gan toiliú sainráite an íospartaigh a fháil nó gan cead na cúirte a fháil tar éis ordú cúirte. Tá feidhm ag an nós imeachta maidir le hionchúisimh sa Chúirt Choiriúil Chuarda agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus leo sin amháin. Tá feidhm aige maidir le hionchúisimh i leith liosta fairsing cionta gnéasacha atá liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001. Tá na cionta sin leagtha amach in "AGUISÍN 1: Taifid Chomhairleoireachta a Nochtadh"

**9.16** Ní bheidh feidhm ag an nós imeachta cúirte i gcás go dtoileoidh an t-íospartach go sainráite le nochtadh na dtaifead comhairleoireachta agus, de réir alt 19A(17) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, go dtarscaoilfidh sé nó sí an ceart atá aige nó aici chun éisteacht nocht a fháil. I gcás go mbeidh taifid chomhairleoireachta á nochtadh le toiliú sainráite an íospartaigh, beidh feidhm ag na Meabhráin Tuisceana a rinne an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí le roinnt gníomhaireachtaí chun cúnamh a thabhairt le linn an phróisis nocht agus cloífidh ionchúisitheoirí leis na prionsabail agus na nósanna imeachta atá leagtha amach sna doiciméid sin.

**9.17** Beidh feidhm ag an nós imeachta cúirte i gcás nach dtoileoidh an t-íospartach le nochtadh na dtaifead comhairleoireachta. Ní mór don ionchúiseamh fógra a thabhairt don chosaint gurb ann do thaifid chomhairleoireachta den sórt sin. Ní dhéanfar na taifid a nochtadh ansin ach amháin i gcás go dtarlóidh sé, tar éis éisteacht chúirte, go ndéanfaidh an chúirt ordú um nochtadh. I bhformhór na gcásanna, tionólfar an éisteacht chúirte tar éis don chosaint iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt. I gcás nach ndéanfaidh an chosaint iarratas ar nochtadh, féadfaidh an t-ionchúiseamh an t-iarratas a dhéanamh i gcás go gcreidfidh an t-ionchúisitheoir go bhfuil sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh. Sula ndéanfar iarratas ar nochtadh, ní mór fógra faoi sin a thabhairt don íospartach, d'aon duine eile lena mbaineann an taifead

comhairleoireachta agus don duine a bhfuil an taifead comhairleoireachta ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú. Beidh na páirtithe sin i dteideal freastal ar an éisteacht agus éisteacht a fháil lena linn. Beidh an t-íospartach i dteideal aturnae arna cheapadh nó arna ceapadh ag an mBord um Chúnadh Dlíthiúil a fháil chun a sheasamh nó a seasamh a leagan amach os comhair na cúirte.

- 9.18** Agus aird á tabhairt ar na tosca atá leagtha amach in alt 19A(10) den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, féadfaidh an chúirt a ordú go ndéanfaí nochtadh don chúisí agus don ionchúisitheoir i gcás go mbeidh sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh. Ní mór don chúirt nochtadh don chúisí a ordú i gcás go mbeadh fíorbhaol ann go seolfaí triail éagórach gan nochtadh den sórt sin. I gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú um nochtadh, leagfar amach san ordú sin a mhéid ba cheart an taifead comhairleoireachta atá i gceist a nochtadh agus na coinníollacha ar cheart an taifead comhairleoireachta a nochtadh faoina mbun. Ar mhaithe leis an gceartas, agus chun an ceart chun príobháideachta atá ag aon duine lena mbaineann an taifead comhairleoireachta a chosaint, féadfaidh an chúirt aon choinníoll a mheasfaidh sí a bheith riachtanach a fhorchur ar nochtadh an taifid. I gcás go ndéanfar breithniú ar thaifid chomhairleoireachta a nochtadh ar mhodh nós imeachta cúirte, ní fhéadfaidh an t-ionchúiseamh ná an chosaint na taifid a fheiceáil roimh ré agus ní fhéadfaidh siad iad a fheiceáil ar chor ar bith ach amháin i gcás go ndéanfaidh an chúirt ordú um nochtadh.

## DUALGAS FIANAISE A LORG, A CHOINNEÁIL AGUS A CHAOMHNÚ

- 9.19** Is féidir roinnt treoirphrionsabail a aimsiú i mbreithiúnais áirithe de chuid na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí in *Daniel Braddish v. DPP* [2001] 3 IR 127, in *Robert Dunne v. DPP* [2002] 2 IR 305, agus sa tsraith cásanna a leanann as na cinní sin. Leagtar amach na prionsabail sin sna paragraif thíos.
- 9.20** Caithfear fianaise a bhaineann le ciontacht nó neamhchiontacht, a mhéid is gá agus is féidir, a choinneáil go dtí deireadh na trialach. Baineann an prionsabal seo freisin le nithe

a chaomhnú a d'fhéadfadh féidearthacht réasúnach a chruthú chun fianaise iomchuí a dhaingniú. Mar nach bhfuil an t-ionchúiseamh le fianaise a úsáid ní údar sin leis an fhianaise a scriosadh nó gan é a chur ar fáil nó nótaí nó taifid fúithi a scriosadh. Sa chás go n-ardaíonn an fhianaise féidearthacht réasúnach chun cás ionchúisimh a fhrisnéisiú ba chóir í a choinneáil.

- 9.21** Tá dualgas ann fianaise a lorg a mbeadh tionchar aici ar chiontacht nó neamhchiontacht. Ní cheanglaíonn an oibleagáid seo ar an imscrúdaitheoir tiomantas daonchumhachta nó acmhainní díreireach a thabhairt i gcuardach mion ar gach cineál fianaise a bhféadfaí cuimhneamh air. Caithfear an dualgas a léirmhíniú go réalaíoch bunaithe ar na fíricí i ngach cás. Tá an oibleagáid fianaise a lorg agus a chaomhnú le léirmhíniú go réasúnach agus caitear ábharthacht na fianaise nó an ábharthacht a d'fhéadfadh a bheith ag fianaise a mheas. Tá oibleagáid agus freagracht ar dhlíodóirí cosanta ábhar a mheasann siad a bheith ábhartha a lorg.
- 9.22** Agus iad ag déanamh de réir na bprionsabail roimhe seo, caithfidh an Garda Síochána aird a bheith acu ar na cearta atá ag úinéir na n-earraí goidte. I gcás go mbíonn fianaise ina seilbh acu nach bhfuil beartaithe a úsáid ag an triail agus a bhfuil sé ar intinn acu a thabhairt ar ais don úinéir nó a dhiúscairt ar shlí eile, ba chóir dóibh é sin a chur in iúl don chúisí roimh ré ionas go mbeadh an deis ag an gcosaint na nithe a scrúdú sula dtugtar ar ais don úinéir iad.

- 9.23** Ba chóir go mbeadh méid réasúnta ama tugtha don chosaint lena bhféadfadh siad iniúchadh den sórt sin a dhéanamh. Ba chóir taifead a choinneáil d'aon chumarsáid leis an gcúisí nó le hionadaithe an chúisí a iarrann rochtain ar an mír agus ba chóir an teorainn ama a cheadaítear do rochtain den sórt sin a thaifeadadh. I gcás go mbíonn maoin ghoidte a bhí in úsáid i gcionta coiriúla faighte ag na Garda Síochána is é an príomhbhreithniú ná a ábharthacht leis an gcion atá á imscrúdú. Caithfear an mhír a bhreithniú le haird ar nádúr foriomlán an imscrúdaithe. Má bhíonn tríú páirtí ag iarraidh go dtabharfaí an ní ar ais, ach nach mbíonn aon duine a

bhfuil drochamhras air nó uirthi aimsithe, ba chóir an cheist a chur ar chóir scrúdú dlí- eolaíochta, sampláil nó tástálacha eile a dhéanamh roimh ré chun frisnéis a dhéanamh ar aon dochar a d'fhéadfadh teacht as an ní a dhiúscairt.

- 9.24** I gcás go mbíonn amhras ar an nGarda Síochána nó ar aon ghníomhaireacht imscrúdaithe eile maidir le ar chóir ábhar a choinneáil ba chóir dóibh comhairle a lorg ar Oifig an Stiúrthóra.

## TEORAINNEACHA LEIS AN DUALGAS CHUN NOCHTADH A DHÉANAMH

- 9.25** Níl an t-ionchúiseamh faoi aon oibleagáid ábhar neamhábharta a nochtadh don chosaint. Má bhíonn an t-ábhar neamhábharta sa chiall nach mbíonn an t-ionchúiseamh ag brath air agus nach dealraitheach go gcabhróidh sé leis an gcosaint, ansin níl sé cuí ná riachtanach é a nochtadh. Ach, mar threoirghné ghinearálta, dá bhféadfadh sé le réasún go mbeadh rud éigin ábhartha, agus gan aon chonstaic eile a bheith ann maidir le nochtadh, bheadh an argóint i bhfabhar nochtadh a dhéanamh. Ní mór a mheabhrú go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-ionchúiseamh ar an eolas faoi chosaint ar leith a bheadh le cur ar aghaidh ag an gcúisí. I gcásanna go mbíonn amhras ann faoi ábharthacht nó faoi éileamh iomaitheach pribhléide ba chóir don ionchúisitheoir smaoinemh ar rialú a lorg ón gcúirt.

- 9.26** Níl an t-ionchúiseamh faoi oibleagáid:

- ráiteas rúnda, arna dhéanamh ag faisnéiseoir de chuid an Gharda Síochána i gcás ina sainaithneofaí an faisnéiseoir dá nochtfaí an ráiteas, a nochtadh;
- céannacht finné ionchasaigh a chuidigh leis na Gardaí, gan é a bheith ar intinn feidhmiú mar fhinné, a nochtadh agus an t-ionchúiseamh a bheith tar éis aontú gan an duine a ghlaoch mura mbíonn fianaise ag an duine sin a chabhróidh leis an gcosaint.

- 9.27** Le linn cinneadh a dhéanamh maidir le hábhar a nochtadh, ní mór don ionchúisitheoir aird a thabhairt freisin ar aon

ábhair eile a d'fhéadfadh a bheith ann i dtaca le leas an phobail. I gcásanna den sórt sin, áfach, is ceart a chur in iúl don chosaint gur coimeádadh ábhar siar ar na forais sin ionas go mbeidh an cúisí in ann rialú cúirte a lorg faoin ábhar. Roinnt fachtóirí ábhartha atá le breithniú ná:

- a) cibé an bhfuil an t-ábhar cosanta le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil. Síneann an polasaí poiblí a chosnaíonn cumarsáid idir dlíodóir agus cliant chomh fada le cumarsáid idir an Stiúrthóir agus a oifigigh ghairmiúla, aturnaetha agus abhcóidí maidir le hionchúisimh dá chuid atá á ndéanamh nó atáthar ag machnamh orthu;
- b) cibé an éascódh an t-ábhar, dá mbeadh eolas air, cionta eile a dhéanamh nó go gcuirfeadh sé duine ar an airdeall faoi imscrúduithe de chuid an Gharda Síochána;
- c) cibé an mbeadh an t-ábhar ina chúnamh do choirpigh trí mhodhanna chun coiriúlacht a bhrath nó a chomhrac a léiriú;
- d) cibé an mbaineann slándáil an Stáit leis an ábhar;
- e) I gcás ina n-éilíonn na himthosca amhlaidh, féadfaidh ionchúisitheoir dearbhuithe i scríbhinn a lorg roimh ré i leith an ábhair atá le nochtadh, ar dearbhuithe iad lena ndaingnítear an méid seo a leanas: go bhfuil sé á chur ar fáil lena úsáid ag comhairleoirí dlí an chúisí, agus acu sin amháin, agus nach ndéanfar aon chóipeanna gan toiliú a fháil roimh ré ón ionchúisitheoir (seachas cóip d'abhcóide dá dtabharfar fógra faoi na coinníollacha ar dá réir atá an t-ábhar á chur ar fáil); nach n-úsáidfear na hábhair bhunaidh agus aon chóipeanna a dhéantar díobh ach amháin chun críocha na n-imeachtaí coiriúla lena mbaineann agus go dtabharfar ar ais don ionchúisitheoir iad ag deireadh na n-imeachtaí sin.

- 9.28** Tá na pribhléidí nó na díolúintí a thuiriscítear in 9.23 agus 9.24 faoi réir na heisceachta 'ceist na neamhchiontachta', is é sin le rá, i gcás gur gá nó gur chóir an t-ábhar lena mbaineann nó céannacht an fhaisnéiseora a nochtadh mar go bhféadfadh an fhianaise a bheadh i gceist, dá gcreidfí í, neamhchiontacht an

chúisí a thaispeáint. Ba é an Tiarna Esher M.R. a shonraigh an bonn leis an eisceacht sin in *Marks v. Beyfus* (1890) 25 QBD 494:

“If upon the trial of a person the judge should be of opinion that the disclosure of the name of the informant is necessary or right in order to show the person’s innocence, then one public policy is in conflict with another public policy, and that which says that an innocent man is not to be condemned when his innocence can be proved is the policy that must prevail.”

Más rud é, dá ainneoin sin, nach bhfuil an t-ionchúiseamh in ann an t-ábhar lena mbaineann a nochtadh ansin d’fhéadfadh sé gur gá scor den ionchúiseamh.

## AN TRÁTH LE NOCHTADH A DHÉANAMH

---

- 9.29** Mar riail ghinearálta, is ceart nochtadh a dhéanamh tráth atá sách luath roimh an triail ionas gur féidir leis an gcúisí an t-ábhar a nochtar a bhreithniú. Ba chóir nochtadh bunúsach deonach an ábhair go léir is féidir a nochtadh a bhíonn ansin i seilbh an ionchúisitheora a dhéanamh ag an tráth a gcuirtear an cúisí ar aghaidh chun trialach. Ba chóir aon ábhar breise a thagann i seilbh an ionchúisimh ina dhiaidh sin nó a iarrann an chosaint go sonrach a nochtadh in ar dhóigh thráthúil.

# 10: Pléití Réamhthrialach maidir le Pléadálacha

**10.1** Aithnítear sa dlí go mbeidh pléadail chiontach ar cheann de na tosca a chuirfeadh san áireamh agus pianbhreith á maolú. Is le pléadail chiontach a ghabhann tairbhí soiléire don chóras ceartais choiriúil. Maidir le leasanna íospartaigh na coireachta, leasanna finnétithe, leasanna an phobail i gcoitinne agus leasanna daoine eile, áirítear iad seo a leanas leis na tairbhí a ghabhann le pléadail chiontach: aon drochiarmhairtí nó aon drochthionchar a d'eascródh as fianaise a thabhairt ag an triail a sheachaint; ionchúisimh choiriúla a réiteach go pras agus go cinnte; laghdú a dhéanamh ar an moill ar chásanna eile atá ar feitheamh a réiteach; agus coigilteas iarmhartach airgeadais agus costais a bhaint amach.

**10.2** Féadfaidh an chosaint dul i dteagmháil le hionchúisitheoirí chun plé a dhéanamh ar na cúisimh a bhfuiltear le dul ar aghaidh leo. I bhformhór na gcásanna den sórt sin, déanfaidh an cúisí tairiscint chun pléadail chiontach i líon níos lú cúiseamh ná an líon iomlán cúiseamh nó i gcúiseamh nó cúisimh nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna. I gcás den sórt sin, ní rachfar ar aghaidh leis na cúisimh eile toisc gur cuireadh nolle prosequi isteach nó toisc gur chuir an breitheamh atá ag forchur na pianbhreithe an phléadail sin san áireamh agus gur chinn sé nó sí gan dul ar aghaidh le ciontú. Tá nolle prosequi pléite i mír 4.32 i gCaibidil 4. Is le halt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1951, a fhoráiltear do chionta eile a chur san áireamh.

**10.3** I gcásanna ina ndéanfar tairiscintí den sórt sin chun pléadail chiontach, beidh aird chuí ag ionchúisitheoirí ar Airteagal 10 de Threoir 2012/29/AE ón Aontas Eorpach maidir le hÍospartaigh agus ar alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, arna leasú le halt 31 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, ar faoina mbun atá sé de cheart ag íospartaigh na coireachta éisteach a fháil le linn imeachtaí coiriúla agus fianaise

a thabhairt. Cuimsíonn an ceart sin céim na pianbhreithe d'imeachtaí coiriúla. Tríd is tríd, i gcás nach dtiocfaidh aon imthosca chun cinn ar dá mbarr a bheidh sé míchuí déanamh amhlaidh, níor cheart don ionchúisitheoir comhaontú le tairiscintí chun pléadail chiontach ach amháin ar an mbonn go gcuirfidh an chúirt na cúisimh eile san áireamh le linn pionós a fhorchur. Cé nach dtaifeadfar ciontú i leith na gcúiseamh eile sin, caomhnófar an ceart atá ag an íospartach chun éisteach a fháil agus chun fianaise a thabhairt ina leith. Maidir leis an bpionós a fhorchuirfidh an chúirt, ba cheart na cúisimh atá le cur san áireamh a léiriú ann. Ní fhéadfar cion lena ngabhann orduithe iarmhartacha áirithe ar chiontú, amhail díchháiliú ó thiomáint, a chur san áireamh faoi alt 8 d'Acht 1951.

**10.4** Tagraítear i gCaibidil 6 de na Treoirínte seo don chúram nach mór a ghlacadh agus an cúiseamh nó na cúisimh atá le leagan á roghnú. Ina ainneoin sin, is féidir go dtiocfaidh athrú ar na himthosca atá i gceist idir an cinneadh bunaidh chun duine a chúiseamh agus an triail féin. Is féidir go dtiocfaidh fórais nua a bhaineann leis an gcion, leis an gcúisí, leis an íospartach nó le finnétithe chun solais. Is féidir nach mbeidh fianaise ar fáil a thuilleadh. I gcásanna áirithe, is féidir go dtiocfar ar thuairim eile ar an gcás tar éis é a bhreithniú tuilleadh.

**10.5** Ní mór comhaontuithe i leith cúisimh nó cúiseamh agus i leith pléadálacha a bheith comhsheasmhach le ceanglais an cheartais. Níor cheart don ionchúisitheoir breithniú a dhéanamh ar thogra ón gcosaint chun pléadail chiontach i roinnt de na cúisimh nó i gcúiseamh nó cúisimh nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna ach amháin i gcás:

- a) go mbeidh an cúiseamh nó na cúisimh a bhfuil an chosaint ag tabhairt le fios go bpléadálfaidh an cúisí chiontach ann nó

- iontu cuí, ag féachaint do chineál iompar coiriúil an chúisí agus don toradh ar dóigh dó teacht as an gcás; agus
- b) go mbeidh fianaise ann chun tacú leis na cúisimh.
- 10.6** Níor cheart glacadh le pléadáil i gcás go saobhfadh sé sin na fíorais atá nochtá san fhianaise atá ar fáil agus go mbeadh bonn saorga ann leis an bpianbhreith dá bharr sin.
- 10.7** Tá sé chun leas an phobail a chinntiú go dtaifeadfar cionta mar chiontuíthe. Le linn a chinneadh cé acu a ghlacfar nó nach nglacfar le pléadáil in aon chás inar cúisíodh roinnt cionta, ba cheart aird a thabhairt ar nithe amhail líon agus aitheantas na n-íospartach aonair, an raon dátaí, luach na maoinne agus cé acu atá nó nach bhfuil aon tosca géaraitheacha ann atá sonrach do roinnt de na cionta. I gcás go mbeidh roinnt cionta i gceist leis an aon eachtra amháin, is féidir go mbeidh sé cuí glacadh le pléadáil i leith an phríomhchiona i gcás go gcuirfear na fíorais iomchuí uile in iúl don bhreitheamh atá ag forchur na pianbhreithe.
- 10.8** Aon chinneadh maidir le cé acu a chomhaontófar nó nach gcomhaontófar le togra a chuirfidh an chosaint ar aghaidh, ba cheart imthosca uile an cháis a chur san áireamh ann, go háirithe na tosca seo a leanas nuair a bheidh siad iomchuí:
- a) a láidre atá cás an ionchúisimh;
- b) cé acu a bheadh nó nach mbeadh an pionós ar dóigh go bhforchuirfear é i gcás go ndéanfar na cúisimh a athrú mar atá beartaithe (agus aird á tabhairt ar nithe amhail cé acu atá nó nach bhfuil téarma príosúnachta á chur isteach ag an gcúisí cheana féin) ag teacht leis an iompar coiriúil atá i gceist;
- c) a inmhianaithe atá sé an cás a réiteach go pras agus go cinnte;
- d) cúlra agus stair an chúisí agus aon chiontuíthe roimhe atá aige nó aici;
- e) an dóchúlacht go mbeidh drochiarmhairtí ann d'fhinnéithe i gcás nach gcuirfear an cás de lámh tar éis pléadáil a chur isteach, lena n-áirítear an tionchar a imreofar ar fhinné mar thoradh ar fhianaise a thabhairt;
- f) an gá atá ann le moilleanna a sheachaint ar chásanna eile atá ar feitheamh a réiteach;
- g) cé acu atá nó nach bhfuil an cúisí sásta comhoibriú san imscrúdú nó san ionchúiseamh ar dhaoine eile, nó a mhéid a chomhoibrigh an cúisí ina leith sin cheana féin;
- h) i gcás cionta in aghaidh an duine agus cionta tromchúiseacha eile, tuairimí an íospartaigh nó tuairimí daoine eile a ndeachaigh an cion i bhfeidhm go mór orthu – ní cinntitheach go heisiach a bheidh na tuairimí sin, áfach, toisc gurb é leas an phobail, seachas leas aon duine aonair phríobháidigh ná aon leas earnála, an leas nach mór freastal air;
- i) tuairimí an chomhalta imscrúdúcháin den Gharda Síochána.
- 10.9** Níor cheart don ionchúisitheoir in aon chás breithniú a dhéanamh ar thogra chun pléadáil ciontach i gcúiseamh ar ina leith a áitíonn an cúisí go fóill go bhfuil sé nó sí neamhchiontach.
- 10.10** I gcásanna indiotáilte nó i gcásanna achoimre ar ina leith is gá toiliú an Stiúrthóra le hionchúiseamh a fháil nó ar ina leith a fuarthas an toiliú sin go sonrach, is amhlaidh, maidir le haon togra chun glacadh le pléadáil i leith líon níos lú cúiseamh ná an líon cúiseamh arbh fhearr é nó i leith cúisimh nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna leis na cúisimh arbh fhearr iad, nach mór an togra a tharchur chuig oifigeach de chuid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lena chinneadh.
- 10.11** I bhformhór na gcásanna indiotáilte, féadfaidh cúisí a roghnú, de réir alt 13(2)(b) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, a roghnú pléadáil chiontach a shíniú agus a roghnú go gcuirfí é nó í ar aghaidh le haghaidh pianbhreithe sa chúirt trialach. Ní bheidh Leabhar Fianaise ag teastáil i gcásanna den sórt sin. Féadfaidh duine cúisithe an phléadáil i scríbhinn a tharraingt siar ina dhiaidh sin agus pléadáil neamhchiontach sa chúiseamh sa chúirt trialach. Ní bheidh an rogha sin ar fáil do líon beag cionta tromchúiseacha



atá liostaithe in alt 13(1) den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, lena n-áirítear dúnmharú.

- 10.12** Sula bhféadfar cúisí a chur ar aghaidh le haghaidh pianbhreithe de bhun pléadáil chiontach shínithe, ní mór gur deimhin leis an mbreitheamh den Chúirt Dúiche go dtuigeann an cúisí cineál an chiona agus na bhfóras atá á líomhain. Ní mór toiliú a fháil ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí freisin. Ba cheart don ionchúisitheoir aird a thabhairt ar an bhfóras nach bhféadfar aon chúisimh eile a thabhairt sa chúirt trialach i gcás gur cuireadh cúisí ar aghaidh le haghaidh le haghaidh pianbhreithe de bhun pléadáil chiontach shínithe.
- 10.13** Níor cheart d'abhcóide an ionchúisimh in aon chás páirt a ghlacadh in aon phlé príobháideach idir abhcóide na cosanta agus breitheamh trialach, ná freastal ar aon phlé den sórt sin, maidir leis an bpionós a d'fhéadfaí a fhorchur ar chúisí i gcás go bpléadálfaidh sé nó sí ciontach i ngach ceann de na cúisimh nó in aon cheann díobh. I dtuairim an Stiúrthóra, ní dóigh go mbeidh nós imeachta den sórt sin, gan aon reachtaíocht lena n-údaraitear é, i gcomhréir leis an gceanglas atá in Airteagal 34.1 de Bhunreacht na hÉireann, is é sin: ba cheart ceartas a riaradh go poiblí ach amháin sna cásanna speisialta teoranta sin a ordófar le dlí. I gcás *DPP v. Frank Heeney* [2001] 1 IR 736, chuir an Chúirt Uachtarach in iúl nach measann sí go bhfuil an nós imeachta inmhiannaithe agus thug sí cead don Stiúrthóir scor de.
- 10.14** Is féidir go mbeidh imthosca eisceachtúla ann ina mbeidh an t-ionchúiseamh agus an chosaint araon ag iarraidh, ar mhaithe leis an gceartas, nithe áirithe a chur in iúl do bhreitheamh trialach go príobháideach. Mar shampla, d'fhéadfadh nithe áirithe, dá nochtfaí go poiblí iad, saol nó sábháilteacht phearsanta an chúisí nó saol nó sábháilteacht phearsanta duine éigin eile a chur i mbaol. I gcás den sórt sin, ba cheart abhcóide don Stiúrthóir treoracha sonracha a lorg agus a fháil ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun an ní a lua leis an mbreitheamh i ndlísheomraí.

# 11: Achomhairc i gCoinne Ionchúisimh agus Athbhreithnithe ar Phianbhreitheanna

## ACHOMHAIRC Ó IMEACHTAÍ ACHOIMRE

**11.1** Tá cearta áirithe ag an ionchúiseamh achomharc a thionscnamh nó iarratais a dhéanamh, mar shampla i gcás éigiontaithe, i gcás go n-iarrfar atriail nó i gcás go measfar pianbhreith a bheith róthrócaireach. An cheist maidir le cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar achomhairc nó iarratais den sórt sin a dhéanamh, ní mór í a bhreithniú go práinneach toisc gur féidir go mbeidh dianteorainneacha ama leo. Ach amháin i gcás achomhairc ar mhodh cás sonraithe nó iarratais ar athbhreithniú breithiúnach, is amhlaidh, tríd is tríd, nach mbeidh sé de cheart ag an ionchúiseamh achomhairc nó iarratais a dhéanamh i gcúirteanna dlínse achoimre.

**11.2** Aon ionchúisitheoir atá ag láithriú thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus atá den tuairim go ndearna cúirt earráid dlí agus gur féidir gur ar fáil don Stiúrthóir a bheidh ceann amháin de na leigheasanna dá dtagraítear thíos i mír 11.4 nó i míreanna 11.10 go 11.14, agus an dá mhír sin san áireamh, beidh sé de dhualgas air nó uirthi an méid sin a chur in iúl don Stiúrthóir a luaithe is féidir.

## CÁS A SHONRÚ AR CHEIST DLÍ A ÉIREOIDH IN IMEACHTAÍ I GCÚIRTEANNA ACHOIMRE AGUS I GCÚIRTEANNA CUARDA

**11.3** De réir na bhforálacha seo a leanas, féadfar iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt de bhun imeachtaí achoimre. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh achomhairc ar mhodh cás sonraithe teoranta don phonc dlí atá i gceist agus nach bhféadfar iad a athéisteacht.

a) faoi alt 52 d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 – féadfaidh aon duine a éisteadh in imeachtaí sa Chúirt Dúiche, lena n-áirítear an t-ionchúiseamh agus

an chosaint, a iarraidh go dtarchuirfeadh an breitheamh aon cheist dlí a éireoidh sna himeachtaí sin a tharchur chuig an Ard-Chúirt lena cinneadh. Ní mór don Bhreitheamh den Chúirt Dúiche cás a shonrú ach amháin i gcás go measfar an iarraidh a bheith suaibhreasach. Tugtar 'cás sonraithe comhairleach' ar an nós imeachta sin.

b) faoi alt 2 den Summary Jurisdiction Act 1857 – maidir le haon pháirtí in imeachtaí a ndearna Breitheamh den Chúirt Dúiche iad a éisteacht agus a chinneadh, lena n-áirítear an t-ionchúiseamh agus an chosaint, féadfaidh sé nó sí, i gcás go mbeidh sé nó sí míshásta leis an gcinneadh toisc go bhfuil sé earráideach ar phonc dlí, iarratas a dhéanamh chuig an mbreitheamh cás a shonrú lena chinneadh ag an Ard-Chúirt.

**11.4** Foráiltear le Rial 15 d'Ordú 102 de na Rialacha Cúirte Dúiche, 1997, nach bhféadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche diúltú cás a shonrú i gcás go ndéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an t-iarratas nó an iarraidh nó i gcás go ndéanfar an t-iarratas nó an iarraidh faoi threoir an Stiúrthóra.

**11.5** Is leis na forálacha seo a leanas a rialaítear iarratais chuig an gCúirt Chuarda:

a) faoi alt 16 d'Acht na gCúirteanna Breithiúnais, 1947 – de réir fhorálacha alt 74 den Acht um an gCúirt Achomhairc, 2014, féadfaidh aon pháirtí in imeachtaí Cúirte Cuarda atá ar feitheamh, lena n-áirítear an t-ionchúiseamh agus an chosaint, a iarraidh go ndéanfaí cás comhairleach a shonrú ar aon cheist dlí a éireoidh sna himeachtaí lena cinneadh ag an gCúirt Achomhairc.

b) Is le hOrdú 62 de na Rialacha Cúirte Cuarda, 2001, a rialaítear cásanna comhairleacha a shonraíonn an Chúirt Chuarda don Chúirt Achomhairc.

## AN CHÚIRT ACHOMHAIRC

- 11.6** Cuireadh an Chúirt Achomhairc ar bun i mí Dheireadh Fómhair 2014 de bhun an 33ú Leasú ar an mBunreacht. Tá dlínse achomhairc aici i leith na gcinntí uile ón gCúirt Choiriúil Chuarda, ón gCúirt Choiriúil Speisialta agus ón bPríomh-Chúirt Choiriúil faoi Airteagal 34 de Bhunreacht na hÉireann. Áirítear leis sin réamhorduithe, orduithe coimhdeacha agus orduithe idirmheánacha ó chúirteanna trialach. *DPP v DH* [2018] IESC 32. Leis an Acht um an gCúirt Achomhairc, 2014, leasaítear an reachtaíocht chun dlínse achomhairc a aistriú ón gCúirt Uachtarach agus ón gCúirt Achomhairc Choiriúil chuig an gCúirt Achomhairc.
- 11.7** Tá ceart ag an gcúisí, bunaithe ar thaifead na cúirte trialach, achomhairc a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc i gcoinne ciontaithe nó pianbhreithe. Tá foráil ann freisin le haghaidh iarratas 'iomrall ceartais' a dhéanamh bunaithe ar fhórais nua nó nua-aimsithe tar éis na hachomhairc sin a ídiú.
- 11.8** Tá cearta teoranta áirithe ag an ionchúiseamh achomhairc a thionscnamh nó iarratais a dhéanamh, mar shampla i gcás go measfar pianbhreith a bheith róthrócaireach, i gcás éigiontú ordaithe nó i gcás go n-iarrfar atriail tar éis fianaise nua a aimsiú. An cheist maidir le cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar achomhairc nó iarratais den sórt sin a dhéanamh, ní mór í a bhreithniú go práinneach toisc gur féidir go mbeidh dianteorainneacha ama leo.
- 11.9** Aon ionchúisitheoir atá ag láithriú thar ceann an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus atá den tuairim go ndearna cúirt trialach earráid dlí agus gur féidir gur ar fáil don Stiúrthóir a bheidh ceann amháin de na leigheasanna dá dtagraítear thíos, beidh sé de dhualgas air nó uirthi an méid sin a chur in iúl don Stiúrthóir gan mhoill.

## ATHBHREITHNIÚ AR PHIANBHREITHEANNA A FHORCHUIRTEAR AR DÍOTÁIL

- 11.10** De réir na bhforálacha d'alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, féadfaidh an Stiúrthóir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc ar athbhreithniú ar phianbhreitheanna ar dhuine

a chiontú ar díotáil, i gcás gur dealraitheach don Stiúrthóir go bhfuil na pianbhreitheanna sin 'róthrócaireach'.

- 11.11** In aon iarratais faoi alt 2 d'Acht 1993, is ar an Stiúrthóir a bheidh sé a thaispeáint nach é amháin gur pianbhreith thrócaireach í ach gur pianbhreith róthrócaireach í freisin. Leagtar ualach mór ar na cúiseanna a bhí ag an mbreitheamh trialach leis an bpianbhreith a fhorchur. Is é imeacht substaintiúil ón bpianbhreith a mheasfaí a bheith cuí, agus imeacht den sórt sin amháin, an t-aon rud a thabharfadh údar le hidirghabháil ón gcúirt chun an phianbhreith a mhéadú: *DPP v. Christopher Byrne* [1995] 1 ILRM 279. Ní mhéadóidh an Chúirt Achomhairc an phianbhreith bunaithe ar easaontas le déine na pianbhreithe agus air sin amháin.
- 11.12** Is réamhchoinníoll le haghaidh cur isteach achomhairc ar phianbhreith é go ndearna an chúirt a d'fhorchuir an phianbhreith earráid phrionsabail: *DPP v. George Redmond* [2001] 3 IR 390. Is féidir go mbeidh imeacht soiléir ón ngnás ina earráid ann féin: *DPP v McCormack* [2000] 4 IR 356. I measc na ngnáthearráidí a dhéantar tá na heilimintí sonracha a bhaineann leis an gciontóir agus earráid phrionsabail a rinneadh sa dóigh ar thug an breitheamh trialach aghaidh ar an bpianbhreith. Fiú amháin i gcás go sainaithneofar earráid, áfach, ní fhéadfaidh an chúirt cur isteach ar an bpianbhreith i gcás go mbeadh an phianbhreith cuí ar shlí eile nó i gcás go mbeadh sé éagórach cur isteach uirthi: *An Pobal (DPP) v McCabe* [2005] IECCA 90.
- 11.13** Ní mór don Stiúrthóir an próiseas um iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar phianbhreith a chur i gcrích laistigh de 28 lá ó dháta na pianbhreithe, lena n-áirítear an fógra a thaisceadh agus a sheirbheáil. I gcás gach ciontaithe ar díotáil, tá sé riachtanach go gcuirfeadh an t-atornae agus an t-abhcóide atá ag déanamh ionadaíocht don Stiúrthóir in iúl, agus é nó í ag tuairisciú d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, go bhfuil sé nó sí den tuairim gur tháinig saincheist chun cinn a bhaineann le cé acu a bhí nó nach raibh an phianbhreith a forchuireadh róthrócaireach. I gcás go dtiocfaidh aturnae nó abhcóide ar an tuairim sin, nó go gcreidfidh sé nó sí gur cheart don Stiúrthóir breithniú cuí a dhéanamh ar an

ní, ba cheart dó nó di teagmháil a dhéanamh le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lom láithreach.

**11.14** Ós rud é go leagtar mórualach ar na cúiseanna a bhí ag an mbreitheamh trialach leis an bpianbhreith a forchuireadh, tá sé riachtanach go gcuirfí an Stiúrthóir ar an eolas go hiomlán faoi na cúiseanna sin agus go bhfaigheadh an Stiúrthóir mionsonraí iomlána faoin bhfianaise a tugadh os comhair na cúirte ag an éisteacht pianbhreithe, i gcás go dtarchuirfear chuig an Stiúrthóir an cheist maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart athbhreithniú a iarraidh ar an bpianbhreith. I ngach cás a éisteadh ar díotáil agus ar ciontaíodh duine agus ar forchuireadh pianbhreith ar dhuine dá bharr, ba cheart don abhcóide don ionchúiseamh aird chúramach a thabhairt ar na cúiseanna a bhí ag an mbreitheamh trialach leis an bpianbhreith, lena n-áirítear, go háirithe, aon tosca maolaitheacha a cuireadh san áireamh.

**11.15** Sa tuarascáil ón atur nae agus ón abhcóide, ba cheart an tuairim uaidh nó uaithi maidir leis na nithe seo a leanas a leagan amach:

- cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go ndearna an breitheamh earráid ábhartha dlí, nár thuig sé nó sí na prionsabail chuí um pianbhreith a fhorchur nó nár chuir sé nó sí na prionsabail sin i bhfeidhm i gceart, nó nach ndearna sé nó sí measúnú nó breithniú cuí ar ghné shuntasach éigin den fhianaise, mar a bhí soiléir sna ráitis ón mbreitheamh le linn dó nó di an phianbhreith a fhorchur;
- aon bhealach ina bhfuil an phianbhreith neamhleor, rud a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint go ndearna an breitheamh earráid phrionsabail;
- an raon pianbhreitheanna (ag féachaint do chásanna inchomparáide) a bhí ar oscailt go dlisteanach don bhreitheamh bunaithe ar na fórais;
- an dóigh ar seoladh na himeachtaí; agus
- an dóchúlacht go n-éireoidh le haon iarratas ar athbhreithniú.

**11.16** I gcás go ndeonóidh an Chúirt Achomhairc an t-iarratas agus go neamhneoidh sí an phianbhreith, gníomhóidh sí mar chúirt atá ag forchur na pianbhreithe tráth an dáta atá an

phianbhreith nua le forchur: *An Pobal (DPP) v O'Leary* [2015] IECA 128. Féadfar aon imthosca iomchuí a thit amach ó forchuireadh an phianbhreith bhunaidh a chur in iúl don chúirt lena mbreithniú. I gcás an ionchúisimh, is féidir go mbeidh leagan nuashonraithe den Ráiteas Tionchair Íospartaigh i gceist leis sin, i gcás go raibh aon fhorbairt ábhartha ann ó rinneadh an ráiteas bunaidh, agus faisnéis nuashonraithe ón nGarda Síochána.

## IARRATAIS AR ATRIAIL TAR ÉIS ÉIGIONTÚ AR DíOTÁIL

**11.17** Féadfaidh an Stiúrthóir iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc ar ordú um atriail i leith aon duine a triaileadh ar díotáil agus a éigiontaíodh ag an triail, nó ar achomharc i gcoinne ciontaithe nó ar achomharc i gcoinne cinneadh den sórt sin ar achomharc, de réir fhorálacha Chuid 3 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010:

- faoi alt 8(3) – i gcás gur dealraitheach don Stiúrthóir;
- go bhfuil fianaise nua fhíorláidir ann i gcoinne an duine a éigiontaíodh sa chion iomchuí lena mbaineann; agus
- gurb é leas an phobail déanamh amhlaidh;
- faoi alt 9(3) – i gcás gur ciontaíodh an duine a éigiontaíodh nó duine eile i gcion i gcoinne riaradh an cheartais a bhaineann leis na himeachtaí ba chúis leis an éigiontú, rud a d'fhág smál ar na himeachtaí sin agus ar an éigiontú sin, agus i gcás gur dealraitheach don Stiúrthóir;
- go bhfuil fianaise fhíorláidir ann i gcoinne an duine a éigiontaíodh; agus
- gurb é leas an phobail déanamh amhlaidh.

## ACHOMHAIRC LE DOCHAR AR CHEIST DLÍ

**11.18** Féadfaidh an Stiúrthóir achomharc a dhéanamh ar cheist dlí i gcoinne éigiontú duine a triaileadh ar díotáil, de réir fhorálacha alt 23(1)(l) agus Chuid 4 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010, i gcás gur dealraitheach don Stiúrthóir:

- go ndearna an chúirt trialach rialú lena eisiadh fianaise fhíorláidir go hearráideach; nó

- b) gur thug an chúirt trialach ordachán á ordú don ghiúiré an duine a fháil neamhchiontach i gcás:
- i) go raibh an t-ordachán mícheart faoin dlí, agus
  - ii) gurbh fhianaise a d'fhágfadh go mb'fhéidir go mbeadh an giúiré sásta le réasún thar amhras réasúnach faoi chiontach an duine i leith an chiona lena mbaineann an fhianaise a tugadh ar aird sna himeachtaí.

## ACHOMHAIRC GAN DOCHAR AR CHEIST DLÍ

- 11.19** I gcás go n-éigiontófar duine a triaileadh ar díotáil (go hiomlán nó go páirteach i ndáil leis an díotáil), féadfaidh an Stiúrthóir, gan dochar don fhíoras nó don chinneadh i bhfabhar an duine chúisithe, ceisteanna dlí a déirigh le linn na trialach a tharchur chuig an gCúirt Achomhairc lena gcinneadh faoi alt 34 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 (arna leasú).
- 11.20** Níl aon teorainn ama ann le tarchur den sórt sin a dhéanamh agus níor cheart aon ainmneacha a úsáid le linn na n-imeachtaí. Féadfaidh an cúisí iarratas a dhéanamh ar chúnamh dlíthiúil, áfach.

## IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

- 11.21** Féadfar iarratas ar Athbhreithniú Breithiúnach a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt i gcoinne orduithe ó chúirteanna a bhfuil dlínse áitiúil nó theoranta acu (sa chleachtas, ciallaíonn sé sin cúirteanna trialach seachas an Phríomh-Chúirt Choiriúil) i gcás go ngníomhaíonn na cúirteanna sin thar dhlínse. Ní ceart ginearálta achomhairc é an leigheas seo. Ní fhéadfaidh an Ard-Chúirt earráidí a rinneadh laistigh de dhlínse a cheartú ná cinntí fóirais a chur ar neamhní. Tá orduithe a bhfuil na nithe seo i gceist leo i measc na n-orduithe a fhéadfar a iarraidh: iallach a chur ar chúirt a bhfuil dualgas chun gníomhú uirthi gníomhú amhlaidh; toirmeasc a chur ar chúirt tabhairt faoi ghníomhaíocht mhíchuí; nó cinneadh ó chúirt a rinneadh thar a dlínse a neamhniú. A luaithe a bheidh triail ghiúiré ar bun, beidh drogall ar an Ard-Chúirt idirghabháil a dhéanamh ar mhodh athbhreithniú breithiúnach.

## AN CHÚIRT UACHTARACH

- 11.22** Ar aon dul le dlínse achomhairc na Cúirte Uachtaraí, ní mór, i ngach cás, gur deimhin léi de réir Airteagal 34 den Bhunreacht:
- a) gur cinneadh é lena ngabhann ní a bhfuil tábhacht phoiblí i gcoitinne ann, nó
  - b) gur gá, ar mhaithe leis an gceartas, achomharc chun na Cúirte Uachtaraí a bheith ann.
- 11.23** Ní cúirt ceartúcháin í an Chúirt Uachtarach. Is í an Chúirt Achomhairc a chomhlíonann an ról sin anois. I gcás gur seoladh an chúirt trialach d'earráid in aon phonc ábhartha, tugtar leis an gcóras bunreachtúil anois dlínse don Chúirt Achomhairc chun aon earráid den sórt sin a cheartú: *BS v. DPP* [2017] IESCDT 134.
- 11.24** Is achomharc eisceachtúil a bheidh in aon achomharc a dhéanfar chuig an gCúirt Uachtarach. Chun a shocrú cé acu atá nó nach bhfuil tábhacht phoiblí i gcoitinne ann, tá sé riachtanach, ar an gcéad dul síos, go mbeadh an ponc insonraithe agus, ar an dara dul síos, gur cheart feidhm a bheith ag an bponc de ghnáth maidir le cásanna seachas an ceann atá á bhreithniú. Catagóir iarmharach is ea leasanna an cheartais: *Quinn Insurance Ltd v. Price Waterhouse Cooper*. [2017] IESC 73.
- 11.25** D'ainneoin gur gnách go ndéantar achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach i gcoinne orduithe ón gCúirt Achomhairc, tarlaíonn sé, in imthosca 'eisceachtúla', go bhféadfar achomharc a dhéanamh go díreach ón Ard-Chúirt chuig an gCúirt Uachtarach faoi na critéir thairsí chéanna (rud ar a dtugtar 'achomharc léim chun tosaigh'). Airteagal 34.5.4.
- 11.26** Féadfaidh an Stiúrthóir iarratas a dhéanamh ar achomharc a dhéanamh i gcoinne orduithe ón gCúirt Achomhairc nó ón Ard-Chúirt faoi fhorálacha Airteagal 34. Tá tréimhsí ama an-docht i bhfeidhm ina bhféadfar iarratas a dhéanamh. I gcás go dtiocfaidh atur nae nó abhcóide ar an tuairim go gcomhlíonann breithiúnas nó ordú ón gCúirt Achomhairc nó ón Ard-Chúirt na critéir le haghaidh iarratas ar chead a dhéanamh chuig an gCúirt Uachtarach, nó i gcás go gcreidfídh sé nó sí gur cheart don Stiúrthóir breithniú cuí a dhéanamh ar an ní, ba cheart dó nó di teagmháil a dhéanamh le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lom láithreach.

# 12: Cearta Íospartaigh na Coireachta

## CEARTA ÍOSPARTAIGH NA COIREACHTA AGUS TACAÍOCHT AGUS COSAINT A THABHAIRT DÓIBH

- 12.1** Is é an cuspóir atá leis an gcaibidil seo breacchuntas a thabhairt ar na cearta atá ag íospartaigh na coireachta agus ag a mbaill teaghlaigh faoi Threoir 2012/29/AE ón Aontas Eorpach maidir le híospartaigh agus faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, agus ar na bearta eile atá ar bun le haghaidh chearta íospartaigh na coireachta agus le haghaidh tacaíocht agus cosaint a thabhairt dóibh faoin dlí agus faoi na beartais ionchúisimh atá ann cheana. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil sa Chairt Íospartach ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).
- 12.2** Tháinig an Treoir maidir le híospartaigh i bhfeidhm an 16 Samhain 2015. Is é an tAcht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, an reachtaíocht lenar trasuíodh an Treoir isteach i ndlí na hÉireann.
- 12.3** Sainmhínítear ‘íospartach’ mar seo a leanas san Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta):
- duine nádúrtha a ndearnadh dochar dó nó di, lena n-áirítear dochar fisiciúil, meabhrach nó mothúchánach, nó a d’fhulaing cailteanas eacnamaíoch a tháinig go díreach as cion coiriúil;
  - baill teaghlaigh le duine ar tháinig a bhás nó a bás go díreach as cion coiriúil, ar daoine iad a ndearnadh dochar dóibh de bharr bhás an duine sin.
- 12.4** Áirítear na daoine seo a leanas le ‘baill teaghlaigh’ le híospartach éagtha faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta):
- céile, páirtnéir sibhialta nó comháitritheoir an íospartaigh;
  - leanbh (a chiallaíonn aon duine faoi bhun 18 mbliana d’aois) nó leasleanbh, garleanbh, tuismitheoir, seantuismitheoir, deartháir nó

deirfiúr, leathdheartháir nó leathdheirfiúr, aintín, uncail, nia nó neacht, agus na cleithiúnaithe leis an duine éagtha.

- 12.5** I gcás nach mbeidh cumas ag íospartaigh cúram a dhéanamh dá ngnóthaí féin, is mar íospartaigh choireachta a chaithfidh an t-ionchúisitheoir le baill teaghlaigh le daoine den sórt sin.
- 12.6** Aon duine atá faoi imscrúdú maidir le cion a bhaineann le bás íospartaigh nó a cúisíodh i gcion den sórt sin, ní thiocfaidh sé nó sí faoin sainmhíniú ar bhall teaghlaigh le híospartach éagtha faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta). Ní bheidh sé nó sí i dteideal a iarraidh ach oiread go dtabharfaí dó nó di achoimre ar na cúiseanna leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

## RÓL AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ AGUS AN GHARDA SÍOCHÁNA

- 12.7** Is thar ceann Phobal na hÉireann, agus ní chun leas aon duine aonair ar leith, a ionchúisíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí cásanna. Beidh aird ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar aon tuairimí a chuir íospartach in iúl le linn di a chinneadh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go ndéanfaidh sí ionchúiseamh nó go nglacfaidh sí le pléadail chiontach in aon chúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna. Cé go mbeidh tábhacht ag baint le tuairimí agus leasanna an íospartaigh, ní bheidh siad ar an aon toisc amháin a chuirfear san áireamh le linn a chinneadh cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go ndéanfar ionchúiseamh nó go nglacfar le pléadail chiontach. Déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí cumarsáid le híospartaigh i dteanga atá soiléir agus intuigthe, cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, agus tabharfaidh sí aird ar aon saintréithe pearsanta atá ag an íospartach, lena n-áirítear aon mhíchumas a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gcumas atá ag an íospartach cumarsáidí den sórt sin a thuiscint nó a thuairim nó a thuairim féin a chur in iúl ar bhealach intuigthe.

**12.8** Déanann an Garda Síochána cinntí ionchúisimh freisin. Féadfaidh sé ionchúisimh a thionscnamh agus a sheoladh in ainm an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí. Ní fhéadfaidh sé é sin a dhéanamh ach amháin i leith cionta atá sonraithe i dTreoir Ghinearálta ón Stiúrthóir lonchúiseamh Poiblí faoi alt 8(4) d'Acht an Gharda Síochána, 2005.

**12.9** I gcás go gcinfidh Ceanntóir de chuid an Gharda Síochána gan duine atá faoi dhrochamhras a ionchúiseamh tar éis imscrúdú a dhéanamh ar chion, féadfaidh íospartaigh a iarraidh go dtabharfaí dóibh achoimre ar chúiseanna agus go ndéanadh an Garda Síochána athbhreithniú ar an gcinneadh sin.

### **AN CHÚIS LEIS AN GCINNEADH GAN IONCHÚISEAMH A DHÉANAMH A FHÁIL ÓN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ**

**12.10** Faoi alt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), féadfaidh íospartaigh a iarraidh go dtabharfaí dóibh achoimre ar an gcúis leis an gcinneadh gan duine a ionchúiseamh i gcion líomhnaithe. Tá feidhm ag an bhforáil sin ón 27 Samhain 2017. Tabharfaidh Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí don íospartach freisin, ach í a iarraidh, achoimre ar an gcúis le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i leith na nithe seo a leanas:

- a) na cinntí uile a rinne sí an 16 Samhain 2015 nó ina dhiaidh gan ionchúiseamh a dhéanamh; agus
- b) cásanna a bhaineann le bás íospartaigh an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó ina dhiaidh.

**12.11** Foráiltear le halt 11 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) nach gceanglófar ar Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí achoimre a thabhairt ar an gcúis le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i gcás go bhféadadh nochtadh den sórt sin:

- a) cur isteach ar an imscrúdú ar chion líomhnaithe; nó
- b) dochar a dhéanamh d'imeachtaí coiriúla atá ar siúl faoi láthair nó a bheidh ar siúl amach anseo i leith cion líomhnaithe; nó

- c) sábháilteacht phearsanta aon duine a chur i mbaol; nó
- d) slándáil an Stáit a chur i mbaol.

**12.12** I gcás íospartach nach labhraíonn Béarla nó Gaeilge nó nach dtuigeann Béarla nó Gaeilge, tabharfaidh Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí don íospartach, ach é a iarraidh, aistriúchán ar an achoimre ar an gcúis le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

**12.13** Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil teorainneacha ama ann nach mór don íospartach achoimre ar an gcúis a iarraidh laistigh díobh. Is é an aidhm atá leis sin riaradh cóir éifeachtúil an cheartais a chinntiú agus na cearta atá ag an íospartach a chothromú leo sin atá ag an duine atá faoi dhrochamhras. Féadfar na teorainneacha ama a shíneadh i gcásanna áirithe. Ní shínfeadh iad, áfach, ach amháin i gcás go mbeidh dea-chúis ann le déanamh amhlaidh agus go mbeidh sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh.

**12.14** Maidir le haon iarrataí ar an gcúis le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, ba cheart iad a dhéanamh i scríbhinn agus a sheoladh chuig:

#### **An tAonad Idirchaidrimh Íospartach Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí Bóthar na hOtharlainne Baile Átha Cliath 7 D07 FHN8**

Ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie), is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise faoi chúiseanna a fháil le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh.

### **ATHBHREITHNIÚ ÓN STIÚRTHÓIR IONCHÚISEAMH POIBLÍ AR CHINNTÍ GAN IONCHÚISEAMH A DHÉANAMH**

**12.15** Aon íospartach a dtabharfar fógra dó nó di faoi chinneadh gan duine a ionchúiseamh i gcion líomhnaithe, féadfaidh sé nó sí, laistigh de 28 lá ón bhfaisnéis a fháil, iarraidh ar an Stiúrthóir lonchúiseamh Poiblí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh lena mbaineann.

**12.16** I gcás gur iarr íospartach achoimre ar an gcúis leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh agus gur tugadh an achoimre sin dó nó di, déanfaidh Oifig an Stiúrthóra

Ionchúiseamh Poiblí athbhreithniú ar an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh tar éis iarraidh a fháil ó íospartach atá míshásta leis an achoimre ar an gcúis a tugadh leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

Mar mhalairt air sin, i gcás nár iarr íospartach achoimre ar an gcúis leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh agus gur mian leis nó léi go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh sin, déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, tar éis iarraidh a fháil ón íospartach, athbhreithniú ar an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

**12.17** Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go leagtar síos leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta) teorainn ama 28 lá nach mór don íospartach athbhreithniú ar chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh a iarraidh laistigh di. Féadfar an teorainn ama a shíneadh i gcásanna áirithe. Ní shínfeadh í, áfach, ach amháin i gcás go mbeidh dea-chúis ann le déanamh amhlaidh agus go mbeidh sé ar mhaithe leis an gceartas déanamh amhlaidh.

**12.18** Maidir le haon iarrataí ar athbhreithnithe ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh, ba cheart iad a dhéanamh i scríbhinn agus a sheoladh chuig:

**An tAonad Idirchaidrimh Íospartach**  
**Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**  
**Bóthar na hOtharlainne**  
**Baile Átha Cliath 7**  
**D07 FHN8**

Ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie), is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise faoi athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh.

**12.19** Déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí breithniú cúramach freisin ar aon iarraidh ó íospartach go scoirfí d'imeachtaí. Ní mór a chur san áireamh, áfach, go bhfuil seans ann nach mbeidh mianta sainráite na n-íospartach ag teacht le leas an phobail. I gcásanna den sórt sin, go háirithe i gcás go mbeidh fianaise eile ann ina luaitear an duine cúisithe sa choir nó i gcás gur gá déanamh amhlaidh de bharr thromchúis an chiona líomhnaithe, is féidir go mbeidh sé riachtanach leanúint d'ionchúiseamh chun leas an phobail beag beann ar mhian an íospartaigh go scoirfí de.

## ACHOMHAIRC I GCOINNE IONCHÚISIMH AGUS ATHBHREITHNITHE AR PHIANBHREITHEANNA

**12.20** Déanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí breithniú ar aon chumarsáid ó gheofar ó íospartaigh na coireachta, nó ó na baill teaghlaigh le híospartaigh na coireachta a fuair bás, atá tinn nó atá éagumasaithe ar shlí eile, i ndáil leis na cumhachtaí a tugadh le dlí don Stiúrthóir chun achomharc nó iarratas a dhéanamh i leith na nithe atá leagtha amach i gCaibidil 11 maidir le hAchomhairc Ionchúisimh agus Athbhreithnithe ar Phianbhreitheanna.

## NA FREAGRACHTAÍ ATÁ AR IONCHÚISITHEOIRÍ I LEITH ÍOSPARTAIGH IN IMEACHTAÍ COIRIÚLA

**12.21** Tá na freagrachtaí seo a leanas ar ionchúisitheoirí i leith íospartaigh na coireachta:

- Cumarsáid a dhéanamh le híospartaigh i dteanga atá soiléir agus intuigthe, cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, agus aird á tabhairt i gcumarsáidí den sórt sin ar aon saintréithe pearsanta atá ag an íospartach, lena n-áirítear aon mhíchumas a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an gcumas atá ag an íospartach na cumarsáidí a thuiscint nó a thuairim nó a tuairim féin a chur in iúl ar bhealach intuigthe.
- Obair i gcomhar leis an nGarda Síochána chun a chinntiú go gcoinneofar an t-íospartach ar an eolas go hiomlán faoi fhorbairt a bhaineann leis an ionchúiseamh coiriúil agus leis na himeachtaí coiriúla a tháinig as an ráiteas gearáin ón íospartach agus as an gcoir a thuairisciú.
- Na Gardaí imscrúdúcháin agus an t-íospartach, agus faisnéis á fáil aige nó aici ó na Gardaí lena mbaineann, a thabhairt cothrom le dátaí faoi iarratais réamhthrialach, faoi iarratais atá os comhair na nUaschúirteanna nó faoi achomhairc i gcoinne an chiontaithe agus/nó na pianbhreithe.
- Ar iarraidh a fháil ón íospartach, cruinniú réamhthrialach a eagrú idir an t-íospartach agus an t-ionchúisitheoir atá ag déileáil leis an gcás.



- e) Na próisis agus na nósanna imeachta a bhaineann le cásanna coiriúla a thriail nó a éisteacht a mhíniú don íospartach agus freagra a thabhairt ar aon cheisteanna atá ag an íospartach fúthu sin. I bhformhór na gcásanna, ní cheadófar don ionchúisitheoir fianaise a phlé le finnétithe nó le híospartaigh sula n-éistfean an cás. Is é an aidhm atá leis sin a chinntiú nach n-inseofar d'fhinnétithe nó d'íospartaigh cén fhianaise ba cheart dóibh a thabhairt agus a chinntiú nach mbeifear in ann a thabhairt le fios gur insíodh dóibh cén fhianaise ba cheart dóibh a thabhairt.
- f) Caitheamh le híospartaigh ar bhealach measúil, gairmiúil, neamh-idirdhealaitheach agus neamhchlaon agus aird chuí a thabhairt ar imthosca pearsanta, cearta agus dínit na n-íospartach.
- g) Éisteacht le tuairimí an íospartaigh agus na tuairimí sin a chur san áireamh. Ní bheidh an t-íospartach i dteideal treoracha a thabhairt don ionchúisitheoir, áfach, maidir leis an dóigh a seolfar an triail nó a n-éistfean an cás.
- h) Féachaint le leasanna íospartach a chosaint chomh maith agus is féidir leo de réir an chumais ghairmiúil atá acu agus é sin a dhéanamh ar bhealach atá comhsheasmhach leis an dualgas atá orthu i leith na cúirte agus leis an dualgas atá orthu an t-ionchúiseamh a sheoladh thar ceann an Phobail. Ba cheart d'ionchúisitheoirí aird chuí a bheith acu ar an dóchúlacht gurb amhlaidh, maidir le híospartach na coireachta, go mbaifidh an anacair mhothúcháinach agus fhisiciúil a chruthaigh an cion é nó í an athair nuair a ghlaofar é nó í chun fianaise a thabhairt.
- i) An t-íospartach a choinneáil ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú le linn sheoladh na trialach nó éisteacht an cháis, lena n-áirítear aon chinneadh a rinneadh na cúisimh a leagadh i gcoinne an chúisí a athrú nó a mhodhnú nó gan dul ar aghaidh leo agus aon chinneadh a rinneadh glacadh le pléadáil chiontach i gcúiseamh nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna.
- j) Obair i gcomhar leis an nGarda Síochána agus leis an tSeirbhís Chúirteanna chun a chinntiú gur féidir leis an íospartach na himeachtaí coiriúla a thuiscint agus gur féidir é nó í a thuiscint iontu, lena n-áirítear aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas nuair is infheidhme:
  - a. an measúnú a rinne an Garda Síochána ar an íospartach faoi alt 15 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, lena n-áirítear aon bhearta speisialta a sainithníodh a bheith riachtanach le linn imeachtaí coiriúla
  - b. Cúnamh a thabhairt ar mhodh ateangaireachta agus/nó aistriúcháin de réir ailt 22 go 25 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017
- k) Aird na cúirte a tharraingt, i gcásanna cuí, ar na cumhachtaí seo a leanas: an chumhacht chun ordú a dhéanamh faoi alt 6 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, á cheangal go n-íocfar cúiteamh i leith aon díobhála pearsanta nó aon chaillteanais phearsanta a tháinig as an gcion (nó as aon chion eile a chuir an chúirt san áireamh le linn di pianbhreith a chinneadh) le haon duine a d'fhulaing díobháil nó caillteanas den sórt sin; an chumhacht chun ordú a dhéanamh faoi alt 56 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001, go ndéanfar maoin a goideadh a aiseag i gcás go gciontaítear duine i gcion faoi threoir na gadaíochta (cibé acu is í an ghoid an chuid riachtanach den chion nó nach ea), nó i gcás go gciontaítear duine in aon chion eile ar ina leith a cuireadh an ghoid san áireamh le linn pianbhreith a chinneadh; agus, de bhun alt 84 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008, an chumhacht chun ordú aisig a dhéanamh faoi alt 56 i leith maoin atá lasmuigh den Stát.
- l) Aird chuí a thabhairt ar Airteagal 10 de Threoir 2012/29/AE ón Aontas Eorpach maidir le híospartaigh, ar faoina bhun atá sé de cheart ag íospartaigh na coireachta éisteacht a fháil le linn imeachtaí coiriúla agus fianaise a thabhairt. Áirítear leis sin an ceart chun éisteacht a fháil ag céim na pianbhreithe d'imeachtaí coiriúla, ar ceart é a thugtar faoi alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, arna leasú le halt 31 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017. Áirítear leis freisin an ceart a thabharfar, faoi rogha na cúirte, chun éisteacht a fháil ag éisteacht ar iarratas ar bhannaí de réir alt 9A den Acht um Bannaí, 1997, arna chur isteach le halt 8 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2017.

## ÉIFEACTH AN CHIONA AR AN ÍOSPARTACH

**12.22** Tarraingeoidh an t-ionchúisitheoir aird na cúirte atá ag forchur na pianbhreithe ar fhorálacha alt 5 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, arna leasú le halt 31 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, agus tabharfaidh sé nó sí don chúirt sin aon fhianaise nó aon aighneacht a fuarthas ón íospartach nó ó bhall teaghlaigh le híospartach atá éagtha, tinn nó éagumasaithe ar shlí eile de dheasca an chiona maidir leis an éifeacht a bhí ag an gcion ar an íospartach.

**12.23** Le linn dí pianbhreith a fhorchur ar dhuine a ciontaíodh i gcion, i gcás gur fhulaing íospartach dochar a tháinig go díreach as an gcion, lena n-áirítear dochar fisiciúil, meabhrach nó mothúchánach, nó cailteanas eacnamaíoch, ní mór don chúirt atá ag forchur na pianbhreithe aird a thabhairt ar an éifeacht a bhí ag an gcion ar an íospartach. Nuair is gá, is féidir go bhfaighidh an chúirt fianaise nó aighneachtaí a bhaineann le haon éifeacht (cibé acu is éifeacht fhadtéarmach nó éifeacht de chineál eile i) a bhí ag an gcion ar an duine ar ina leith a rinneadh an cion. I gcás go n-iarrfaidh an t-íospartach amhlaidh, ní mór don chúirt an fhianaise ón íospartach maidir le héifeacht an chiona a éisteacht. I gcás gur leanbh faoi bhun 14 bliana d'aois é nó í an t-íospartach, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir fianaise den sórt sin a thabhairt. Sa chleachtas, féadfaidh tuismitheoir nó caomhnóir fianaise den sórt sin a thabhairt thar ceann leanaí suas le 18 mbliana d'aois. I gcás go bhfuair an t-íospartach bás, go bhfuil sé nó sí tinn nó go bhfuil sé nó sí éagumasaithe ar shlí eile de dheasca an chiona, féadfaidh ball teaghlaigh leis an duine sin fianaise a thabhairt ar éifeacht an chiona. I gcás íospartach a bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi, féadfaidh an t-íospartach féin, ball teaghlaigh nó tuismitheoir nó caomhnóir fianaise den sórt sin a thabhairt. Sainmhínítear 'ball teaghlaigh' mar seo a leanas faoi alt 5(6) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1993, arna leasú le halt 31 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017:

- a) céile, páirtnéir sibhialta nó comháitritheoir an duine;
- b) leanbh (a chiallaíonn aon duine faoi bhun 18 mbliana d'aois), leasleanbh, garleanbh, tuismitheoir, seantuismitheoir, deartháir,

deirfiúr, leathdheartháir, leathdheirfiúr, uncail, aintín, nia nó neacht leis an duine;

- c) cleithiúnaí leis an duine; nó
- d) aon duine eile a measann an chúirt go bhfuil baint sách dlúth aige nó aici leis an duine.

**12.24** Tá tuilleadh faisnéise d'íospartaigh na coireachta nó dá mbaill teaghlaigh a bhfuil ceisteanna acu faoi fhianaise ar an tionchar ar an íospartach ar fáil i mbileog faisnéise dar teideal 'Ráiteas Tionchair Íospartaigh a Dhéanamh'. Is féidir an bhileog faisnéise sin a fháil ar shuíomh Gréasáin Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

## IMEACHTAÍ AR SHLÍ SEACHAS GO POIBLÍ

**12.25** I gcás gurb amhlaidh, de bharr chineál nó imthosca an cháis, gur gá íospartach na coire a chosaint ar íospairt thánaisteach agus athíospairt, ar imeaglú nó ar fhrithbheart agus nach mbeadh sé contrártha do leasanna an cheartais sa chás déanamh amhlaidh, déanfaidh an t-ionchúisitheoir iarratas, de réir alt 19, nuair is infheidhme, agus alt 20 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, chuig an mbreitheamh atá ag seoladh na n-imeachtaí, á iarraidh go ndéanfaí an pobal nó aon chuid den phobal, nó aon duine nó daoine ar leith, a eisiamh ón gcúirt le linn imeachtaí den sórt sin. Le linn dó nó di iarratas den sórt sin a dhéanamh, beidh aird ag an ionchúisitheoir ar aon riachtanais shonracha chosanta a sainaithníodh i gcás go ndearnadh measúnú ar íospartach aon chaire líomhnaithe faoi alt 15 d'Acht 2017.

Beidh an t-iarratas ón ionchúisitheoir gan dochar don cheart a bheidh ag na daoine seo a leanas chun fanacht sa chúirt: tuismitheoir, gaol nó cara leis an íospartach; oibrí tacaíochta de rogha an íospartaigh; duine cuí ar ceapadh é nó í chun an t-íospartach a thionlacan; nó tuismitheoir, gaol nó cara le cúisí i gcás nach bhfuil aois iomlán ag an gcúisí. Beidh cead ag oifigigh don chúirt agus ag ionadaithe bona fide an phreasa fanacht sa chúirt. Ní dhéanann iarratais den sórt sin aon difear don chumhacht atá ag an gcúirt chun an pobal nó aon duine a eisiamh ón gcúirt faoi aon achtú eile nó faoi aon riail dlí, amhail alt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981.

**12.26** Déanfaidh an t-ionchúisitheoir iarratas faoi alt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981, chuig an mbreitheamh atá ag seoladh na n-imeachtaí, á iarraidh go ndéanfaí gach duine, seachas oifigigh don chúirt, daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis na himeachtaí, ionadaithe bona fide an Phreasa agus cibé daoine eile (más ann dóibh) a dtabharfaidh an breitheamh, dá rogha féin, cead dóibh fanacht i láthair, a eisiáimh ón gcúirt le linn na héisteachta. Beidh an t-iarratas ón ionchúisitheoir gan dochar don cheart a bheidh ag na daoine seo a leanas chun fanacht sa chúirt: tuismitheoir, gaol nó cara leis an íospartach; oibrí tacaíochta de rogha an íospartaigh; nó tuismitheoir, gaol nó cara le cúisí i gcás nach bhfuil aois iomlán ag an gcúisí. Féadfar iarratais den sórt sin a dhéanamh i leith imeachtaí a bhaineann le liosta cionta gnéasacha, mar atá leagtha amach san Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981. Ní áirítear leis an liosta sin gach cion gnéasach. Mar shampla, ní fhéadfar iarratas a dhéanamh faoi alt 6 d'Acht 1981 i leith cion ionsaithe ghnéasaigh. Tá an liosta iomlán de na cionta a bhfuil feidhm ag alt 6 maidir leo leagtha amach in **"AGUISÍN 2: Imeachtaí ar Shlí seachas go Poiblí"**.

### **FIANAISE A THABHAIRT TRÍ NASC TEILIFÍSE BEO, TRÍ IDIRGHABHÁLAÍ AGUS TRÍ SCÁILEÁIN A CHUR**

**12.27** Forálacha lena leagtar amach na féidearthachtaí le haghaidh fianaise a thabhairt i gcúirt trí nasc teilifíse beo, trí idirghabhálaí agus trí scáileáin nó gléasanna comhchosúla a úsáid, leagtar amach iad i gCuid III den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna leasú leis an Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, agus leis an Acht um Fhoréigean Baile, 2018. Tá feidhm ag na féidearthachtaí sin maidir le himeachtaí i ndáil le "cionta iomchuí" a liostaítear san Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna leasú. Folaíonn siad cionta gnéasacha (ionsaí gnéasach san áireamh) agus cionta lena mbaineann foréigean. Tá liosta iomlán de na "cionta iomchuí" leagtha amach in **"AGUISÍN 3: Fianaise a Thabhairt trí Nasc Teilifíse Beo, trí Idirghabhálaí agus trí Scáileáin a Chur"**.

**12.28** Déanfaidh an t-ionchúisitheoir iarratas chuig an gcúirt faoi ailt 13, 14 nó 14A den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna leasú, i gcás gur cuí leis nó léi déanamh amhlaidh, ar chead a thabhairt d'íospartach na coireachta ar finné

é nó í fianaise a thabhairt trí nasc teilifíse beo nó trí idirghabhálaí nó ar scáileán nó gléas comhchosúil eile a chur in áit chúil chun nach bhfeicfidh an t-íospartach an cúis le linn don íospartach fianaise a thabhairt. De réir alt 19 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, i gcás inarb infheidhme, tabharfaidh an t-ionchúisitheoir aird, le linn dó nó di a chinneadh cé acu a dhéanfaidh nó nach ndéanfaidh sé nó sí iarratas den sórt sin, ar aon riachtanais shonracha chosanta arna sainithint i gcás go ndearnadh measúnú ar íospartach an chionta líomhnaithe faoi alt 15 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017.

### **FIANAISE TRÍ NASC TEILIFÍSE**

**12.29** Foráiltear le halt 13 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna leasú, gurb amhlaidh, in imeachtaí a bhaineann le "cion iomchuí", go bhféadfaidh duine faoi bhun 18 mbliana d'aois (seachas an cúisí) fianaise a thabhairt trí nasc teilifíse beo mura léir don bhreitheamh cúis mhaith dá mhairt. I gcás ar bith eile, féadfaidh finné fianaise a thabhairt trí nasc teilifíse beo le cead ón mbreitheamh.

I gcás go mbeidh an duine atá ag tabhairt fianaise ina íospartach nó ina híospartach de bharr cion nach "cion iomchuí" é, féadfaidh an breitheamh, faoi alt 13(1A), cead a thabhairt don fhinné fianaise a thabhairt trí nasc teilifíse beo.

### **FIANAISE TRÍ IDIRGHABHÁLAÍ**

**12.30** Foráiltear le hailt 14 agus 19 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna leasú, gurb amhlaidh, in imeachtaí a bhaineann le "cion iomchuí", i gcás go mbeidh duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois nó a bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi ag tabhairt fianaise trí nasc teilifíse beo, go bhféadfaidh an breitheamh, ar iarratas a fháil ón ionchúiseamh nó ón gcúisí, a ordú go ndéanfaí aon cheisteanna a bheidh le cur ar an bhfinné a chur trí idirghabhálaí más deimhin leis nó léi, agus aird á tabhairt aige nó aici ar aois nó staid mheabhrach an fhinné, gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas. Ceapfaidh an chúirt idirghabhálaí den sórt sin.

I gcás go mbeidh an duine faoi bhun 18 mbliana d'aois nó a bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi atá ag tabhairt fianaise trí nasc teilifíse

beo ina íospartach nó ina híospartach de bharr cion nach “cion iomchuí” é, féadfaidh an breitheamh, faoi alt 14(1A), a ordú go ndéanfaí aon cheisteanna a bheidh le cur a chur trí idirghabhálaí, más deimhin leis nó léi gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas.

## SCÁILEÁIN A CHUR

- 12.31** Foráiltear le halt 14A den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna leasú, gurb amhlaidh, in imeachtaí arna dtionscnamh tar éis an 30 Bealtaine 2018 agus a bhaineann le “cion iomchuí”, i gcás go mbeidh duine atá faoi bhun 18 mbliana d’aois ag tabhairt fianaise ar bhealach seachas trí nasc teilifíse beo, go bhféadfaidh an breitheamh, ar iarratas a fháil ón ionchúiseamh nó ón gcúisí, a ordú go gcuirfí scáileán nó gléas comhchosúil eile in áit chúí chun nach bhfeicfidh an finné an cúisí le linn don fhinné fianaise a thabhairt, seachas i gcás gur deimhin leis an mbreitheamh in imthosca uile an cháis nach mbeadh ordachán den sórt sin ar mhaithe leis an gceartas.

I gcás go mbeidh duine (faoi bhun nó os cionn 18 mbliana d’aois) atá ag tabhairt fianaise trí nasc teilifíse beo ina íospartach nó ina híospartach de bharr cion nach “cion iomchuí” é, féadfaidh an breitheamh, faoi alt 14A(2), a ordú go gcuirfí scáileán nó gléas comhchosúil eile in áit chúí chun nach bhfeicfidh an finné an cúisí le linn don fhinné fianaise a thabhairt, más deimhin leis nó léi gur gá déanamh amhlaidh ar mhaithe leis an gceartas.

- 12.32** I gcás go mbeidh Breitheamh ag déanamh cinneadh faoi ailt 13(1A), 14(1A) nó 14A(2) in imeachtaí nach “cion iomchuí” é an cion, ar cheann amháin de na bearta in ailt 13, 14 nó 14A a chur ar fáil d’íospartach an chiona sin, féachfaidh an breitheamh, de réir alt 14AA, don ghá leis an íospartach a chosaint ar íospairt thánaisteach agus athíospairt, ar imeaglú nó ar fhrithbheart, agus aird á tabhairt aige nó aici ar chineál an cháis, ar imthosca an cháis agus ar aon saintréithe pearsanta atá ag an íospartach.
- 12.33** I gcás go mbeidh íospartach coireachta ina fhinné nó ina finné in imeachtaí coiriúla agus go mbeidh sé nó sí lasmuigh den Stát, breithneoidh an t-ionchúisitheoir iarratas a dhéanamh de réir mar is cuí faoi alt 67 den Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach), 2008, nó alt

13 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna leasú, ar chead a thabhairt don fhinné fianaise a thabhairt trí nasc teilifíse beo ó áit lasmuigh den Stát. Beidh sé faoin mbreitheamh atá ag éisteacht an iarratais a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart cead a thabhairt don fhinné fianaise den sórt sin a thabhairt sna himthosca. Maidir le halt 67 d’Acht 2008, ní mór don fhinné bheith i stát ainmnithe agus ní mór don bhreitheamh bheith deimhin de nach bhfuil sé inmhianaithe ná indéanta don fhinné fianaise a thabhairt go pearsanta.

## CEISTIÚ I NDÁIL LE SAOL PRÍOBHÁIDEACH AN ÍOSPARTAIGH AGUS NOCHTADH ÁBHAIR ÍOGAIR

- 12.34** Tabharfaidh an t-ionchúisitheoir aird ar fhorálacha alt 21 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017. Foráiltear leis an alt sin go bhféadfaidh an chúirt aon ordacháin is ceart agus is cuí leis a dhéanamh maidir le haon fhianaise a tugadh ar aird nó a lorgáidh a thabhairt ar aird agus le haon cheist a cuireadh le linn croscheistiú ag an triail, ar fianaise nó ceist í a bhaineann le saol príobháideach an íospartaigh agus nach mbaineann leis an gcion.
- 12.35** Á aithint dó nó di gur de chineál príobháideach agus gur minic de chineál íogair a bhíonn an-chuid den ábhar a bhféadfaí a nochtadh a lorg in imeachtaí coiriúla, go háirithe in imeachtaí a bhaineann le cionta gnéasacha, tabharfaidh an t-ionchúisitheoir, a mhéid is féidir agus de réir theorainn na bhfreagrachtaí dlíthiúla, ar na leasanna príobháideachta atá ag íospartaigh i dtaca le nochtadh, faoi mar atá leagtha amach sna Meabhráin Tuisceana a tugadh chun críche le roinnt gníomhaireachtaí chun cabhrú leis an bpróiseas um ábhar íogair a nochtadh.

- 12.36** Maidir leis an nós imeachta cúirte i dtaca le taifid chomhairleoireachta a nochtadh de réir alt 19A den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna chur isteach le halt 39 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, mar atá leagtha amach i míreanna 9.15 go 9.18 de Chaibidil 9, beidh sé amhlaidh sa ghnáthchúrsa nach bhfaca an t-ionchúisitheoir na taifid chomhairleoireachta i gceist agus beidh sé faoin

gcúirt a chinneadh cé acu a nochtfar nó nach nochtfar na taifid sin. Mar sin féin, déanfaidh an t-ionchúisitheoir:

- a) a chur in iúl don íospartach go bhfuil sé de rún ag an ionchúisitheoir iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt ar thaifead comhairleoireachta a nochtadh, i gcás nach ndearna an cúisí aon iarratas den sórt sin ar nochtadh agus go gcreideann an t-ionchúisitheoir go mbeadh sé ar mhaithe leis an gceartas dá nochtfaí taifead comhairleoireachta;
- b) a chur in iúl don íospartach go bhfuil teidlíocht aige nó aici agus ag aon duine a bhfuil na taifid ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú go n-éistfeadh leis nó léi i ndáil le hiarratas ar thaifid chomhairleoireachta a nochtadh, agus a chur in iúl don íospartach go bhfuil teidlíocht aige nó aici i leith ionadaíocht dhlíthiúil a fháil chun na críche sin le linn an iarratais. Arna iarraidh sin ón íospartach, déanfaidh an t-ionchúisitheoir teagmháil leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, a eagróidh an ionadaíocht dhlíthiúil sin;
- c) iarratas a dhéanamh chuig an gcúirt ar gach duine a eisiamh ón gcúirt le linn an t-iarratas a éisteacht, seachas oifigigh don chúirt agus daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis na himeachtaí agus aon duine eile a chinnfidh an chúirt.

## FIANAISE I NDÁIL LE TAITHÍOCHT CHOLLAÍ

- 12.37** Foráiltear le halt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981, nach bhféadfar fianaise a thabhairt ar aird ná ceisteanna a chur le linn croscheistiú maidir le haon taithíocht chollaí de chuid an íospartaigh, seachas í sin a mbaineann an chúis léi, gan réamhchead a fháil ón gcúirt. Tá feidhm ag an tsriantacht sin maidir le hionchúiseamh i leith 'cion ionsaithe ghnéasaigh', a chuimsíonn liosta de chionta gnéasacha, lena n-áirítear banéigean agus ionsaí gnéasach, de réir an tsainmhíne in Acht 1981. Tá liosta iomlán de na cionta a bhfuil feidhm ag an bhforáil sin maidir leo leagtha amach in "AGUISÍN 4: Fianaise i ndáil le Taithíocht Chollaí".

De réir fhorálacha ailt 3, 4, 4A agus 6(2) den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981, déanfaidh an t-ionchúisitheoir:

- a) agóid i gcoinne ceisteanna a bheith á gcur ar fhinné agus/nó fianaise a bheith á tabhairt ar aird ag an gcúisí i ndáil le haon taithíocht chollaí de chuid an íospartaigh le duine ar bith, seachas í sin a mbaineann an chúis léi, i gcás nach bhfuarthas réamhchead ón gcúirt;
- b) a chur in iúl don íospartach gur thug an cúisí fógra go bhfuil sé de rún aige nó aici iarratas a dhéanamh:
  - (i) faoi alt 3 – iarratas a dhéanamh chuig an mbreitheamh trialach – ar chead le haghaidh an t-íospartaigh a chroscheistiú i ndáil le haon taithíocht chollaí de chuid an íospartaigh le duine ar bith, seachas í sin a mbaineann an chúis léi; nó
  - (ii) faoi alt 4 – iarratas a dhéanamh chuig an mbreitheamh atá ag seoladh imeachtaí faoi Chuid 1A den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, maidir le cúis lena mbaineann cion ionsaithe ghnéasaigh a chaitheamh amach nó le fianaise duine a thabhairt trí theistíocht i gcás cion ionsaithe ghnéasaigh – ar chead chun fianaise a thabhairt ar aird nó ceist a chur, ar nithe iad nach bhféadfaí a thabhairt ar aird ná a chur gan cead a fháil ón mbreitheamh trialach dá mba rud é gurbh ionann na himeachtaí agus triail mar atá amhlaidh faoi alt 3.
- c) a chur in iúl don íospartach go bhfuil teidlíocht aige nó aici go n-éistfeadh leis nó léi i ndáil leis an iarratas ón gcúisí, agus go bhfuil teidlíocht aige nó aici i leith ionadaíocht dhlíthiúil a fháil chun na críche sin le linn an iarratais (féach mír 12.38 thíos) – arna iarraidh sin ag an íospartach, déanfaidh an t-ionchúisitheoir teagmháil leis an mBord um Chúnamh Dlíthiúil, a eagróidh an ionadaíocht dhlíthiúil sin;
- d) iarratas a dhéanamh chuig an mbreitheamh trialach ar gach duine a eisiamh ón gcúirt le linn an t-iarratas ón gcúisí a éisteacht, seachas oifigigh don chúirt agus daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis na himeachtaí agus aon duine eile a chinnfidh an chúirt – gan dochar don cheart atá ag tuismitheoir,

gaol nó cara leis an íospartach, nó ag an gcúisí i gcás nach mbeidh aois iomlán ag an gcúisí, fanacht sa chúirt.

- e) cur i gcoinne an iarratais ón gcúisí más amhlaidh, i dtuairim an ionchúisitheora, nach mbeadh sé cóir don chúisí dá ndiúltófaí don fhianaise a thabhairt ar aird nó don cheist a chur, agus aird á tabhairt ar fhorálacha ailt 3(2)(b) agus 4(2) d'Acht 1981.

**12.38** Cé gur leis na himeachtaí uile i leith 'cion ionsaithe ghnéasaigh' a ghabhann an ceanglas cead a fháil ón gcúirt chun ceisteanna a chur ar fhinné agus/nó chun fianaise i ndáil le taithíocht chollaí an íospartaigh a thabhairt ar aird, níl feidhm maidir le gach 'cion ionsaithe ghnéasaigh' ag an teidlíocht atá ag íospartach, de réir alt 4A den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981, go n-éistfead leis nó léi nó i leith ionadaíocht dhlíthiúil a fháil le linn iarratas ó chúisí faoi ailt 3 nó 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981 mar a shainmhínítear é in Acht 1981. Mar shampla, ní áirítear cion an ionsaithe ghnéasaigh le teidlíocht an íospartaigh. Tá liosta iomlán de na cionta a bhfuil feidhm ag alt 4A maidir leo leagtha amach in "**AGUISÍN 5: Ionadaíocht Dhlíthiúil i gCás go dTabharfar Fianaise i nDáil le Taithíocht Chollaí ar Aird**".

## COMHAIRLE DLÍ

**12.39** Oibreoidh ionchúisitheoirí leis an nGarda Síochána chun a chinntiú go mbeidh íospartaigh in ionchúisimh i leith cionta gnéasacha ar an eolas faoin teidlíocht atá acu i leith comhairle dlí saor in aisce a fháil, rud a eagraíonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil de réir fhorálacha alt 26(3A) den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995. Tá liosta sa rannán seo de na cionta gnéasacha a bhfuil an t-íospartach i dteideal comhairle dlí saor in aisce a fháil ina leith. Níl feidhm ag an teidlíocht sin maidir le hionchúisimh i leith gach ciona ghnéasaigh. Mar shampla, ní áirítear cion an ionsaithe ghnéasaigh leis an teidlíocht. Tá liosta iomlán de na cionta a bhfuil comhairle dlí saor in aisce ar fáil ina leith leagtha amach in "**AGUISÍN 6: Comhairle Dlí**".

**12.40** Tá duine a shainnítear a bheith ina íospartach nó ina híospartach amhrasta ciona gáinneála ar dhaoine i dteideal comhairle dlí saor in aisce a fháil, rud a eagraíonn an Bord um Chúnamh Dlíthiúil de réir fhorálacha alt 26(3B) den Acht um Chúnamh Dlíthiúil

Sibhialta, 1995. Tá feidhm ag an teidlíocht maidir le is cuma cé acu a tionscnaíodh nó nár tionscnaíodh ionchúiseamh i leith an chiona gáinneála ar dhaoine. Maidir le cinntí ar cé acu is ann nó nach ann d'fhorais réasúnacha chun a chreidiúint gur íospartach ciona gáinneála ar dhaoine é duine, déanann an Garda Síochána iad faoi shocruithe riaracháin chun na híospartaigh sin a chosaint.

## SAORÁIL FAISNÉISE

**12.41** Is féidir faisnéis maidir le hiarrataí chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí faoin dlí um shaoráil faisnéise a fháil i gcaibidil 16 agus ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

## SONRAÍ PEARSANTA

**12.42** Is féidir faisnéis maidir le conas a phróiseálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sonraí pearsanta faoin dlí um chosaint sonraí a fháil i gcaibidil 16.

## GEARÁIN

**12.43** Ionchúisitheoirí nó baill d'fhoireann an Stiúrthóra a thagann ar an eolas faoi dhuine ar bith ar mian leis nó léi gearán a dhéanamh faoi sheirbhísí ar sholáthair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iad agus a ndearnadh dífead dóibh go díreach, tabharfaidh siad eolas do na daoine sin faoin mBeartas Gearáin. Is féidir faisnéis maidir leis an mBeartas Gearáin a fháil i gCaibidil 16 agus ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

**12.44** Íospartaigh na coireachta, nó baill teaghlach le híospartaigh na coireachta a fuair bás, atá tinn nó atá éagumasaithe ar shlí eile, ar daoine iad atá míshásta le cinneadh gan ionchúiseamh, féadfaidh siad achoimre ar na cúiseanna leis an gcinneadh nó athbhreithniú ar an gcinneadh a iarraidh. Is próiseas é sin atá ar leithligh ó ghearán a dhéanamh faoi sheirbhísí ar sholáthair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iad. Tá plé ar iarrataí ar chúiseanna nó ar athbhreithniú le fáil i míreanna 12.10 go 12.19 thuas agus is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar shuíomh Gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

# 13: Triail Achomair

- 13.1** Is iad An Garda Síochána a thionscnaíonn formhór mór na gcásanna a ndéileáiltear leo sa Chúirt Dúiche gan aon tagairt díreach a dhéanamh d'Oifig an DPP. Leagtar amach i gCaibidil 7 amach na himthosca inar chóir don Gharda Síochána treoir a lorg ó Oifig an DPP sula gcuirtear cúisimh ar aghaidh i gcásanna indíotáilte nó i gcásanna ar dócha go n-éistfeadh ar díotáil iad. Tá an Garda Síochána údaraithe tús a chur le himeachtaí achoimre in ainm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcásanna ach amháin na cásanna sin a mbíonn teagasc, treoracha nó orduithe mionsonraithe eisithe ag Coimisinéir an Gharda Síochána nó ag an Stiúrthóir ina leith gan sin a dhéanamh, nó sin a dhéanamh tar éis treoir a lorg ó Oifig an DPP agus sin amháin.
- 13.2** Sa chás go mbeidh comhairle ghinearálta nó shonrach eisithe ag an Stiúrthóir chuig an Garda Síochána nó treoracha faoi alt 8 d'Acht an Gharda Síochána 2005 ní mór don Gharda Síochána an chomhairle nó na treoracha sin a chomhlíonadh. Is breis iad na Treoirí seo ar aon chomhairle nó treoracha den sórt sin agus níl siad i gceist go dtógfadh na Treoirí tús áite orthu.
- 13.3** Tá cead ag an nGarda Síochána in aon chás treoracha sonracha a lorg ón Stiúrthóir fiú i gcás de chineál achomair ina mbeidh údarú acu ionchúiseamh a dhéanamh in ainm an Stiúrthóra gan treoir shonrach.
- 13.4** Le linn don Gharda Síochána ionchúiseamh a dhéanamh faoin údarás arna thairmligean dóibh ag an Stiúrthóir agus le linn cásanna a chur i láthair sa chúirt thar ceann an Stiúrthóra, táthar ag súil go gcomhlíonfaidh siad dualgais ionchúisitheoirí mar atá leagtha amach sna Treoirí.
- 13.5** Is é an teorainn ama reachtúil do thosach feidhme imeachtaí achoimre sa chuid is mó cásanna ná sé mhí, siúd is go bhforáiltear teorainneacha ama reachtúla níos faide i gcásanna áirithe.

## ROGHNÚ IDIR TRIAIL AR DÍOTÁIL AGUS TRIAIL ACHOMAIR AGUS TOILIÚ LE TRIAIL ACHOMAIR

- 13.6** Ar leith ó chinneadh a dhéanamh maidir leis an gcúiseamh cuí nó maidir leis na cúisimh chúí, caithfidh an t-ionchúisitheoir breithniú a dhéanamh, seachas maidir le cionta achoimre, i dtaobh an ceart an t-ionchúiseamh a dhéanamh sa Chúirt Dúiche nó ar díotáil. D'fhéadfadh trí chineál cásanna a bheith ann:
- I gcás ina mbeidh cionta cruthaithe ag an reachtas ar cionta iad a fhéadfar a thriail go hachomair nó ar díotáil gan seans a thabhairt don chúisí i dtaca le hionad na trialach a roghnú, ansin is faoin ionchúisitheoir atá sé an t-ionad a roghnú. Má tharlaíonn sé gurb é cinneadh an ionchúisitheora ionchúiseamh a dhéanamh go hachomair beidh an cinneadh sin faoi réir an breitheamh den Chúirt Dúiche a bheith sásta gur mionchion atá i gceist agus gur cion é atá oiriúnach lena thriail go hachomair.
  - Is é atá sa dara cineál cáis ná cásanna ina bhfuil rogha ag an gcúisí dul faoi thriail sa Chúirt Dúiche nó ar díotáil. I gcásanna den sórt sin, beidh rogha an chúisí i leith trialach achoimre faoi réir an breitheamh do chomhaontú gur mionchion atá i gceist agus gur cion é atá oiriúnach lena thriail go hachomair agus, ina theannta sin, faoi réir thoiliú an ionchúisitheora agus ní mór don ionchúisitheoir a chinneadh an cuí an toiliú sin a thabhairt. Áirítear ar na cásanna sin "cionta sceidealta" de réir bhrí alt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1951, mar aon le roinnt cásanna reachtúla eile.
  - Catagóir eile cásanna nach mór don ionchúisitheoir breithniú a dhéanamh ina leith cásanna ar féidir déileáil leo faoi alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967, a bhaineann le cionta indíotáilte a fhéadfar a chur de lámh sa Chúirt Dúiche ar phléadail ciontach.

- 13.7** Ní féidir déileáil le catagóir de cionta tromchúiseacha, lena n-áirítear cionta dúnmharaithe agus banéigin, áfach, ach amháin sa Phríomh-Chúirt Choiriúil.
- 13.8** Tá triail achomair beartaithe chun ceartas a riaradh chomh tapa agus is féidir. Ba chóir d'ionchúisitheoirí féachaint do thionchar aon mhóile is dócha a thioctadh as rogha ionaid, aon bhuntáiste (cosc san áireamh) a réiteach níos tapúla, agus an mbeadh tionchar mór dochrach ag moill ar íospartach an chion nó ar fhinné. Níor chóir go mbeadh i ndlús diúscartha ach fachtóir amháin agus ba chóir don ionchúisitheoir féachaint freisin do chineál an cháis agus an ionann na himthosca agus cinn a dhéanann cion tromchúiseach den chion atá líomhnaithe agus nach mbeadh sé oiriúnach déileáil leis go hachomair.
- 13.9** Le linn a chinneadh an roghnófar cás a chur de lámh go hachomair nó an dtóileofar le cás a chur de lámh sa tslí sin, cibé acu ar phléadáil ciontach nó ar shlí eile, is é an príomhrud atá le cur san áireamh ná an mbeadh na roghanna pianbhreithe atá ar fáil don Chúirt Dúiche dóthanach chun déileáil leis an iompar líomhnaithe a ndearnadh gearán ina leith ag féachaint d'imthosca uile an cháis agus go háirithe do thromchúis an chion. I dtaca leis seo de, a mhéid a bhaineann le cineálacha áirithe cionta, tá toiliú ginearálta nó rogha ghinearálta tugtha ag an Stiúrthóir do chomhaltaí den Gharda Síochána agus do ghníomhaireachtaí ionchúisimh eile déileáil le cionta den sórt sin sa Chúirt Dúiche gan aon ghá teagmháil a dhéanamh, roimh ré, lena Oifig nó comhad imscrúdaithe a chur faoi bhráid a Oifige roimh ré. Samplaí de chásanna atá san earnáil seo is ea seilbh ar dhrugaí rialaithe d'úsáid phearsanta. Fiú amháin sna cineálacha sin cásanna, áfach, is ceart don Gharda Síochána treoracha a lorg i gcás ina bhféadfadh fíorais áirithe an cháis, mar shampla iolracht cionta den sórt sin nó taifead cúisí roimhe sin nó imthosca méadaitheacha eile, a thabhairt le fios nár leor na roghanna pianbhreithe atá ar fáil sa Chúirt Dúiche.



# 14: Fianaise Comhchoirithe

- 14.1** Is minic go gcothaíonn cinneadh comhchoirí a ghairm chun fianaise a thabhairt don ionchúiseamh breithnithe a bhíonn ag teacht trasna ar a chéile rud a éilíonn go gcaitear breithiúnas cúramach a dhéanamh i ndáil leis an bhfianaise go léir a bhíonn ar fáil. Níl dul thairis, áfach, nach mbeidh cásanna ann gurb é an t-aon fianaise a bhíonn ar fáil don ionchúiseamh ná fianaise chomhchoirí nó nach mbeadh cás dóthanach ann chun ionchúiseamh a thionscnamh gan fianaise chomhchoirí. D'fhéadfadh cásanna a bheith ann freisin ina dtabharfadh fianaise comhchoirí, cé nach í an t-aon fhianaise sa chás í nó nach mbeadh sí bunriachtanach don chás, tacaíocht shuntasach don ionchúiseamh.
- 14.2** Chomh maith leis an gceist faoi ar chóir comhchoirí a ghairm d'fhéadfaí an cheist a ardú ar chóir an comhchoirí sin a ionchúiseamh freisin. Maidir leis seo, mura ndéileáiltear leis an gcomhchoirí i ndáil lena rannpháirtíocht féin sa ghníomhaíocht choiriúil is ábhar don chúiseamh in aghaidh an chosantóra nó mura mbíonn díolúine ó ionchúiseamh bronnta air nó uirthi, d'fhéadfadh sé nó sí a bheith i riocht pribhléid a éileamh in aghaidh féin-ionchoirí i ndáil leis an ábhar céanna sin ar mian leis an ionchúiseamh a thabhairt ar aird i bhfianaise.
- 14.3** De ghnáth, ba chóir go ndéanfaí aon chás in aghaidh comhchoiríú a dhiúscairt sula ndéantar an comhchoiríú a ghairm chun fianaise a thabhairt in aghaidh daoine cúisithe eile i ndáil leis an gcion céanna.
- 14.4** In imthosca áirithe d'fhéadfadh sé a bheith stuama lamháltais a dheonú do dhaoine a ghlac páirt i gcionta líomhnaithe chun go mbeadh a gcuid fianaise ar fáil in aghaidh daoine eile. D'fhéadfadh go mbeadh san áireamh ar lamháltais den sórt sin:
- slánaíocht in aghaidh ionchúisimh;
  - glacadh le pléadail ciontach ar níos lú cúiseamh nó ar chúiseamh níos lú ná a d'fhéadfaí leanúint ar aghaidh leis, nó comhaontú go ndéileálfar leis an gcás nó toiliú go ndéileálfar leis ar shlí achomair.
- 14.5** Féadfar slánaíocht a dheonú i ndáil le hiompar coiriúil atá déanta ach ní féidir leis an Stiúrthóir sin a dheonú chun iompar sa todhchaí a chlúdach.
- 14.6** Is ceist don Stiúrthóir aon chinneadh maidir le slánaíocht nó lamháltas eile. Agus an cheist sin á cinneadh, mar aon leis an áit a luíonn an meá, cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh:
- tábhacht, inchreidteacht agus iontaofacht fhianaise an chomhchoirí;
  - a mhéid ba dhealraitheach an comhchoirí a bheith páirteach sa ghníomhaíocht choiriúil atá faoi chaibidil i gcomparáid le rannpháirtíocht an chúisí a bhfuil an comhchoirí ina fhinné ina aghaidh nó ina haghaidh;
  - chomh láidir atá fianaise an ionchúisimh in aghaidh an chosantóra d'uireasa na fianaise a bhfuiltear ag súil a fhéadfaidh an comhchoirí a thabhairt agus, más féidir cúiseamh nó cúisimh áirithe a chruthú in aghaidh an chosantóra gan fianaise an chomhchoirí, a mhéid a léireodh na cúisimh sin ciontach dhealraitheach an chosantóra go dóthanach;
  - a mhéid is dóchúla go neartófaí fianaise an ionchúisimh dá dtabharfadh an comhchoirí fianaise agus tábhacht agus iontaofacht na fianaise sin;
  - an bhféadfadh an t-ionchúiseamh a chás a dhéanamh gan a bheith ag brath ar an bhfianaise a d'fhéadfadh an comhchoirí a thabhairt (mar shampla, an dóchúlacht go nochtfaid tuilleadh imscrúduithe dóthain fianaise neamhspleách chun aon laige sa chás a leigheas) nó an bhféadfadh fianaise a bheith ar fáil ó fhoinsí eile;

- f) cibé an bhfuil an fhianaise a d'fhéadfadh an finné a thabhairt riachtanach go réasúnach chun ciontú an duine chúisithe a dhaingniú;
- g) cibé an bhfuil dóthain fianaise inghlactha, nó ar dócha go mbeadh dóthain fianaise inghlactha ann, chun cúisimh in aghaidh an chomhchoirí a fhódú, agus cibé ar chun leasa an phobail é go ndéanfaí an comhchoirí a ionchúiseamh murach go mbeadh sé nó sí ullamh fianaise a thabhairt don ionchúiseamh;
- h) cibé, dá ndéanfaí an comhchoirí a ionchúiseamh agus ansin go dtabharfadh sé nó sí fianaise, an bhfuil bunús iarbhír ann lena chreidiúint go mbeadh a shábháilteacht phearsanta nó a sábháilteacht phearsanta i mbaol;
- i) cibé an gcomhaontaíonn an duine a bheith ar fáil chun fianaise a thabhairt ag aon triail agus gach ceist a d'fhéadfaí a chur air nó uirthi a fhreagairt go macánta;
- j) carachtar, creidmheas agus teist choiriúil an chomhchoirí.

## AN CLÁR UM DHÍOLÚINE CAIRTÉIL

- 14.7** Is ann do shocruithe speisialta maidir le hiarratais ar dhíolúine thar ceann ciontóirí a bhfuil gníomhaíochtaí i gcairtéil mhídhleathacha ina raibh siad páirteach tuairiscithe acu. Tá comhaontú idir an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus an Coimisiún um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí faoin tslí le hiarratais den sórt sin a bhreithniú agus leagann Clár um Dhíolúine Cairtéil, atá foilsithe, amach polasaí an Stiúrthóra agus an Údaráis agus tugann imlíne ar an bpróiseas trína gcaithfidh páirtithe aontú comhoibriú chun go gcáileodh siad don díolúine. Tá an Clár foilsithe ar láithreán gréasáin an Stiúrthóra ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie) agus ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um lomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ag [www.ccpc.ie](http://www.ccpc.ie).

# 15: Coigistiú, Forghéilleadh agus Dícháiliú

**15.1** Le linn ionchúisimh choiriúla nó imeachtaí gaolmhara a sheoladh, cibé acu nuair atá an diúscairt deiridh ar siúl nó ag aon chéim chuí eile, ba cheart d'ionchúisitheoirí a chinntiú go bhfuil na cúirteanna ar an eolas go hiomlán faoi aon chumhacht, dualgas nó lánrogha atá acu faoi fhorálacha reachtacha maidir le coigistiú, urghabháil, coinneáil, forghéilleadh, díothú, diúscairt, cúlghairm nó dícháiliú. Cé gur cheart aird a thabhairt ar chearta aon pháirtí neamhchiontaigh a bhféadfaí difear a dhéanamh dó nó di, ba cheart don ionchúisitheoir orduithe a lorg, i gcás inarb iomchuí, chun a chinntiú nach mbainfidh ciontóirí brabús as a n-iompar coiriúil agus go mbeidh maoin nó cistí atá bainteach le cionta a dhéanamh faoi réir coigistiú nó forghéilleadh.

## COIGISTIÚ FAOI CHUID II DEN ACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL, 1994

**15.2** Saincheist nach mór a bhreithniú agus comhairle a fháil ina leith ó thús gach cáis is ea coigistiú. Níor chreat breathnú ar choigistiú mar rogha eile atá de bheis ar imeachtaí pianbhreithe a thionscnamh nó ar ionchúiseamh a sheoladh. Is le linn dó nó di an comhad a ullmhú nó a chur isteach ba cheart don imscrúdaitheoir aghaidh a thabhairt ar an gceist faoi cé acu a bheadh nó nach mbeadh sé cuí iarratas a dhéanamh ar choigistiú, agus ba cheart don oifigeach gairmiúil atá ag déileáil leis an gcás an cheist sin a bhreithniú le linn ionchúiseamh a ordú. Foráiltear go sonrath le Cuid II den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, do choigistiú tar éis ciontú ar díotáil. Tá feidhm aici maidir le gáinneáil ar dhruaí agus le cionta eile nach mbaineann le gáinneáil ar dhruaí ná le maoiniú na sceimhlitheoireachta. Mar thoradh ar Ionstraim Reachtuil Uimh. 540 de 2017 (Rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le hIonstraimeachtaí agus Fáltais ó Choireacht a Chalcadh agus a Choigistiú, 2017), a tháinig

in éifeacht an 28 Samhain 2017, rinneadh breiseanna ar Chuid II den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994. Ón uair sin i leith, is amhlaidh, i dtaca le 'cionta iomchuí' a liostaítear in Acht 1994, go bhféadfar iarratas ar choigistiú a dhéanamh i dtaca leis na fáltais ón gcion ar leith ar ciontaíodh an ciontóir ann agus i dtaca leis na fáltais ó iompar arb ionann é agus an cion sin (coigistiú leathnaithe).

**15.3** I gcás go gciontófar duine ar díotáil agus go bhforchuirfear pianbhreith air nó uirthi nó go ndéileálfar leis nó léi ar shlí eile i dtaca le cion na gáinneála ar dhruaí, ceanglaítear ar an gcúirt le halt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, a chinneadh an amhlaidh nó nach amhlaidh gur bhain an duine tairbhe as gáinneáil ar dhruaí. Ceanglaítear ar an gcúirt le halt 8F den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, a chinneadh freisin an amhlaidh nó nach amhlaidh gur bhain an duine tairbhe as iompar arb ionann é agus gáinneáil ar dhruaí. Má chinneann an chúirt amhlaidh, faoi réir fhorálacha ailt 4 agus 8F, caithfidh sí ordú coigistíochta a dhéanamh sa ní. Beidh sé éigeantach cinntí den sórt sin a dhéanamh mura rud é, tar éis réamhfhiosruithe a dhéanamh, gur deimhin leis an gcúirt nach mbeadh an tsuim, más ann, a d'fhéadfaí a ghnóthú ina húdar le hordú coigistíochta a dhéanamh más amhlaidh, mar shampla, nach bhfuil aon acmhainní ná sócmhainní ag an duine. Foráiltear le halt 5(4) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, do thoimhde reachtuil gur i ndáil le gáinneáil ar dhruaí a sheol sé nó sí a fuarthas aon sochar a d'fhabhraigh an duine sna sé bliana sular tosaíodh imeachtaí coiriúla ina aghaidh nó ina haghaidh.

**15.4** I gcás go gciontófar duine ar díotáil agus go bhforchuirfear pianbhreith air nó uirthi nó go ndéileálfar leis nó léi ar shlí eile i dtaca le cion mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, tugtar lánrogha don Stiúrthóir le halt 8A den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, iarratas

a dhéanamh chuig an Stiúrthóir ar ordú coigistíochta, agus tugtar lánrogha don chúirt ordú den sórt sin a dhéanamh, má chinntear go bhfuil an duine ciontaithe ag sealbhú cistí atá faoi réir coigistíú.

- 15.5** I gcás go gciontófar duine ar díotáil agus go bhforchuirfear pianbhreith air nó uirthi nó go ndéileálfar leis nó léi ar shlí eile i dtaca le cion seachas gáinneáil ar dhrugaí nó maoiniú na sceimhlitheoireachta, tugtar lánrogha don Stiúrthóir le halt 9 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, iarratas a dhéanamh chuig an Stiúrthóir ar ordú coigistíochta, agus tugtar lánrogha don chúirt ordú den sórt sin a dhéanamh, má chinntear gur bhain an duine tairbhe as an gcion ar ciontaíodh é/í ann.
- 15.6** I gcás go gciontófar duine ar díotáil agus go bhforchuirfear pianbhreith air nó uirthi nó go ndéileálfar leis nó léi ar shlí eile i dtaca le liosta de na 'cionta iomchuí' a liostaítear san Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, arna leasú, tugtar lánrogha don Stiúrthóir le halt 8F den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, iarratas a dhéanamh ar ordú coigistíochta, agus tugtar lánrogha don chúirt ordú den sórt sin a dhéanamh, má chinntear gur bhain an duine tairbhe as an gcion ar ciontaíodh é/í ann nó as iompar arb ionann é agus an cion sin.
- 15.7** Le linn cinneadh a dhéanamh ar aon cheisteanna a thagann chun cinn faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, maidir le cé acu a bhain nó nár bhain duine tairbhe as gáinneáil ar dhrugaí, as maoiniú na sceimhlitheoireachta nó as cionta eile, nó maidir leis an tsuim atá le gnóthú i ngach cás, is é an caighdeán cruthúnais a theastaíonn chun na ceisteanna sin a chinneadh ná an caighdeán is ísle is infheidhme maidir le himeachtaí sibhialta, i.e. de réir na ndóchúlachtaí, mar a fhoráiltear dó le hailt 4(6), 8A(6), 8F(8) agus 9(7) d'Acht 1994.
- 15.8** Foráiltear le Cuid III den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, d'orduithe coigistíochta a fhorfheidhmiú, do ghiladóirí a cheapadh i leith maoin inréadaithe agus d'orduithe calctha, orduithe coimhdeacha nó orduithe athraithe a dhéanamh lena gcaomhnaítear maoin lena coigistíú féideartha sa todhchaí tar éis ciontú. Foráiltear le halt 24 d'Acht 1994 go bhféadfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, in imthosca a shonraítear le halt 23 d'Acht

1994, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar orduithe calctha lena dtoirmiscear daoine déileáil le maoin inréadaithe. Ba cheart dul i ndáil chomhairle le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí go pras i gcás go bhféadfaidh aon orduithe forfheidhmiúcháin den sórt sin a bheith cuí.

## FORGHÉILLEADH AIRGID Ó GHÁINNEÁIL AR DHRUGAÍ A ALLMHAIRÍTEAR NÓ A ONNMHAIRÍTEAR IN AIRGEAD TIRIM

- 15.9** I gcás go mbeidh forais réasúnacha ann chun a mheas go ndearnadh airgead tirim os cionn suim áirithe a allmhairiú nó a onnmhairiú, ar suim í atá in ionannas go díreach nó go hindíreach leis na fáltais ó choireacht, nó atá beartaithe lena húsáid i dtaca le haon iompar coiriúil, tugtar údarás don Gharda Síochána nó d'Oifigigh Chustam agus Máil le halt 38 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, chun daoine a chuardach agus airgead tirim á lorg acu nó chun airgead tirim a urghabháil agus a choinneáil. I gcás go ndéanfar airgead tirim a urghabháil agus a choinneáil faoi alt 38, féadfaidh breitheamh de chuid na Cúirte Cuarda forghéilleadh an airgid thirim a ordú má dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iarratas ar ordú den sórt sin faoi alt 39 d'Acht 1994. Ní mór don bhreitheamh de chuid na Cúirte Cuarda a bheith deimhin de go bhfuil an t-airgead tirim in ionannas go díreach nó go hindíreach leis na fáltais ó choireacht nó go bhfuil sé beartaithe ag duine é a úsáid i dtaca le haon iompar coiriúil. Is é an caighdeán cruthúnais a theastaíonn in iarratais den sórt sin ná an caighdeán is ísle is infheidhme maidir le himeachtaí sibhialta, i.e. de réir na ndóchúlachtaí, mar a fhoráiltear dó le halt 39(3) d'Acht 1994.

## FORGHÉILLEADH I GCÁS CIONTA DRUGAÍ

- 15.10** Féadfar ordú forghéillte faoi alt 30(1) den Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977, a dhéanamh i gcás go gciontófar duine i gcion faoin Acht um Mí-Úsáid Drugaí, 1977, nó i gcion gáinneála ar dhrugaí de réir bhrí an Achta um Cheartas Coiriúil, 1994. Féadfar forghéilleadh a ordú i ndáil le haon ní ar deimhin leis an gcúirt

ina leith go mbaineann sé leis an gcion agus féadfar é a dhíothú nó féadfar déileáil leis ar cibé modh eile is cuí leis an gcúirt.

## MAOIN A URGHABHTAR GO DLEATHACH A FHORGHÉILLEADH

- 15.11** Féadfar ordú forghéillte faoi alt 61(1) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, a dhéanamh i leith maoin a urghabhadh go dleathach ó dhuine a ciontaíodh ina dhiaidh sin i gcion nó i leith maoin a bhí i seilbh an duine chiontaithe nó faoina rialú tráth na gabhála nó na toghairme. Ní mór don chúirt a rinne an ciontú a bheith deimhin de gur úsáideadh an mhaoin chun aon chion a dhéanamh, nó chun déanamh aon chion a éascú, nó gur beartaíodh í a úsáid chun na críche sin, nó gurb é a bhí sa chion ná seilbh neamhdhleathach ar mhaoin a urghabhadh go dleathach nó a bhí i seilbh nó faoi rialú an duine chiontaithe tráth na gabhála nó na toghairme. I dtaca le 'cionta iomchuí' a liostaítear san Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, féadfar ordú géillte faoi alt 61(1) a dhéanamh i leith maoin a úsáideadh nó ar beartaíodh í a úsáid chun aon chion a dhéanamh, nó chun déanamh aon chion a éascú, fiú i gcás nár urghabhadh an mhaoin go dleathach nó nach raibh sí i seilbh an duine chiontaithe tráth na gabhála nó na toghairme.

## AIRM THINE NÓ PLÉASCÁIN A FHORGHÉILLEADH

- 15.12** Faoi alt 23 d'Acht na nArm Teine, 1925, féadfar airm thine, airm thoirmisceithe nó armlón a fhorghéilleadh nó a dhiúscairt, agus féadfar aon deimhniú arm tine a shealbhaítear a chealú le hordú ón gcúirt a rinne an ciontú. Tá feidhm aige sin i gcás go gciontófar aon duine i gcion faoi Acht 1925 nó in aon choir ar ina leith a fhorchuirtear pianbhreith ar an duine nó a ordaítear don duine dul faoi bhanna chun an tsíocháin a choinneáil nó bheith dea-iompartha, rud atá coinníollach ar arm tine gan a bheith i seilbh an duine nó á iompar aige nó aici.
- 15.13** Faoi alt 61(1A) den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994, ní mór don chúirt a rinne an ciontú forghéilleadh arm tine nó pléascán a ordú i leith daoine a chiontaítear i gcionta faoi na

forálacha seo a leanas mura rud é go mbeadh baol tromáí éigeartais ann dá ndéanfadh sí an t-ordú:

- a) Explosive Substances Act 1883 – ailt 3 nó 4;
- b) Acht na nArm Teine, 1925 – alt 15;
- c) Acht na nArm Tine, 1964 – alt 27A;
- d) An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Sceimhlitheoireachta), 2005 – alt 6.

## STIÚRTHÓIRÍ CUIDEACHTA AGUS DAOINE EILE A DHÍCHÁILIÚ

- 15.14** Foráiltear le halt 839 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, do dhícháiliú uathoibríoch daoine a chiontaítear ar díotáil in aon chion i ndáil le cuideachta faoi Acht 2014 (nó faoi aon achtachán eile a fhéadfar a fhorordú) nó in aon chion lena mbaineann calaois nó mímhacántacht. Maireann an dícháiliú tréimhse 5 bliana tar éis dháta an chiontaithe nó cibé tréimhse eile (atá níos faide nó níos giorra) a ordóidh an chúirt, ar iarratas a fháil ón ionchúisitheoir nó ón duine chiontaithe, tar éis aird a thabhairt ar imthosca uile an cháis. Is é an fheidhm atá ag orduithe den sórt sin an duine a dhícháiliú ó cheapachán a fháil, nó ó ghníomhú mar stiúrthóir nó mar oifigeach eile, mar iniúchóir reachtúil, mar ghlacadóir, mar leachtaitheoir nó mar scrúdaitheoir de chuid cuideachta de réir bhrí alt 819(6) d'Acht 2014 nó de chuid aon chara-chumainn de réir Achtanna na gCara-Chumann, 1896 go 2014, nó de chuid aon chumainn atá cláraithe faoi na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014, nó ó bheith bainteach le cur chun cinn, foirmiú nó bainistiú aon chuideachta, aon chara-chumainn nó aon chumainn den sórt sin nó páirteach sna nithe sin, ar aon slí, cibé acu go díreach nó go hindíreach.
- 15.15** Tugtar lánrogha don chúirt le halt 842 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, orduithe dícháiliúcháin a dhéanamh uathu féin i leith stiúrthóirí cuideachta agus aicmí áirithe eile daoine atá bainteach le cuideachtaí. Féadfaidh an chúirt orduithe den sórt sin a dhéanamh freisin tar éis iarratas chuige sin a fháil ó na daoine sin a shonraítear in alt 844 d'Acht 2014, lena n-áirítear an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh ar orduithe dícháiliúcháin faoi fho-ailt (a) go (g) d'alt 842.

## FORÁLACHA EILE

**15.16** Tá roinnt mhaith forálacha eile de chineál reachtach agus rialála ann a bhaineann le cineálacha éagsúla coigistíochta, urghabhála, coinneála, forghéillte, díothaithe, diúscartha, cúlghairme nó dícháiliúcháin. Is gnách go dtagann siad as diúscairt chríochnaitheach ionchúiseamh coiriúil ach tá feidhm ag roinnt díobh ag céimeanna cuí eile in imeachtaí coiriúla nó in imeachtaí gaolmhara. Sampla coitianta de sin is ea dícháiliú ó cheadúnas tiomána a shealbhú. Is ábhartha atá an liosta seo a leanas d'fhorálacha reachtúla agus ba cheart d'ionchúisitheoir é a choinneáil i gcuimhne, cé nach liosta cuimsitheach ná uileghabhálach é – níl sé ceaptha ach amháin mar aide-mémoire agus ba cheart an reachtaíocht shonrach lena mbaineann a léamh i ngach cás:

- An tAcht Deocha Meisciúla, 1927 – alt 28 – féadfar an cheadúnas chun deochanna meisciúla a dhíol trí mhiondíol a fhorghéilleadh agus, má fhorghéilltear é, ní dheonófar aon cheadúnas nua.
- An tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939 – alt 22 – forghéillfear an mhaoín uile de chuid eagraíochta más rud é go ndearbhaítear í a bheith neamhdhleathach agus go ndéantar ordú chun í a dhíchur.
- An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 – ailt 26 agus 27 – ordú dícháiliúcháin iarmhartaigh nó fhoghabhálaigh i leith cheadúnas tiomána a shealbhú.
- An tAcht um Fhiadhúlra, 1976 – alt 76 – féadfar aon eiseamal flora, fauna, iontaise nó mianraí nó aon chuid, táirge nó díorthach d'eiseamal den sórt sin nó aon arm tine, gaiste, dol, líon nó aon fheithicil inneallghluaiste nó aon soitheach nó aerárthach a fhorghéilleadh.
- An tAcht um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1985 – alt 2 – féadfar airgead atá a choinneáil ag bainc agus a gcreidtear gur le heagraíocht neamhdhleathach é a fhorghéilleadh.
- An tAcht Custam agus Máil (Forálacha Ilghnéitheacha), 1988 – ailt 6, 7 agus 8 – coinneáil, urghabháil agus forghéilleadh earraí agus feithicilí, long, bád, carráistí nó córacha iompair eile, capall nó ainmhithe eile agus rudaí a mbaintear úsáid astu, i gcásanna nach n-íoctar dleacht allmhairithe nó ina ndéantar sárúithe ar aon toirmeasc nó srian ar allmhairiú nó onnmhairiú.
- An tAcht um Fhístaifeadtaí, 1989 – alt 28 – féadfar fístaifeadtaí a bhaineann le cionta faoin Acht a fhorghéilleadh agus a dhíothú nó a dhiúscairt ar shlí eile.
- Acht na nArm Tine agus na nArm lonsaitheach, 1990 – alt 13 – féadfar airm agus airteagail eile a fhorghéilleadh agus a dhíothú nó a dhiúscairt ar shlí eile.
- An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 – alt 41 – coinneáil, aistriú, stóráil agus diúscairt feithicilí atá á dtiomáint ag daoine atá dícháilithe nó nach bhfuil cheadúnas tiomána, cead foghlaimeora, árachas, cáin bhóthair, deimhniú NCT nó deimhniú ródacmhainneachta acu.
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998 – alt 8 – féadfar aon rud a urghabhatar faoi alt 7 d'Acht 1998, nó aon rud a suífead ina leith chun sástacht na cúirte go bhfuil baint aige leis an gcion, a fhorghéilleadh agus a dhíothú nó a dhiúscairt ar shlí eile.
- An tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 – ailt 145 agus 264 – féadfar cóipeanna, taifeadtaí, earraí nó feistí atá sáráitheach nó aindleathach a fhorghéilleadh d'úinéir an chóipchirt nó na gceart, nó féadfar iad a dhíothú nó a dhiúscairt ar shlí eile.
- An tAcht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000 – alt 4 – forghéilleadh aon loinge, báid, aerárthaigh nó feithiclé inneallghluaiste agus trealamh ghaolmhair, feisteas gaolmhar agus fearas gaolmhar.
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 – alt 97(21) – féadfar deimhnithe áirithe arna ndeontú ag údarás pleanála a chúlghairm más rud é go bhfuarthas iad ar scór dearbhú reachtúil nó faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach i bponc ábhartha nó nach bhfuil fíor.

- An tAcht um Dhearáí Tionscail, 2001 – alt 72 – féadfar táirgí sáraitheacha nó airceadail sháraitheacha a fhorghéilleadh don dílseánach cláraithe nó a dhíothú nó a dhiúscairt ar shlí eile.
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Gadaíochta agus Calaoise), 2001 – ailt 15 agus 50 – féadfar airceadail nó rudaí a urghabhatar a fhorghéilleadh agus a dhíothú nó a dhiúscairt, nó féadfar déileáil leo ar shlí eile.
- An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 2010 – alt 60 – urghabháil ceadúnais tiomána, nó ceada foghlaimeora, nó doiciméid a airbheartaíonn gur doiciméad díobh sin é, i gcás go bhfuil duine ag tiomáint le linn dó nó di bheith dícháilithe, nó i gcás go bhfuarthas an doiciméad lena mbaineann go calaoiseach, nó gur brionnaíodh nó gur athraíodh é.
- An tAcht um Shláinte agus Leas Ainmhithe, 2013 – ailt 57 go 60 – maidir le hainmhithe, táirgí ainmhíocha, nó beatha d’ainmhithe, dícháiliú ón méid seo a leanas a mhéid a bhaineann le hainmhithe: úinéireacht orthu; leas iontu, iad a choinneáil; déileáil iontu; bheith i bhfeighil orthu, nó smacht a bheith orthu, go díreach nó go neamhdhíreach; oibriú leo; rialú nó smacht ar mharú, ar mhonarú, ar allmhairiú, ar ullmhú, ar láimhseáil, ar stóráil, ar iompar, ar dháileadh ina leith – urghabháil agus coinneáil tráth an dícháiliúcháin i gcás na n-ainmhithe go léir atá faoi úinéireacht, á sealbhú nó faoi rialú – urghabháil agus coinneáil tráth an chiontaithe agus díol, diúscairt nó díothú ina dhiaidh sin i gcás na n-ainmhithe go léir a shealbháitear nó a choinnítear - forghéilleadh ainmhithe, táirgí ainmhíocha, beatha d’ainmhithe, soithí, feithiclí, aerárthaí, trealaimh nó innealra.
- An tAcht um Rialáil Tacsaithe, 2013 – alt 30 – dícháiliú sainordaitheach ó cheadúnais tiománaithe beagfheithicle seirbhíse poiblí a shealbhú má chiontaítear an duine i gcionta sonraithe áirithe.
- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018 – ailt 17, 20 agus 21 – forghéilleadh aon bhronntanais, aon chomaoine nó aon bhuntáiste ar glacadh leis nó léi nó a fuarthas i ndáil le cionta áirithe faoin Acht nó, mar mhalairt air sin, forghéilleadh talún, airgid thirim nó maoine eile dar luach combhionann – forghéilleadh aon oifige, aon phoist nó aon fhostaíochta mar ‘oifigeach Éireannach iomchuí’ mar a shainmhínítear san Acht agus toirmisc ar feadh tréimhse ar áitiú aon oifige den sórt sin a lorg – urghabháil breabanna amhrasta – forghéilleadh maoine i gcás gur deimhin leis an gcúirt, ar iarratas a fháil ón Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, gurb ionann í agus bronntanas nó comaoin a úsáideadh nó ar beartaíodh í a úsáid chun cionta áirithe faoin Acht a dhéanamh, cibé acu a thionscnaítear nó nach dtionscnaítear imeachtaí i gcoinne duine as cion a bhfuil an bronntanas nó an chomaoin lena mbaineann bainteach leis.

# 16: Cumarsáid leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

## CUMARSÁIDÍ ATÁ CEADAITHE AGUS CUMARSÁIDÍ ATÁ TOIRMISCTHE

**16.1** Le halt 6 den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974, toirmeasctar cumarsáidí áirithe leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus le hoifigigh an Stiúrthóra i gcás ina mbaineann na cumarsáidí sin le himeachtaí coiriúla. Rinneadh feidhm alt 6 a leathnú le halt 2 den Acht um Cheartas Coiriúil 1993 agus le hait 21 agus 29 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010.

**16.2** Tá cead faoin dlí ag na daoine seo a leanas scríobh chuig Oifig an Stiúrthóra:

- a) íospartach coire;
- b) duine de theaghlach íospartaigh coire;
- c) duine cúisithe; nó
- d) duine de theaghlach duine cúisithe; nó
- e) dlíodóir, dochtúir nó oibrí sóisialta atá ag gníomhú thar ceann cliaint.

Ciallaíonn 'duine de theaghlach': banchéile, fearchéile, athair, máthair, seanathair, seanmháthair, leasathair, leasmháthair, mac, iníon, ua, banua, leasmhac, leasiníon, deartháir, deirfiúr, deartháir leasghaolmhar, deirfiúr leasghaolmhar, daoine den teaghlach atá uchtáilte, agus foláíonn sé páirtneir sibhialta.

Seo a leanas an seoladh nach mór scríobh chuige:

**Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí**  
**Bóthar na hOtharlainne**  
**Baile Átha Cliath 7**  
**D07 FHN8**

**16.3** Tá sé in aghaidh an dlí d'aon duine eile teagmháil a dhéanamh le hOifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun tionchar a imirt ar dhéanamh cinntí maidir leis an méid seo a leanas:

- a) ionchúiseamh a tharraingt siar nó gan ionchúiseamh a thionscnamh – alt 6(1) den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974;
- b) iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc ar athbhreithniú pianbhreithe – alt 2(4) den Acht um Cheartas Coiriúil 1993;
- c) iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc i leith duine a triaileadh ar díotáil agus a éigiontaíodh ag an triail, nó tar éis achomharc a dhéanamh in aghaidh ciontú, nó tar éis achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh den sórt sin ar achomharc, i gcás ina go bhfuil fianaise nua fhíorláidir in aghaidh duine a ciontaíodh tar éis teacht chun bheith ar fáil agus gurb é leas an phobail déanamh amhlaidh – ailt 8(3) agus 21 agus Cuid 3 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010;
- d) iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Achomhairc ar ordú atrialach tar éis éigiontú atá truaillithe mar thoradh ar an duine a éigiontaíodh nó duine eile a chiontú i gcoinne riaradh an cheartais, ar cion é a bhaineann leis na himeachtaí ba chúis leis an éigiontú, i gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil fianaise fhíorláidir ann i gcoinne an duine a éigiontaíodh agus gurb é leas an phobail déanamh amhlaidh - ailt 9(3) agus 21 agus Cuid 3 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010;
- e) achomharc ar cheist dlí chuig an gCúirt Achomhairc i gcoinne éigiontú duine a triaileadh ar díotáil, i gcás ina ndealraíonn sé go ndearna cúirt na trialach fianaise fhíorláidir a eisiáimh go hearráideach, nó gur thug sí ordachán don ghiúiré éigiontú a dhéanamh ar ordachán é a bhí mícheart de réir an dlí agus go raibh fianaise ann sna himeachtaí a d'fhágfadh go mb'fhéidir go mbeadh giúiré sásta le réasún thar amhras réasúnach faoi chiontacht an duine – ailt 23(1)(l) agus 29 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010;



- f) cead a lorg chun achomharc a dhéanamh ar cheist dlí chuig an gCúirt Uachtarach faoi Airteagal 34.5.4 den Bhunreacht i gcoinne éigíontú duine a triailleadh ar díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, i gcás ina ndealraíonn sé go ndearna cúirt na trialach fianaise fhíorláidir a eisiamh go hearráideach, nó gur thug sí ordachán don ghiúiré éigíontú a dhéanamh ar ordachán é a bhí mícheart de réir an dlí agus go raibh fianaise ann sna himeachtaí a d'fhágfadh go mb'fhéidir go mbeadh giúiré sásta le réasún thar amhras réasúnach faoi chiontacht an duine – ailt 23(1)(II) agus 29 agus Cuid 4 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010; nó
- g) cead a lorg chun achomharc a dhéanamh ar cheist dlí chuig an gCúirt Uachtarach faoi Airteagal 34.5.3 den Bhunreacht i gcoinne breithe ón gCúirt Achomhairc gan atriail duine ar neamhnaíodh a chiontú nó a ciontú ar díotáil mar thoradh ar achomharc a ordú, i gcás inar dealraitheach go ndearnadh rialú le linn éisteacht an achomhairc ar rialú é lenar eisiadh fianaise fhíorláidir go hearráideach – ailt 23(2) agus 29 agus Cuid 4 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 2010.

- 16.4** Ma mheastar go bhfuil cumarsáid neamhdhleathach, tá sé de cheangal ar an Stiúrthóir agus ar oifigigh an Stiúrthóra, de réir an dlí, gan aon aird eile a thabhairt ar an gcumarsáid.
- 16.5** Ina theannta sin, rinne Kearns J., in *Linda Eviston v. DPP* [2002] IR 260 ag 279, tagairt do chumarsáidí atá ceaptha chun áiteamh ar an Stiúrthóir ionchúiseamh a thionscnamh mar chumarsáidí atá místuama agus míchuí más daoine seachas iad siúd atá ceadaithe chun scríobh chuig Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí a dhéanann iad (féach mír 16.2 thuas). Ní thugann an Stiúrthóir nó oifigigh an Stiúrthóra aon aird ar chumarsáidí a mheastar a bheith místuama agus míchuí.

## CINNÍ GAN IONCHÚISEAMH A THIONSCNAMH

- 16.6** Tá ceart ag íospartaigh coireachta cúiseanna a iarraidh i ndáil le cinntí a dhéanann an Stiúrthóir lonchúiseamh Poiblí gan

ionchúiseamh a thionscnamh. Tá ceart acu freisin athbhreithniú a iarraidh i ndáil le cinntí gan ionchúiseamh a thionscnamh.

- 16.7** Is iad seo a leanas na catagóirí daoine ar féidir leo iarataí den sórt sin a dhéanamh:
- íospartach coire;
  - duine de theaghlach íospartaigh i gcás marfach;
  - aturnae atá ag gníomhú thar ceann ceachtar de na daoine thuas.

- 16.8** Is ceart iarataí ar chúiseanna agus/nó ar athbhreithnithe i ndáil le cinntí gan ionchúiseamh a thionscnamh a dhéanamh i scríbhinn agus a chur chuig an seoladh seo a leanas:

### An tAonad Idirchaidrimh Íospartach Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí Bóthar na hOtharlainne Baile Átha Cliath 7 D07 FHN8

Tá tuilleadh faisnéise faoi iarataí den sórt sin a dhéanamh ar fáil i gcaibidil 12 agus ar láithreán gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

## SAORÁIL FAISNÉISE

- 16.9** San Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, dearbhaítear an ceart atá ag daoine den phobal chun rochtain a fháil ar fhaisnéis oifigiúil a mhéid is mó is féidir i gcomhréir le leas an phobail, agus leis an gceart atá ag daoine aonair ar phríobháideacht.
- 16.10** De ghnáth, cuireann Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí faisnéis ar fáil don phobal i ndáil lena struchtúr, lena feidhmeanna agus lena gníomhaíochta trína Tuarascáil Bhliantúil, trína Ráiteas Straitéise agus trína Ráiteas faoi Threoirínite Ginearálta d'Ionchúisitheoirí a fhoilsiú. Leanfaidh an Oifig de leathnú a dhéanamh ar an raon faisnéise atá ar fáil don phobal trína láithreán gréasáin.
- 16.11** Tá sé tábhachtach go mbeadh an pobal ar an eolas go dtagann taifid Oifig an Stiúrthóra lonchúiseamh Poiblí faoi réir an tsriain dá bhforáiltear in alt 42(f) den Acht um Shaoráil

Faisnéise 2014. Dá bhrí sin, faoi Acht 2014, níl aon rochtain ar thaifid a shealbhaíonn nó a chruthaíonn an oifig, seachas iad siúd a bhaineann le riaradh ginearálta na hOifige. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil rochtain le fáil, faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, ar thaifid ina bhfuil comhaid choiriúla.

- 16.12** Is ceart iarrataí faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh i scríbhinn ar an bhfoirm iarratais atá ar fáil chuige sin agus iad a chur chuig an seoladh seo a leanas:

**An tOifigeach Saorála Faisnéise,  
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,  
Bóthar na hOtharlainne,  
Baile Átha Cliath 7  
D07 FHN8**

Mar mhalairt air sin, is féidir foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur le ríomhphost chuig: [foi@dppireland.ie](mailto:foi@dppireland.ie).

Tá an fhoirm iarratais agus tuilleadh faisnéise faoi iarrataí den sórt sin a dhéanamh ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ag [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

## SONRAÍ PEARSANTA

- 16.13** Tá fostaithe Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus a cuid gníomhairí faoi réir an dlí um chosaint sonraí le linn dóibh sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann na hOifige agus go háirithe le linn dóibh sonraí pearsanta íogaire a phróiseáil. Le linn di déileáil lena príomhobair ionchúisimh, tá an Oifig faoi réir Threoir 680/2016/AE ('an Treoir') agus Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ('an reachtaíocht um Chosaint Sonraí'). Ba cheart d'fhostaithe agus gníomhairí na hoifige bheith ar an eolas faoi na prionsabail um chosaint sonraí a leagtar amach sa reachtaíocht um Chosaint Sonraí, lena n-áirítear sonraí pearsanta a choinneáil slán sábháilte, a chinntiú go bpróiseálfar sonraí pearsanta go dleathach agus go cothrom, agus gan sonraí pearsanta a phróiseáil ach chun na gcríoch a bhfuarthas iad ina leith.
- 16.14** Ba cheart do bhaill foirne Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus a cuid gníomhairí cúram ar leith a ghlacadh i gcás nach mór dóibh sonraí pearsanta a thógáil amach as Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun

freastal ar an gcúirt nó le haghaidh cruinnithe, á chinntiú nach stórálfar sonraí leictreonacha ach ar chrua-earraí criptithe agus go gcoinneofar comhaid pháipéir go sábháilte i gcónaí. Le linn dóibh sonraí pearsanta leictreonacha a aistriú chuig páirtithe eile nó iad a stóráil go seachtrach, ba cheart dóibh a chinntiú gur sábháilte agus i gcomhréir leis an dlí um chosaint sonraí a bheidh na modhanna a úsáidfear. I gcás go ndéanfar sárú ar shonraí pearsanta, nó go mbeidh amhras ann go ndearnadh sárú den sórt sin, ba cheart teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí lom láithreach.

- 16.15** Ceanglaítear ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí taifead a choinneáil de ghníomhaíochtaí próiseála sonraí, lena n-áirítear taifead de na catagóirí sonraí pearsanta uile arna bpróiseáil agus d'ábhair sonraí. Ní mór an taifead a chur ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí ach é a iarraidh.
- 16.16** Próiseálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sonraí pearsanta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (an Rialachán Ginearálta) agus faoin Treoir. Is i dtaca lena príomhobair ionchúisimh a phróiseálann sí sonraí pearsanta faoin Treoir. Tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le sonraí a phróiseáil i réimsí amhail acmhainní daonna agus riarachán ginearálta. Baineann na Treoirínte sin le príomhobair ionchúisimh na hoifige. Leagtar amach san Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, agus sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018, an bunús dlí do shonraí a phróiseáil sa réimse sin oibre.
- 16.17** Féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí faoi Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ar chóip dá shonraí pearsanta nó dá sonraí pearsanta atá i seilbh na hOifige. Faoi Chuid 5, féadfar an ceart rochtana atá ag an ábhar sonraí a shrianadh in imthosca áirithe, lena n-áirítear i gcás go ndéanfaidh sé dochar d'ionchúiseamh nó d'imscrúdú nó i gcás go mbeidh na hábhair faoi phribhléid. Ní fhéadfar ach sonraí pearsanta an duine atá ag déanamh iarratas ar a shonraí nó a sonraí a thabhairt, agus ní mór na sonraí

pearsanta uile de chuid páirtithe eile a cheilt. Ní ghearrtar aon mhuirear as iarraidh den sórt sin a dhéanamh ach caithfear cruthúnas céannachta a thaispeáint.

- 16.18** Tá toirmeasc ginearálta ann ar shonraí pearsanta a aistriú lasmuigh den Aontas Eorpach faoi Chuid 5 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Féadfar sonraí a aistriú i gcás go mbeidh cinneadh leordhóthanachta ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh á dheimhniú go soláthraíonn an tríú tír (nó an eagraíocht idirnáisiúnta) leibhéal leordhóthanach cosanta do sonraí pearsanta. Murab ann d'aon chinneadh leordhóthanachta maidir leis an tríú tír, foráiltear le halt 98 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, do na sonraí a aistriú i gcás go mbeidh coimircí iomchuí ann i dtaca le sonraí pearsanta a chosaint, agus foráiltear le halt 99 do mhaoluithe le haghaidh imthosca sonracha. Ní mór aon aistriú sonraí chuig tríú tír a bheith ag cloí le ceanglais Chaibidil 5 de Chuid 5 den Acht.

## GEARÁIN

- 16.19** Féadfaidh aon duine atá míshásta le seirbhís a sholáthraíonn Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí. Áiríonn sé sin íospartaigh coire, breithiúna, finnétithe, comhaltaí den Gharda Síochána, Aturnaetha Stáit, abhcóidí a fheidhmíonn thar ceann an Stiúirthóra, daoine den phobal, soláthróirí earraí agus/nó seirbhísí, agus ciontóirí. Ní chlúdaíonn an Beartas maidir le Gearáin míshástacht le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh ar cinntí iad nach ndéileáiltear ar leithligh leo i míreanna 16.6 go 16.8 thuas.
- 16.20** Ba chóir gearáin a dhéanamh i scríbhinn agus a sheoladh chuig:

**An tAonad Cumarsáide  
Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí,  
Bóthar na hOtharlainne,  
Baile Átha Cliath 7  
D07 FHN8**

Further information about the Complaints Policy is available on the Office website at [www.dppireland.ie](http://www.dppireland.ie).

# AGUISÍNÍ

---

# AGUISÍN 1: Taifid Chomhairleoireachta a Nochtadh

## **Cionta a bhfuil feidhm ag alt 19A den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna chur isteach le halt 39 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017, maidir leo (is iad sin na cionta atá liostaithe sa Sceideal a ghabhann leis an Acht um Chiontóirí Gnéis 2001)**

- a) Banéigean;
- b) Ionsaí gnéasach (lena n-áirítear na cionta ar a dtugtar 'ionsaí mígheanasach ar dhuine baineann' agus 'ionsaí mígheanasach ar dhuine fireann');
- c) Tromionsaí gnéasach (de réir bhrí alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú) 1990);
- d) Banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990;
- e) Cion faoi ailt 1 nó 2 den Punishment of Incest Act 1908;
- f) Cion faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006;
- g) Cion faoi ailt 61 nó 62 den Offences against the Person Act 1861;
- h) Cion faoi ailt 3, 4, nó 5 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993;
- i) Cion faoi alt 11 den Criminal Law Amendment Act, 1885;
- j) Cion faoi alt 4 d'Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla, 1935;
- k) Cion faoi ailt 3, 4, 4A, 5, 5A nó 6 den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998;
- l) Cion faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008, a mhéid a dhéantar an cion chun teacht i dtír gnéasach a dhéanamh ar dhuine;
- m) Cion faoi alt 2 den Acht um Chionta Gnéasacha (Dlínse), 1996;
- n) Cion faoi ailt 3, 4, 5, 6, 7, 8, 21 nó 22 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017;
- o) Cion arb é atá ann iarracht a dhéanamh cion dá dtagraítear thuas a dhéanamh; cabhrú nó neartú le déanamh ciona dá dtagraítear thuas, nó comhairliú do dhuine an céanna a dhéanamh, nó é a thabhairt i gcrích nó duine a ghríosú lena dhéanamh; nó comhcheilg cion dá dtagraítear thuas a dhéanamh;
- p) Cion faoi alt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993.

## AGUISÍN 2: Imeachtaí ar Shlí seachas go Poiblí

### Cionta a bhfuil feidhm ag alt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981, arna ionadú le halt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990, agus arna leasú le halt 29 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, maidir leo

- a) “Cion banéigin”, a chiallaíonn, de réir bhrí alt 1 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981:
- i) Banéigean;
  - ii) Iarracht bhanéigin;
  - iii) Buirgléireacht le hintinn banéigean a dhéanamh;
  - iv) Cabhrú nó neartú le banéigean, le hiarracht bhanéigin nó le buirgléireacht le hintinn banéigean a dhéanamh, nó cion acu sin a chomhairliú agus é a thabhairt chun críche;
  - v) Gríosú chun banéigin;
  - vi) Banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990;
  - vii) Iarracht bhanéigin faoi alt 4;
  - viii) Cabhrú nó neartú le banéigean faoi alt 4 nó le hiarracht bhanéigin faoi alt 4, nó cion acu sin a chomhairliú agus é a thabhairt chun críche;
  - ix) Gríosú chun banéigin faoi alt 4;
  - x) Gníomh gnéasach le leanbh faoi bhun 15 bliana d’aois nó 17 mbliana d’aois, contrártha d’ailt 2 nó 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, arna n-ionadú le hailt 16 agus 17 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 – féach alt 6(3)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006;
  - xi) Gníomh gnéasach ag duine a bhfuil údarás aige nó aici le leanbh a bhfuil 17 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici agus nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, contrártha d’alt 3A den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, arna chur isteach le halt 18 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 – féach alt 6(3)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006;
  - xii) Leanbh faoi bhun 17 mbliana d’aois a iarraidh nó a shireadh chun leanbh atá faoi bhun 15 bliana d’aois nó 17 mbliana d’aois a thruailliú nó ionsaí gnéasach a dhéanamh air nó uirthi, nó duine a bhfuil mallachar meabhrach air nó uirthi a iarraidh nó a shireadh chun ionsaí gnéasach a dhéanamh air nó uirthi, contrártha d’alt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993, arna ionadú le halt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2007 – féach alt 3(3)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2007.
- b) Tromionsaí gnéasach;
- c) Iarracht tromionsaithe ghnéasaigh;
- d) Cabhrú nó neartú le haon cheann de na cionta (b) nó (c), nó cion acu sin a chomhairliú agus a thabhairt chun críche;
- e) Gríosú chun tromionsaí gnéasach a dhéanamh;
- f) Comhcheilg aon chion de na cionta (a) – (e) a dhéanamh.

# AGUISÍN 3: Fianaise a Thabhairt trí Nasc Teilifíse Beo, trí Idirghabhálaí agus trí Scáileáin a Chur

## **“Cionta iomchuí” a bhfuil feidhm ag Cuid III den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992, arna leasú le halt 30 den Acht um Cheartas Coiriúil (Íospartaigh na Coireachta), 2017, agus le halt 44 den Acht um Fhoréigean Baile, 2018, maidir leo**

- a) “Cion banéigin”, a chiallaíonn, de réir bhrí alt 2 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992:
  - i) Banéigean;
  - ii) lonsaí gnéasach (de réir bhrí alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú) 1990);
  - iii) Tromionsaí gnéasach (de réir bhrí alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú) 1990);
  - iv) Banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990;
  - v) Cion faoi ailt 3 nó 6 den Criminal Law Amendment Act, 1885;
  - vi) Cion faoi ailt 5 nó 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993;
  - vii) Cion faoi ailt 1 nó 2 den Punishment of Incest Act 1908;
  - viii) Cion faoi ailt 4A nó 5A den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998;
  - ix) Cion faoi alt 249 d’Acht na Leanaí, 2001;
  - x) Cion faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006;
  - xi) Cion faoi ailt 3, 4, 5, 6, 7 nó 8 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017;
  - xii) cion lena mbaineann foréigean nó bagairt foréigin ar dhuine;
- b) cion faoi ailt 3, 4, 5 nó 6 den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998;
- c) cion faoi ailt 2, 4 nó 7 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine), 2008;
- d) cion faoi ailt 33, 38 nó 39 den Acht um Fhoréigean Baile, 2018;
- e) cion arb é atá ann iarracht a dhéanamh cion dá dtagraítear i míreanna (a), (b), (c), (d) nó (e) thuas a dhéanamh, comhcheilg an céanna a dhéanamh, nó cabhrú nó neartú lena dhéanamh, nó comhairliú do dhuine é a dhéanamh, nó é a thabhairt i gcrích nó duine a ghríosú lena dhéanamh.

# AGUISÍN 4: Fianaise i ndáil le Taithíocht Chollaí

## Cionta a bhfuil feidhm ag alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981, arna ionadú le halt 13 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990, agus ag alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981, arna leasú le halt 15 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1999, maidir leo

- a) “Cion banéigin”, a chiallaíonn, de réir bhrí alt 1 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981:
- i) Banéigean;
  - ii) Iarracht bhanéigin;
  - iii) Buirgléireacht le hintinn banéigean a dhéanamh;
  - iv) Cabhrú nó neartú le banéigean, le hiarracht bhanéigin nó le buirgléireacht le hintinn banéigean a dhéanamh, nó cion acu sin a chomhairliú agus é a thabhairt chun críche;
  - v) Gríosú chun banéigin;
  - vi) Banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990;
  - vii) Iarracht bhanéigin faoi alt 4;
  - viii) Cabhrú nó neartú le banéigean faoi alt 4 nó le hiarracht bhanéigin faoi alt 4, nó cion acu sin a chomhairliú agus é a thabhairt chun críche;
  - ix) Gríosú chun banéigin faoi alt 4;
  - x) Gníomh gnéasach le leanbh faoi bhun 15 bliana d’aois nó 17 mbliana d’aois, contrártha d’ailt 2 nó 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, arna n-ionadú le halt 16 agus 17 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 – féach alt 6(3)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006;
  - xi) Gníomh gnéasach ag duine a bhfuil údarás aige nó aici le leanbh a bhfuil 17 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici agus nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, contrártha d’alt 3A den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, arna chur isteach le halt 18 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 – féach alt 6(3)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006;
  - xii) Leanbh faoi bhun 17 mbliana d’aois a iarraidh nó a shireadh chun leanbh atá faoi bhun 15 bliana d’aois nó 17 mbliana d’aois a thruailliú nó ionsaí gnéasach a dhéanamh air nó uirthi, nó duine a bhfuil mallachar meabhrach air nó uirthi a iarraidh nó a shireadh chun ionsaí gnéasach a dhéanamh air nó uirthi, contrártha d’alt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993, arna ionadú le halt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2007 – féach alt 3(3)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2007.
- b) Tromionsaí gnéasach;
- c) Iarracht tromionsaithe ghnéasaigh;
- d) Ionsaí gnéasach;
- e) Iarracht ionsaithe ghnéasaigh;
- f) Cabhrú nó neartú le haon cheann de na cionta (b) – (e), nó cion acu sin a chomhairliú agus a thabhairt chun críche;
- g) Gríosú chun ionsaí gnéasach nó tromionsaí gnéasach a dhéanamh;
- h) Comhcheilg aon chion de na cionta (a) – (g) a dhéanamh.



# AGUISÍN 5: Ionadaíocht Dhlíthiúil i gCás go dTabharfar Fianaise i nDáil le Taithíocht Chollaí ar Aird

**Cionta a bhfuil feidhm ag alt 4A den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981, arna chur isteach le halt 34 den Acht um Chiontóirí Gnéis, 2001, agus arna leasú le halt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, agus le halt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) Leasú, 2007, maidir leo**

- a) “Cion banéigin”, a chiallaíonn, de réir bhrí alt 1 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981:
- i) Banéigean;
  - ii) Iarracht bhanéigin;
  - iii) Buirgléireacht le hintinn banéigean a dhéanamh;
  - iv) Cabhrú nó neartú le banéigean, le hiarracht bhanéigin nó le buirgléireacht le hintinn banéigean a dhéanamh, nó cion acu sin a chomhairliú agus é a thabhairt chun críche;
  - v) Gríosú chun banéigin;
  - vi) Banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990;
  - vii) Iarracht bhanéigin faoi alt 4;
  - viii) Cabhrú nó neartú le banéigean faoi alt 4 nó le hiarracht bhanéigin faoi alt 4, nó cion acu sin a chomhairliú agus é a thabhairt chun críche;
  - ix) Gríosú chun banéigin faoi alt 4;
  - x) Gníomh gnéasach le leanbh faoi bhun 15 bliana d’aois nó 17 mbliana d’aois, contrártha d’ailt 2 nó 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, arna n-ionadú le halt 16 agus 17 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 – féach alt 6(3)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006;
  - xi) Gníomh gnéasach ag duine a bhfuil údarás aige nó aici le leanbh a bhfuil 17 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici agus nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici, contrártha d’alt 3A den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, arna chur isteach le halt 18 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017 – féach alt 6(3)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006;
  - xii) Leanbh faoi bhun 17 mbliana d’aois a iarraidh nó a shireadh chun leanbh atá faoi bhun 15 bliana d’aois nó 17 mbliana d’aois a thruailliú nó ionsaí gnéasach a dhéanamh air nó uirthi, nó duine a bhfuil mallachar meabhrach air nó uirthi a iarraidh nó a shireadh chun ionsaí gnéasach a dhéanamh air nó uirthi, contrártha d’alt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993, arna ionadú le halt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2007 – féach alt 3(3)(b) den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2007.
- b) Aggravated sexual assault;
- c) Attempted aggravated sexual assault;
- d) Aiding, abetting, counselling and procuring (a) or (b);
- e) Incitement to aggravated sexual assault;
- f) Conspiracy to commit any of the offences (a) – (e).

## AGUISÍN 6: Comhairle Dlí

---

### **Cionta a bhfuil feidhm ag alt 26(3A) den Acht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, arna chur isteach le halt 78 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2008, maidir leo**

---

- a) banéigean faoin dlí coiteann;
- b) banéigean faoi alt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean), 1981;
- c) tromionsaí gnéasach faoi alt 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990;
- d) banéigean faoi alt 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Banéigean) (Leasú), 1990;
- e) Leanbh faoi bhun 17 mbliana d'aois a iarraidh nó a shireadh chun leanbh atá faoi bhun 15 bliana d'aois nó 17 mbliana d'aois a thruailliú nó ionsaí gnéasach a dhéanamh air nó uirthi, nó duine a bhfuil mallachar meabhrach air nó uirthi a iarraidh nó a shireadh chun ionsaí gnéasach a dhéanamh air nó uirthi, contrártha d'alt 6 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 1993, arna ionadú le halt 2 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) (Leasú), 2007;
- f) Gníomh gnéasach le leanbh faoi bhun 15 bliana d'aois nó 17 mbliana d'aois, contrártha d'ailt 2 nó 3 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, arna n-ionadú le hailt 16 agus 17 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017;
- g) Gníomh gnéasach ag duine a bhfuil údarás aige nó aici le leanbh a bhfuil 17 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici agus nach bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, contrártha d'alt 3A den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2006, arna chur isteach le halt 18 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha), 2017
- h) Ciorru coil – contrártha d'ailt 1 nó 2 den Punishment of Incest Act 1908.



